# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2021

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

Dia is Muire linn

## RÉAMHRÁ

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht ón gCathaoirleach | 2 |
| Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach | 3 |
| Ráiteas Misin/Fís | 4 |
| Plean Corparáideach | 5 |
| Comhairleoirí Contae | 6 |
| Ceantair Bhardasacha | 8 |
| Coistí um Beartais Straitéiseacha | 17 |

## PLEANÁIL, ACMHAINNÍ DAONNA, CUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA & SEIRBHÍSÍ AILTIREACHTA

| | |
|---|---|
| Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh | 21 |
| Forbairt Chorparáideach | 22 |
| Punann Mhaoine & Bainistíocht Sócmhainní | 23 |
| Cumarsáid | 24 |
| Oifig na Gaeilge | 26 |
| Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 27 |
| Ailtirí | 29 |
| Leabharlann Contae Mhaigh Eo | 31 |
| Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo | 33 |
| Pleanáil & Forbairt | 35 |
| Forfheidhmiú Pleanála & Rialú Tógála | 37 |
| Córais Faisnéise agus Claochlú Digiteach | 40 |

## FIONTAR, POBAL, FORBAIRT GHEILLEAGRACH & TURASÓIREACHT

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht sa Phobal | 45 |
| Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo | 49 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo | 51 |
| Oifig Fiontair Áitiúil | 53 |
| Infheistíocht | 55 |
| Turasóireacht, Áineas & Conláistí | 56 |
| An tAonad Leathanbhanda & Forbartha Digití | 58 |
| Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo | 59 |

## TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSE

| | |
|---|---|
| Tithíocht | 63 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 65 |
| Athbhreithniú Soláthair & Éifeachtúlachta | 69 |

## SEIRBHÍSÍ UISCE, TIMPEALLACHT, AN TATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

| | |
|---|---|
| Uisce Tuaithe | 73 |
| Timpeallacht, an tAthrú Aeráide & Talmhaíocht | 75 |
| An Roinn Tréidliachta | 77 |
| Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo | 78 |
| Rialú Dóiteáin Réigiún an Iarthair | 80 |
| Cosaint Shibhialta | 81 |
| Sábháilteacht Uisce | 83 |

## BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN

| | |
|---|---|
| Airgeadas | 85 |
| Mótarcháin | 89 |

## AGUISÍNÍ

Aguisín 1 – Aguisín 6



**Bhí sé de phribhléid agam ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Chontae seo mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil le gach uile dhuine a chuidigh liom ar an aistear seo an bhliain seo a chuaigh thart, go háirithe mo chlann, mo bhean chéile a bhí taobh thiar díom i gcónaí i rith an ama, na Comhairleoirí, agus na hOifigigh Feidhmiúcháin.**

Is deis í Tuarascáil Bhliantúil 2021 machnamh a dhéanamh ar na dúshláin atá sáraithe againn agus ar an dul chun cinn atá déanta againn mar údarás áitiúil. Táimid i ndiaidh déileáil le tréimhse nach ndéanfar dearmad uirthi go ceann i bhfad, tráth ar chuir an phaindéim stop linn ar fad agus nach raibh an dara rogha againn ach déileáil le go leor athruithe i dtréimhse ghearr ama. Ní dhéanfaimid dearmad ar an méid a d'éirigh linn a chuir i gcrích fad is a bhíomar ag déileáil le dúshláin shuntasacha atá ag eascairt as an athrú aeráide agus as táirgeadh fuinnimh.

Le linn dúinn dul in oiriúint do riachtanais ár n-úsáideoirí seirbhíse i ré Covid bhaineamar tairbhe as an athrú, agus nuair a tugadh dúshlán ár modhanna oibre bunaithe agus ár modhanna seachadta seirbhísí, d'éirigh linn bealaí nua a aimsiú chun freastal ar riachtanais phobal Chontae Mhaigh Eo. Chuireamar tacaíocht a bhí ag teastáil go géar ar fáil agus leanamar ar aghaidh ag obair ar mhórthionscadail bhonneagair sa Chontae lena n-áirítear an N5, Acomhal an N17/R320, Scéim Ghleann Aoláin/R312 agus athailíniú an N26 ag Cluain Gallán.

Bunaithe ar thaithí, tá a fhios againn fad is atá caibidlíocht ar bun againn maidir le téarmaí ár ngníomhaithe ar son na haeráide, nach bhfuil ár neamhghníomhaíocht ach ag cur leis na fadhbanna a mbeidh orainn déileáil leo. Is céim sa treo ceart é ár bPlean Forbartha Contae, agus beidh ar chumas Chontae Mhaigh Eo déileáil go héifeachtach le réabhlóid in earnáil na dteicneolaíochtaí in-athnuaite. Is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhfeidhmeannas agus leis na pleanálaithe, agus leis na comhairleoirí atá ag obair taobh liom a chuir obair a bhain leis an bPlean i gcrích laistigh de na hamfrámaí a bhí sonraithe againn.

De réir a chéile d'éirigh linn na dúshláin a bhain le COVID a shárú trí spiorad an chomhoibrithe agus an chomhtháthaithe pobail san áit oibre, ach ina dhiaidh sin, b'éigean dúinn aird a dhíriú ar agus freastal ar an éileamh ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne. Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag an bhFóram Freagartha Pobail a bunaíodh go tapa i Maigh Eo lena chinntiú go raibh gníomhaireachtaí, grúpaí pobail agus grúpaí deonacha ag obair i gcomhpháirt ar mhaithe leis an gContae agus le pobal an Chontae. In 2021, ba mhór an onóir dom Gradaim an Chathaoirligh a bhronnadh ar an oiread sin grúpaí agus gníomhaithe pobail a raibh obair mhór curtha i gcrích acu. Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis na daoine ar fad atá ag obair ar ár scéimeanna CE, TUS agus RSS, soláthraíonn siad tacaíocht luachmhar dúinn mar údarás áitiúil.

Mar Chathaoirleach, is mian liom buíochas a ghabháil le baill foirne na heagraíochta atá ag obair mórthimpeall an Chontae. Is fianaise é a ndíograis agus gairmiúlacht ar an tseirbhís phoiblí thábhachtach atá á cur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Is mian liom fáilte a chur roimh ár bPríomhfheidhmeannach nua, Kevin Kelly, agus buíochas a ghabháil leis go pearsanta as an gcabhair agus tacaíocht atá tugtha aige dúinn. Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta agus don díograis atá léirithe ag an bhFoireann Bhainistíochta agus thar ceann mo chomhghleacaithe, buíochas a ghabháil le gach duine as tacú linn i rith bliain eile a bhí dúshlánach. Ar deireadh, chabhraigh an tacaíocht a thug na Comhairleoirí eile atá ag obair liom go mór liom, daoine atá dílis agus díograiseach dá ngairm ionadaíocht a dhéanamh ar an bpobal, daoine a chinntíonn go bhfuil saol níos fearr ag saoránaigh agus go bhfuil an Contae in ann aghaidh a thabhairt ar an todhchaí.

Mar fhocal scoir, is mian liom tagairt dár nDiaspóra ar fud an domhain atá thar a bheith mórtasach as ár n-oidhreacht choiteann. Is den tábhacht é go leanaimid ar aghaidh le nasc a chruthú leis na daoine seo agus cur leis na comhaontais atá cruthaithe againn cheana féin.

**An Comhairleoir Michael Smyth**
**CATHAOIRLEACH**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**



**Kevin Kelly**
**AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**

Fáiltím roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2021 ina bhfuil sonraí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an gComhairle i ndáil lena tosaíochtaí straitéiseacha agus ina dtarraingítear aird ar an obair luachmhar atá á cur i gcrích go leanúnach, agus ar go leor de na héachtaí atá bainte amach ag an gComhairle i rith na bliana.

Tá obair agus éachtaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo á bhfeabhsú trí bheith ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara éagsúla agus is mian liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt dóibh as tacú agus as comhoibriú linn go leanúnach.

Tá an maoiniú suntasach a cuireadh ar fáil mar bhonn leis an tionchar dearfach a bhí ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar Mhaigh Eo, maoiniú a chiallaigh go raibh Caiteachas Ioncaim luach €184,359,829 agus Caiteachas Caipitil luach €126,545,945 ag Comhairle Contae Mhaigh Eo in 2021.

Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo le raon tacaíochtaí rialtais suntasacha a riar chun tacú le gnóthaí agus le pobail áitiúla freagairt do Covid-19 agus tugtar aitheantas freisin don tacaíocht airgeadais dhírigh a chuir an Rialtas ar fáil do Chomhairle Contae Mhaigh Eo.


Ainneoin go raibh tionchar ag paindéim Covid ar chúrsaí in 2021, ag tús na bliana go háirithe, rinneadh gach iarracht ab fhéidir leanúint ar aghaidh le seirbhísí a sholáthar agus is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhFoireann Bhainistíochta agus leis na Baill Foirne eile as leanúint ar aghaidh leis an saol trí bhealaí oibre nua a fhorbairt agus déileáil leis na dúshláin a bhí le sárú. Tarraingítear aird sa Tuarascáil Bhliantúil ar leibhéal agus éagsúlacht bhreise na seirbhísí atá á soláthar ag údaráis áitiúla anois thar ceann roinnt Rann Rialtais agus le cois an bhonneagair agus na seirbhísí traidisiúnta, tá méadú tagtha ar na leibhéil ghníomhaíochta sna réimsí seo a leanas - Pobal, Spóirt, Turasóireacht, Leathanbhanda, na hEalaíona, Fiontar, Athnuachan Uirbeach agus Taisteal Níos Cliste, agus i réimsí eile nach iad.

Chomh maith leis sin, tugadh méadú faoi deara sa leibhéal gníomhaíochta, lena n-áirítear 737 réiteach tithíochta a sholáthar faoi Atógáil Éireann 2016 – 2021, agus méadú ar ghníomhaíocht réamhphleanála, iarratais phleanála agus gníomhaíocht forfheidhmithe agus cuireadh dlús le roinnt tionscadal bóthair suntasach lena n-áirítear an N5, Acomhal an N17/R320, R312/Droichead Ghleann Aoláin agus athailíniú an N26 ag Cluain Gallán.

D'éirigh le Maigh Eo leanúint ar aghaidh le maoiniú a fháil faoi Thionscnaimh Rialtais éagsúla agus fógraíodh maoiniú luach €11m faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach do Thionscnamh Athghníomhachtaithe agus Athnuachana Chroílár Stairiúil Chaisleán an Bharraigh. Ainneoin go raibh tionchar ag toradh diúltach a d'eascair as iniúchtaí ar Mhaoiniú ORIS ar fhorbairt agus ar mhaoiniú tionscadal, bhí luach €181m luaite leis an gclár caipitil do DRCD agus le cláir eile a raibh maoiniú deontais á gcur ar fáil lena n-aghaidh agus bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis na tionscadail sin a fhorbairt.

Ar deireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt don chúnamh agus don tacaíocht atá tugtha ag an gCathaoirleach, an Comhairleoir Michael Smyth agus ag a réamhtheachtaí, an Comhairleoir Richard Finn dom, agus is mian liom buíochas a ghabháil leis na Baill Thofa ar fad as a gcuid tacaíochta ó chuir mé tús le mo chuid cúraimí mar Phríomhfheidhmeannach i mí Bealtaine 2021.

**Kevin Kelly**
**AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**



## RÁITEAS MISIN

**"Folláine agus caighdeán beatha ár saoránach agus pobal i Maigh Eo a chur chun cinn agus mealltacht an Chontae mar áit le maireachtáil inti, le hoibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi, le hinfheistiú inti agus le taitneamh a bhaint aisti a fheabhsú"**

## FÍS

**"contae atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach, rathúil agus bródúil"**

## PLEAN CORPARÁIDEACH

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag croílár an phobail áitiúil, agus díríonn sí ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta sa chontae, trí sheirbhísí áitiúla riachtanacha a sholáthar a bhfuil ról lárnach acu i gcaighdeán beatha an phobail a bhfuil ionadaíocht á déanamh air.

Mar phríomhchomhlacht earnála poiblí, tacaímid leo siúdatá freagrach as príomhsheirbhísí poiblí a sholáthar agus déanaimid a gcuid oibre a éascú. Má thugaimid aird ar ár bhfreagrachtaí, is féidir leo siúd a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh, agus cuirimid é sin san áireamh i gcónaí d'fhonn a ár ngealltanais a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhfuil Contae Mhaigh Eo Inbhuanaithe, Ionchuimsitheach, Rathúil agus Bródúil.

Dearadh ár bPlean Corparáideach mar threoir dúinn chun ár ngealltanais do phobal Chontae Mhaigh Eo a chomhlíonadh. Sonraítear ann ár misean, mar chomhlacht daonlathach, ár modh oibre agus conas a thomhaisimid ár gcuid iarrachtaí ionas go dtugann an toradh deiridh léargas trédhearcach ar an obair atá curtha i gcrích dár bpobail.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo bunaithe ar an bpobal agus ar dhaoine. Tá ár gComhairleoirí ag déanamh ionadaíochta ar phobal an chontae, agus tá ról lárnach ag ár mbaill foirne i bpobal Mhaigh Eo. Tá gach duine agus gach gné de na hiarrachtaí comhpháirteacha seo dírithe ar bhealach dearfach le forbairt leanúnach agus leantach a dhéanamh i gContae Mhaigh Eo.

Le go mbeidh Maigh Eo rathúil ann, tá gá le Comhairle atá rathúil.Is bunchloch é ár bPlean Corparáideach chun uaillmhianta rathúla don Chontae a cheapadh, a rianú agus a chur chun feidhme.

# COMHAIRLEOIRÍ CONTAE

## CEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA



Annie May Reape
CATHAOIRLEACH FF



Mark Duffy
LEAS-CHATHAOIRLEACH NP



Michael Loftus
FF



Jarlath Munnelly
FG



John O'Hara
FG



Seamus Weir
NP

## CEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH



Martin McLoughlin
CATHAOIRLEACH FF



Al McDonnell
LEAS-CHATHAOIRLEACH
FF



Cyril Burke
FG

Ger Deere
FG





Gavin K
Blackie FF



Michael Kilcoyne NP



Donna Sheridan FG

## CEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS / BHÉAL ÁTHA NA MUICE



Neil Cruise
CATHAOIRLEACH FG



John Cribbin LEAS-CHATHAOIRLEACH
FG



Michael Burke
FG



John Caulfield FF



Tom Connolly FG



Richard Finn NP



Gerry Murray
SF



Patsy O'Brien
NP



Damien Ryan FF



Michael Smyth FF

## CEANTAR BHARDASACH CHATHAIR NA MART / BHÉAL AN MHUIRTHEAD



Brendan Mulroy
CATHAOIRLEACH FF



Paul McNamara
LEAS-CHATHAOIRLEACH
FF



Sean Carey FF



Gerry Coyle
FG



Peter Flynn
F



Christy Hyland NP



John O'Malley NP

# CEANTAIR BHARDASACHA (CB)

**Ceantar Bardasach Bhéal an Átha**



**Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh**





**Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris / Bhéal Átha na Muice**



**Ceantar Bardasach Chathair na Mart / Bhéal an Mhuirthead**




REGAN'S
DISCOUNT STORE
COME IN

## BUAICPHOINTÍ

## 2021

**151 DEONTAS CEADAITHE**

**IN CB BHÉAL AN ÁTHA FAOI SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA**

**477**

**AONAD SA STOC TITHÍOCHTA SA CB**

**€1.048 MILLIÚN BAILITHE AG OIFIG MÓTARCHÁNACH AN CB AGUS6,986 IDIRBHEART CURTHA I GCRÍCH**

**MAOINIÚ LUACH €1,672,904 CEADAITHE DO CB BHÉAL AN ÁTHA TIONSCADAIL LENA N-ÁIRÍTEAR TIONSCNAIMH TAISTIL GHNÍOMHAIGH, OIBREACHA AG TEACH GEATA BHÉAL LEICE, PLEAN LÁR AN BHAILE DO CHILL ALA AGUS SPÁS TAIBHLÉIRITHE LASMUIGH AG TEACH BECKETT**

**24 TIONÓNTACHT BHUAN LEITHDHÁILTE**

**GHLAC IONADAITHE Ó CHOMHAIRLE CATHRACH SCRANTON PÁIRT, GO CIANDA, I GCRUINNIÚ EANÁIR 2021 DE CB BHÉAL AN ÁTHA, AN LÁ AR OIRNÍODH AN TUACHTARÁN BIDEN**

**IONAD CÓIREÁLA FUÍOLLUISCE NUA OSCAILTE I GCILL ALA**

**MAOINIÚ TAISTIL GHNÍOMHAIGH DO CHILL ALA / R314 AGUS TRASRIANTA COISITHE I CGCROIS MHAOILÍONA AGUS BÉAL AN ÁTHA**

**MAR AITHEANTAS AR DHEIREADH COP 26 EAGRAÍODH TIONÓL GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE MHAIGH EO DTEANNTA LE BAILE GLAS BHÉAL AN ÁTHA**

**5 IARRATAIS AR IASACHT TITHÍOCHTA ATÓGÁIL ÉIREANN CEADAITHE IN 2021**

**DUAIS GHRADAM RÉIGIÚNACH POBAIL COVID-19 NA MBAILTE SLACHTMHARA**
**BUAITE AG BAILTE SLACHTMHARA BHÉAL AN ÁTHA**

---

TÁ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL IOMLÁN CHEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA LE FÁIL IN AGUISÍN 1



# CEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

## BUAICPHOINTÍ 2021

**171** DEONTAS CEADAITHE A BHFUIL LUACH **€773,547** LUAITE LEO I CB CHAISLEÁN AN BHARRAIGH FAOI SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA

418 AONAD SA STOC TITHÍOCHTA SA CB

ÁIT SÚGARTHA BHOTH FAONÁIN OSCAILTE GO HOIFIGIÚIL I MÍ MEITHIMH 2021

**€350,000** CEADAITHE FAOI LEADER AGUS CLÁIR UM CHOMHAR TRASTEORANN LE HAGHAIDH

**27** TIONÓNTACHT LEITHDHÁILTE

**47** TIONÓNTACHT ÍOCAÍOCHT UM CHÚNAMH TITHÍOCHTA BUNAITHE

LE **27** SOCRÚCHÁN RAS NUA

OIBREACHA AG **MUC-CHLUAIN** LENA N-ÁIRÍTEAR ATHCHÓIRIÚ AN GHARRAÍ DAINGEAN AGUS SAORÁIDÍ DO CHUAIRTEOIRÍ

**MAOINIÚ €2.5 MILLIÚN** DO THIONSCADAL NASC GHLASBHEALACH UIRBEACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

CHOMHAONTAIGH COMHAIRLEOIRÍ LEITHDHÁILEADH BARDASACH GINEARÁLTA LUACH **€41,000** A CHUR AR FÁIL CHUN CLUBANNA, COISTÍ, FÉILTE & IMEACHTAÍ & CUMAINN CÓNAITHEOIRÍ A MHAOINIÚ

D'OSCAIL **HILDEGARDE NAUGHTON TD SCÉIM GHLEANN AOLÁIN / R312** GO HOIFIGIÚIL I MÍ NA SAMHNA 2021

**225KM** DE SCÉIMEANNA BEARRTHA FÁIL AG **31** SUÍOMH

BRONNADH AN GRADAM NÁISIÚNTA ÉACHT CAIGHDEÁN CÁILÍOCHTA AR IONAD FÓILLÍOCHTA AG LOCH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

**1 IARRATAS AR IASACHT TITHÍOCHTA ATÓGÁIL ÉIREANN CEADAITHE** I RITH 2021

**TÁTHAR AG LEANÚINT LEIS AN OBAIR AR THIONSCADAL AN BHÓTHAIR Ó THURLACH GO CATHAIR NA MART N5**

TÁ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL IOMLÁN CHEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH 2021 LE FÁIL IN AGUISÍN 1




# CEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS BHÉAL ÁTHA NA MUICE

# BUAICPHOINTÍ

# 2021

**243 DEONTAS CEADAITHE AR FIÚ €1.219 MILLIÚN IAD I CB CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS / BHÉAL ÁTHA NA MUICE FAOI SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA**

**OBAIR ATHCHÓIRITHE AGUS DEISITHE DÉANTA AR IARANN STAIRIÚIL AG REILIG EAGLAIS NA HÉIREANN NAOMH MUIRE** BHAILE AN RÓBA

**TITHÍOCHT LEITHDHÁILTE DO DHAOINE AR AN LIOSTA FEITHIMH AG FORBAIRT NUA I MBEÁL ÁTHA NA MUICE**

**4 SCÉIME RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL CURTHA I GCRÍCH AG AN GORT GARBH, CLUAIN NA GCAISEAL, *BLOOMFIELD* & CNOCÁN AN CHLÁIR AG LUACH €**

FORBAIRTÍ TITHÍOCHTA NUA TÓGTHA I MBAILE AN RÓBA AGUS I MBÉAL ÁTHA HAMHNAIS

**51 SCÉIM FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA CURTHA I GCRÍCH AG COSTAS €309,000**

CUIREADH TÚS LE HOIBREACHA TÓGÁLA AR AN N26 / DROICHEAD GHLEANN AOLÁIN LENAR BHAIN COSTAS IOMLÁN DE THART AR €20 MILLIÚN

**LEITHDHÁILEADH BARDASACH GINEARÁLTA LUACH €700,000 CHUN CUMAINN CÓNAITHEOIRÍ, CLUBANNA & GRÚPAÍ POBAIL, FÉILTE & IMEACHTAÍ & COISTÍ IONAD ADHLACTHA A MHAOINIÚ**

**THART AR €3.7 milliún I MAOINIÚ DO THIONSCADAIL TAISTIL GHNÍOMHAIGH I MBÉAL EASA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS, BAILE AN RÓBA AGUS BÉAL ÁTHA HAMHNAIS**

**9 NIARRATAIS ATÓGÁIL ÉIREANN AR IASACHT TITHÍOCHTA CEADAITHE A BHFUIL LUACH €625,700 LUAITE LEO**

TÁ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS / BHÉAL ÁTHA NA MUICE LE FÁIL IN AGUISÍN 1



# CEANTAR BARDASACHCHATHAIR NA MART BHÉAL ÁTHA AN MHUIRTHEAD

BUAICPHOINTÍ

2021

202 DEONTAS CEADAITHE

LUACH €1.129 MILLIÚN I CB CHATHAIR NA MART / BHÉAL AN MHUIRTHEAD FAOI SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA

ÁITEANNA SÚGARTHA AG AN MHALA RAITHNÍ AGUS GOB AN CHOIRE AGUS MUGA AG AN GCORRCHLOCH CRÍOCHNAITHE

13 COMHAONTÚ LÉASAITHE NUA AR GLACADH PÁIRT IONTU IN 2021

TIONSCNAMH CEANNRÓDAÍOCH CURTHA I BHFEIDHM INAR ÚSÁIDEADH SEANGHABHAIR CHUN DÉILEÁIL LEIS AN BPLANDA IONRACH AR A DTUGTAR AN GUNNAIRE IN ÉIRINN DEN CHÉAD UAIR

37 TIONÓNTACHTAÍ LEITHDHÁILTE

29 TIONÓNTACHT ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (HAP) BUNAITHE LE 1 SOCRÚCHÁN RAS NUA

SEOMRA FEITHIMH NUA CURTHA AR FÁIL AG CÉ RUANADA

LEITHDHÁILEADH BARDSACH GINEARÁLTA €490,00 CHUN EALAÍONA & CULTÚR A MHAOINIÚ,TACÚ LEIS AN RÉIGIÚN, GRÚPAÍ POBAIL, FÉILTE & IMEACHTAÍ & CISTIÚ MEAITSEÁLA

CAITEACHAS LUACH €990,000 AR CHÓIRIÚ DROMCHLA

€ 4.678 MILLIÚN AR BHÓITHRE ÁITIÚLA & RÉIGIÚNACHA A THREISIÚ SA CB

10 MBRATACH GHORMA BRONNTA AR THRÁNNA CB

CEADAÍODH 4 IARRTAS AR IASACHT TITHÍOCHTA ATÓGÁIL ÉIREANN LUACH

**€455,689**

**LEANADH LEIS AN OBAIR AR AN MBÓTHAR N5 IDIR TURLACH AGUS CATHAIR NA MART**

TÁ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHEANTAR BARDASACH CHATHAIR NA MART/ BHÉAL ÁTHA AN MHUIRTHEAD LE FÁIL IN AGUISÍN 1

# COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

## SPC Seirbhísí Corparáideacha, Oideachais, Cultúir, Oidhreachta agus Leabharlainne

**An Comhairleoir Gerry Coyle**

**(Cathaoirleach) reáchtáladh 4 chruinniú i rith 2021**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Corparáideach, Oideachais, Cultúir, Oidhreachta agus Seirbhísí Leabharlainne:

-  Comhaontaíodh ar Ghníomhaíochtaí Tosaíochta le haghaidh 2021.
-  Forbraíodh Clár Imeachtaí do 2021 de réir Straitéis Chomórtha Mhaigh Eo 2013-2023
-  Leanadh ar aghaidh le Seirbhísí Leabharlainne Mhaigh Eo a fhorbairt
-  Cuireadh Plean Straitéiseach Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2018-2022 i bhfeidhm
-  Cuireadh Scéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo i bhfeidhm

## SPC Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontair, Pleanáil agus Mara

**An Comhairleoir Mark Duffy**

(Cathaoirleach)

**reáchtáladh 5 chruinniú i rith 2021**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontair, Pleanáil agus Mara:

-  Dul chun cinn Oifig Fiontair Áitiúil
-  Scéim Tacaíochta Gnó Chomhairle Contae Mhaigh Eo
-  Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus Leathanbhanda Tuaithe a rolladh amach i Maigh Eo
-  Tionscadail Fiontair agus Infheistíochta

## SPC Tithíochta

**An Comhairleoir John Cribbin**

(Cathaoirleach)

**reáchtáladh 4 chruinniú i rith 2021**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Tithíochta:

-  Soláthar Tithíochta 2020
-  Tionscadail Chaipitil Tithíochta ar bun sa chontae
-  Scéim Leithdháilte Tithíochta Athbhreithnithe
-  Clár Athlonnaithe Dídeanaithe
-  Scéim Deisithe & Léasaithe agus Ceannaigh & Athnuachana
-  Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
-  Scéim Cíosanna Difreálacha

## SPC Timpeallachta, Gníomhú ar son na hAeráide, Talmhaíocht & SPC Seirbhísí Éigeandála

**An Comhairleoir B K Gavin**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 5 chruinniú i rith 2021**

Cuireadh clár oibre an SPC Timpeallachta, Gníomhú ar son na hAeráide & Seirbhísí Éigeandála san áireamh.

-  Ullmhúchán Mhaigh Eo don Athrú Aeráide - Plean um Oiriúnú don Athrú Aeráide
-  Straitéis Talmhaíochta Inbhuanaithe do Mhaigh Eo
-  Breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil aighneachta maidir le Dréacht-Fhodhlíthe um Bailiú Dramhaíola
-  Ceathrar ball a ainmniú ar Mheitheal Talmhaíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo
-  Cathaoirleach Mheitheal Talmhaíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo a ainmniú

## SPC Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

**An Comhairleoir Damien Ryan**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 4 chruinniú i rith 2021**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre:

-  Leithdháileadh Deontas Bóithre 2019
-  Scéim Oibreacha Bóthair 2019
-  Plean Seirbhísí Geimhridh 2019/2020
-  Feabhsuithe ar Bhóithre Réigiúnacha
-  Tionscnaimh Soilsithe Phoiblí
-  Nasc Áitiúil Mhaigh Eo a chur i láthair
-  Fóram Bearrtha Fáil
-  Sábháilteacht ar Bhóithre

## SPC Turasóireacht, Áineas, Bia & Rannpháirtíocht Phobail

**An Comhairleoir Seamus Weir**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 5 chruinniú i rith 2021**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Turasóireacht, Áineas, Bia agus Rannpháirtíocht Phobail:

-  'Ag Triall ar Mhaigh Eo - Straitéis chun Turasóireacht a Fhorbairt i gCo. Mhaigh Eo Amach Anseo 2016- 2016' a chur chun feidhme
-  Foinsí maoinithe do thionscadail a bhreithniú
-  Margaíocht a dhéanamh ar Earnáil Turasóireachta Chontae Mhaigh Eo




CLUAIN CEARBÁN

# PLEANÁIL, ACMHAINNÍ DAONNA, CUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA & SEIRBHÍSÍ AILTIREACHTA

SA RANNÓG SEO


Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh

Forbairt Chorparáideach

Punann Mhaoine & Bainistíocht Sócmhainní

Cumarsáid

Oifig na Gaeilge

Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre

Ailtirí

Leabharlann Contae Mhaigh Eo

Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo

Pleanáil & Forbairt, Forfheidhmiú Pleanála & Rialú Tógála

Seirbhísí Faisnéise & Claochlú Digiteach


Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

# IONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

**Tá Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh ag soláthar cúrsaí oiliúna ar bhonn seirbhísí comhroinnte do shé údarás áitiúil agus eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach san Iarthar agus i Lár na Tíre, agus tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag feidhmiú mar an phríomhúdarás.**






Tá an oiliúint atá á cur ar fáil ar ardchaighdeán. Tháinig fás leanúnach ar an tsaoráid atá creidiúnaithe ag SOLAS, QQI, *City & Guilds* agus ECITB, sna blianta roimh 2019.

Ar ndóigh, chuir Covid-19 srian leis na cúrsaí oiliúna in 2020 agus 2021. I ndiaidh na srianta a mhaolú i mí Mheán Fómhair, áfach, mhéadaigh an táirgiúlacht go suntasach agus tá leibhéil 2019 sáraithe faoin tráth seo. Cuireadh 4,794 lá oiliúna ar fáil 2021, a raibh láimhdeachas luach €1,130,442 luaite leo.

Bunaíodh Líonra na nIonad Oiliúna chun soláthar oiliúint chuí d'údaráis áitiúla i bpríomhréimsí oibríochtúla cosúil le Bóithre, Uisce agus Timpeallacht agus Seirbhísí Dóiteáin, Tithíocht agus Pleanáil a éascú, ach chomh maith leis sin, soláthraíonn Líonra na nIonad Oiliúna raon cúrsaí faoi Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ceannaireacht agus TFC.

Tá dearbhú cáilíochta bronnta ar go leor údarás áitiúil faoin tráth seo, creidiúnú OHSAS 18000/ISO 45000 mar shampla, agus tá soláthar ar ardchaighdeán, cosaint sonraí ar ardchaighdeán agus dearbhú cáilíochta ar ardchaighdeán bunaithe ag an Aonad.

Tá tús curtha leis an obair a bhaineann le saoráid oiliúna lasmuigh nua luach €2.9m a fhorbairt ag An Sáilín i gCaisleán an Bharraigh, agus thug an tAire Stáit sa Roinn Iompair, Hildegarde Naughton, cuairt ar an suíomh i mí Dheireadh Fómhair 2021 (sa ghrianghraf thuas) chun súil a chaitheamh ar an bhforbairt. Bronnadh an tairiscint ar *T.H. Contractors Ltd.*, agus táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair. Táthar ag súil go mbeidh an t-ionad réidh le hoscailt ag tús 2023. Nuair a bheidh an t-ionad oscailte is acmhainn iontach a bheidh ann don réigiún seo, agus beidh an tIonad Oiliúna Réigiúnach in ann raon iomlán cúrsaí praiticiúla maidir le bóithre agus innealra a sholáthar mar aon le raon níos mó de chúrsaí praiticiúla eile nach bhfuil ar fáil sa réigiún seo faoi láthair.

Bunaithe ar théarnamh an tionscail tógála agus éileamh ón earnáil phríobháideach agus ó bhaill foirne nua de chuid an údaráis áitiúil, táthar ag súil go méadóidh an t-éileamh, agus tá Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh dóchasach faoin todhchaí.

# FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

**Bainistíonn an Rannóg Forbartha Corparáidí raon seirbhísí atá á gcur ar fáil don phobal agus do chomhairleoirí agus tá sé freagrach as pleanáil agus beartas corparáideach. Soláthraíonn an rannóg seo tacaíocht riaracháin do chruinnithe na Comhairle. Déantar costais agus luach saothair ball a bhainistiú faoi scáth na Rannóige seo freisin.**



Déanann an Rannóg Forbartha Corparáidí maoirseacht ar an Aonad Saorála Faisnéise, iarratais faoi RGCS, na Cláir Eitice agus Toghthóirí, Idirchaidreamh an Ombudsman, Seirbhísí do Chustaiméirí agus obair riaracháin an Choiste Iniúchta. Chomh maith leis sin, tá an rannóg freagrach as Clár Rioscaí na heagraíochta agus nuashonraítear an Clár ar bhonn ráithiúil agus déanann an Rannóg maoirseacht ar bhainistiú árachais lena n-áirítear cúrsaí maidir le héilimh árachais, cásanna agus socruithe cúirte a chomhordú le IPB. Chomh maith leis sin, comhordaíonn an Rannóg tiomsú sonraí ar fud na heagraíochta do tháscairí feidhmíochta bliantúla an rialtais áitiúil a fhoilsíonn an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil Tháscairí Feidhmíochta an Údaráis Áitiúil. Tá Táscairí Feidhmíochta 2021 le fáil in Aguisín 6 leis an tuarascáil seo.

### SAORÁIL FAISNÉISE

Is comhlacht poiblí é Comhairle Contae Mhaigh Eo atá faoi réir fhorálacha Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, lena gceadaítear an ceart iarratas ar thaifid a dhéanamh. Déileálann an t-aonad Saorála Faisnéise le hiarratais ar thaifid atá i seilbh Chomhairle Contae Mhaigh Eo ó bhaill den phobal, iriseoirí agus eagraíochtaí. Chomh maith leis sin, ceanglaíonn an tAcht go mbeidh logaí nochta á bhfoilsiú, ar a bhfuil eolas maidir le hiarratais neamhphearsanta a cuireadh faoi bhráid na Comhairle, agus cinntí a rinneadh maidir leis na hiarratais sin. Foilsíodh an loga nochta ar www.mayo.ie gach ráithe. Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo 141 iarratas ar fad i rith 2021 agus tá eolas maidir leis na cinntí a rinneadh le fáil sa tábla thíos:

**Tábla 1: Gníomhaíocht Saorála Faisnéise 2021**

| CINNEADH | LÍON |
|---|---|
| Iarratas Ceadaithe | 57 |
| Iarratas Páirtcheadaithe | 48 |
| Iarratas Diúltaithe | 18 |
| Iarratas Aistarraingthe | 1 |
| Iarratas Aistrithe | 0 |
| Iarratais ar déileáladh leo lasmuigh den Phróiseas FOI | 17 |

### AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (RGCS)

Tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), faoi Airteagal 15, an ceart do dhaoine aonair cóip dá sonraí pearsanta atá á bpróiseáil ag 'rialtóirí' a lorg (i.e. na daoine a chinneann conas agus cén fáth a ndéantar sonraí a phróiseáil), mar aon le faisnéis ábhartha eile. 'Iarratais duine ar a s(h)onraí' nó 'iarratais rochtana' a thugtar ar na hiarratais seo go minic. Déileálann an tOifigeach um Chosaint Sonraí leis na hiarratais seo agus déileáladh le 10 n-iarratas in 2021.

## ATREORUITHE CHUIG AN OMBUDSMAN

D'atreoraigh Oifig an Ombudsman 24 cás chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo in 2021.

## SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá meas ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar rannpháirtíocht le custaiméirí agus tá an fhoireann seirbhísí do chustaiméirí ag leanúint ar aghaidh le fiosrúcháin ó chustaiméirí a fhreagairt nó a atreorú go héifeachtach tríd an deasc fáiltithe nó trí sheirbhísí teileafóin. Soláthraíonn teicneolaíocht EngHouse, a bunaíodh in 2020 comhtháthú leis an ardán Teams agus soláthraíonn sé anailísíocht mhionsonraithe glaonna. Cuirtear 220 glao, ar an meán, faoi bhráid na foirne seirbhísí do chustaiméirí gach lá. Tá úsáid á baint as na seoltaí r-phoist customerservice@mayococo.ie agus info@mayo.ie mar lárphointe rochtana faisnéise do chustaiméirí.

## COMHLÍONADH AN CHREATA EITICE

Tá an Cláraitheoir Eitice freagrach as foirmeacha dearbhuithe bliantúla a eisiúint chuig comhairleoirí agus fostaithe ábhartha óna dtiomsaítear Clár Eitice agus a chuirtear ar fáil d'iniúchadh poiblí de réir Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Tá dualgas ar na Baill Thofa Ráiteas um Nochtadh Síntiúis a chomhlánú agus a chur ar fáil faoi Acht um Thoghcháin Áitiúla, 1999. Cuireadh na ráitis ar fad ar fáil faoin spriocdháta, an 31 Eanáir 2022.

# PUNANN MHAOINE & BAINISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ

Tá roinnt mhaith sócmhainní maoine i seilbh agus á mbainistiú ag Comhairle Contae Mhaigh Eo mar bhealach chun freagairt do agus freastal ar riachtanais éagsúla agus athraitheacha an phobail i láthair na huaire agus amach anseo.

Cuirtear tacaíochtaí agus seirbhísí comhairleacha a bhaineann le maoin ar fáil do rannóga eile laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo lena n-áirítear tíolacadh díolachán, ceannachán agus léasanna, Alt 183, fiosrúcháin maidir le talamh, árachas, sláinte agus sábháilteacht agus bainistíocht saoráidí, rud a éascaíonn bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach shócmhainní talún neamhthithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

## BUAICPHOINTÍ 2021

- Cur Chun Feidhme an Phrótacail Mhaoine.
- Cruthú clár léasa agus córais foláirimh.
- Clár digiteach maoine a chruthú le córas anailísíochta sonraí.
- Bainistíocht saoráidí lena n-áirítear Sábháilteacht Dóiteáin agus Covid.

# CUMARSÁID

**Bhí rath ar an obair a chuir Roinn Cumarsáide Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcrích in 2021, obair a bhí dírithe ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhchuspóirí cumarsáide Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chomhlíonadh, agus aird níos mó daoine a tharraingt ar na gníomhaíochtaí a reáchtáiltear laistigh den chontae. Bhí príomhról ag an Roinn i gcúrsaí cumarsáide a bhain le freagairt an údaráis áitiúil do phaindéim Covid- 19.**





**Tá iarracht á déanamh ag an Roinn Cumarsáide caighdeán agus clúdach na faisnéise poiblí maidir le seirbhísí, imeachtaí, gníomhaíochtaí agus beartais de chuid na Comhairle a fheabhsú, agus tá an Roinn Cumarsáide freagrach freisin as rialú chumarsáid sheachtrach uile Chomhairle Contae Mhaigh Eo, cumarsáid inmheánach laistigh den eagraíocht a fheabhsú, aird a tharraingt ar bhranda an chontae, Mayo.ie agus seirbhísí Oifig na Gaeilge agus an chláir um Fheasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre a sholáthar.**

**Áiríodh i measc na bpríomhghníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích in 2021:**

- Caidreamh poiblí agus bainistiú meáin sheirbhísí agus thionscadail na Comhairle lena n-áirítear preasráitis a eisiúint, fiosrúcháin a fhreagairt ó na meáin áitiúla agus náisiúnta agus óráidí a dhréachtú.
- Forbairt agus rolladh amach **Ghradaim Tionscnaimh an Chathaoirligh**. Tugann na dámhachtainí cathrach nua seo aitheantas do dhíograis agus d'iarrachtaí na ngrúpaí oibrithe deonacha a bhíonn i mbun oibre i gCo. Mhaigh Eo, grúpaí a ndearnadh a saothar a cheiliúradh ag Oíche Bronnta Gradam ag tús 2022.
- Ról lárnach a imirt i bhfreagairt Chomhairle Contae Mhaigh Eo do Covid-19 agus do rolladh amach Phlean maidir le Maireachtáil le Covid-19 an Rialtais: Athléimneacht agus Téarnaimh 2020-2021 mar chuid den fhoireann a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Comhairle i bhfianaise na paindéime.
- Feachtais meán sóisialta a reáchtáil a thacaíonn le rannpháirtíocht Mhaigh Eo i nglaonna náisiúnta cosúil le Éire na Sláinte, an feachtas 'Bí Sláintiúil', #StayAtHome, feachtais frithbhruscair *MyWaste* na hÉireann agus feachtais Feasachta Sábháilteacht Uisce na hÉireann, agus feachtais eile nach iad.
- Seoladh inlíon nua na Comhairle, **Connect**, acmhainn úr agus bhríomhar nua do bhaill foirne, atá á nuashonrú go leanúnach le nuacht, gné-ailt agus acmhainní roinne.
- Rinneadh taighde ar agus forbraíodh ábhar do rannpháirtíocht Chomhairle Contae Mhaigh Eo san fheachtas náisiúnta #YourCouncilDay – agus tarraingíodh aird ar an obair iontach atá á déanamh ag an gcomhairle ag leibhéal an ghnáthphobail, agus forbraíodh roinnt físeán le haghaidh 2021.
- Rinneadh ceiliúradh ar **Lá Mhaigh Eo 2021** trí chomhpháirtíocht uathúil le TG4. ***Mayo Day – Ár bPobal, Our people***, a craoladh ar **TG4** agus ar sheinnteoir TG4 ag an am céanna agus tugadh léargas ar na Daoine agus ar na hÁiteanna is fearr i gCo. Mhaigh Eo.
- D'oibrigh an Roinn Cumarsáide le go leor rannóga laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar le haghaidh go leor imeachtaí, cuairteanna oifigiúla, seoltaí agus feachtais, agus leagadh béim ar leith ar imeachtaí fíorúla a craoladh ar www.mayo.ie. Ag tús 2021, bhog feidhm na Fógraíochta Corparáidí chuig an Roinn Cumarsáide.
- Leanamar ar aghaidh le **Leabharlann Íomhánna Chomhairle Contae Mhaigh Eo** a nuashonrú le híomhánna den obair, daoine, imeachtaí agus oscailtí seirbhísí riachtanacha a sholáthraíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo.
- Leanadh ar aghaidh le hardáin meán sóisialta **Mayo.ie** agus **Chomhairle Contae Mhaigh Eo** a fhorbairt go leanúnach ar mhaithe lenár seasamh mar chainéal iontaofa chun fógraí seirbhíse rialta agus iontaofa de chuid na Comhairle a chur ar fáil dár saoránaigh a fheabhsú. Tá ról lárnach ag **Mayo.ie** chomh fada is a bhaineann le heolas maidir le Maigh Eo a roinnt agus nascadh lenár nDiaspóra, agus tá neart úsáide á baint as **MayoCoCo.ie** de bhrí go bhfuil faisnéis á roinnt go leanúnach i rith teagmhas cosúil le tréimhsí adhaimsire, nuashonruithe maidir le Covid-19, fógraí maidir le dúnadh bóthair, cur isteach ar an soláthar uisce agus nuashonruithe ginearálta maidir le seirbhísí na comhairle.
- Leanadh ar aghaidh le brandáil nuashonraithe **Chomhairle Contae Mhaigh Eo** a rolladh amach

**D'éirigh thar cionn le Lá Mhaigh Eo 2021 i mbliana trí roinnt léirithe ar ardchaighdeán a reáchtáil i rith dheireadh seachtaine Lá Mhaigh Eo. Ba léir ó anailís a rinneadh ar ghníomhaíocht ar líne gur thug breis is 36.1 milliún úsáideoir aird ar #mayoday.**

**Ba é tionscadal suaitheanta Lá Mhaigh Eo 2021 tionscadal a reáchtáladh i gcomhpháirt le TG4. Craoladh *'Mayo Day – Ár bPobal, Our People'*, ar TG4 agus ar sheinnteoir TG4 ag an am céanna.**




**Rinneadh an scannánaíocht mórthimpeall ar Mhaigh Eo agus úsáideadh na híomhánna sin mar chúlra le haghaidh na dtaibhithe agus na n-agallamh, agus rinneadh scannánaíocht bhreise ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe ag Páirc Thurlaigh in aice le Caisleán an Bharraigh freisin. I measc na dtaibhithe bhí comhoibriú a coimisiúnaíodh go speisialta idir Matt Molloy ó *The Chieftains* agus an cláirseoir Laoise Kelly, Billow Wood, Lisa Canny, agus David agus Kieran Munnelly. Ag deireadh an chláir seoladh an tionscnamh dar teideal *'Home to Mayo'*, agus tugadh cuireadh croíúil i bhfoirm físeáin do lucht féachana domhanda an taispeántais cuairt a thabhairt ar Mhaigh Eo le haghaidh sraith speisialta imeachtaí atá á n-eagrú i mí Bealtaine 2022 mar chuid de Shraithe na bhFéilte Éireannacha Domhanda.**

# BUAICPHOINTÍ 2021

- Reáchtáladh chéad **Ghradaim an Chathaoirligh** Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2021. Tugann na dámhachtainí cathrach nua seo aitheantas do dhíograis agus d'iarrachtaí na ngrúpaí oibrithe deonacha a bhíonn i mbun oibre i gCo. Mhaigh Eo, grúpaí a ndearnadh a saothar a cheiliúradh ag Oíche Bronnta Gradam ag tús 2022.

- I ndiaidh próiseas gairme iomaíoch a reáchtáil, fuarthas maoiniú luach €100,000 trí **Shraith Féilte Éireannacha Domhanda Fáilte Ireland** chun clár imeachtaí míosa a reáchtáil chun ár nDiaspóra a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Mhaigh Eo mar chuid den Tionscnamh **Fill ar Mhaigh Eo.** Seoladh an tionscnamh go hoifigiúil i rith 2021, agus reáchtáladh dianfheachtas leanúnach lenár nDiaspóra a raibh sé mar aidhm leis ár nDiaspóra a spreagadh filleadh abhaile chun freastal ar imeachtaí atá á reáchtáil i rith mhí na Bealtaine 2022.

- Gearrliostaíodh cúig thionscnamh de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo le haghaidh **Ghradaim LAMA 2021**, an Feachtas dar teideal *Cosain Ár nDumhcha*, Cas Air na Soilse ar mhaithe le Sábháilteacht ar Bhóithre, Pobail Dícharbónaithe Mhaigh Eo agus ***Mayo Day – Ár bPobal, Our People*** agus **Conair Rothair Chuan Mó** ar bronnadh gradaim Óir agus Chré-Umha orthu sna catagóirí cuí. Gearrliostaíodh tionscnamh amháin eile le haghaidh **Dhámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil Chomhlachas na hÉireann 2021**, Maigh Eo - Áit den Chéad Scoth chun Gnó a Dhéanamh.

- **Ceiliúradh Fíorúil Lá Fhéile Pádraig:** Mar gheall ar shrianta Covid-19 níor reáchtáladh aon pharáidí fisicúla sa Chontae. Chun ár Lá Náisiúnta a cheiliúradh, stiúir an Roinn cur i láthair maidir le Lá Fhéile Pádraig Fíorúil 2021, agus tugadh deis do dhaoine sa bhaile agus thar lear smaoineamh ar an saol mar a bhí trí neart íomhánna, físeán agus earraí cuimhneacháin ó mhórthimpeall an Chontae agus ó thar lear a chur ar fáil dóibh. Bhí an cur i láthair maidir le féilte Mhaigh Eo ar fáil ar shuíomh gréasáin Mayo.ie agus reáchtáladh gníomhaíochtaí éagsúla ar chainéil meán sóisialta Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Taispeántas beo dar teideal ***'The Story of St Patrick'*** a craoladh ar Mayo.ie




FIGIÚIRÍ 2021

Tugadh **1,091,082 cuairt leathanaigh ar an suíomh gréasáin Mayo.ie in 2021, méadú** 4.5% i gcomparáid le 2020

Mhéadaigh an líon leantóirí meán sóisialta **18% i gcomparáid le** 2020

Ar lá Mhaigh Eo, bhí an leibhéal idirghníomhaíochta ar líne ar na meáin shóisialta ar fad níos airde ná riamh roimhe sin agus ghlac go leor daoine de bhunadh Mhaigh Eo ar fud an domhain páirt ann agus is léir ó anailís atá déanta ar ghníomhaíocht ar líne gur bhain breis is 36.1 milliún duine úsáid as #mayoday.

# OIFIG NA GAEILGE

**Tá sé de chuspóir ag Oifig na Gaeilge úsáid na Gaeilge i gContae Mhaigh Eo a chothú agus a chur chun cinn. Tá ról tábhachtach aici chomh maith maidir le Scéim Teanga na Comhairle a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.**



I dteannta le feabhas a chur ar leibhéal na seirbhíse a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil trí mheán na Gaeilge, leanann an Chomhairle ag cur Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus Scéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo i bhfeidhm.

Cuireann Oifig na Gaeilge foireann na Comhairle ar an eolas faoi dhualgais i leith na teanga, déantar obair aistriúcháin, tugtar comhairle i leith leaganacha cearta de logainmneacha le húsáid ar chomharthaí bóthair, agus déantar cinnte de go mbíonn suíomhanna gréasáin agus foilseacháin, foirmeacha iarratais, bileoga eolais agus cáipéisí áirithe eile ar fáil sa dá theanga oifigiúla. Ina theannta sin, oibríonn Oifig na Gaeilge go dlúth le heagraíochtaí eile Gaeilge agus cultúir chun an teanga a chothú agus a chur chun i nGaeltachtaí Mhaigh Eo agus sa chontae trí chéile

## BUAICPHOINTÍ 2021

- Rinne pobal na Gaeilge ceiliúradh arís ar Lá Mhaigh Eo le neart físeán inar tugadh spléachadh ar an saibhreas ceoil, cultúir, staire agus teanga atá againn sa chontae. Cuid den cheiliúradh ab ea an clár spleodrach Mayo Day - *Ár bPobal, Our People* le TG4 inar léiríodh saol bríomhar cultúir agus sóisialta Mhaigh Eo ar an ardán náisiúnta.

- D'eagraigh Oifig na Gaeilge clár leathan imeachtaí ar líne le haghaidh Sheachtain na Gaeilge, seisiún aireachais, scéalaíocht, siúlóid dúlra agus amhránaíocht ar an sean-nós ina measc.

- Cúis mhór bhróid dúinn chomh maith ab ea aitheantas a thabhairt do Ghaeilge Iorrais agus do Chiorcal Comhrá Chaisleán an Bharraigh ag searmanas bronnta Ghradaim an Chathaoirligh as ucht na hoibre a dhéanann siad ar mhaithe le cur chun cinn na teanga sa Ghaeltacht agus sa phobal faoi seach.



# FEASACHT AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**Reáchtálann Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, clár oideachais agus feasachta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Cuid den chlár seo é aird a tharraingt ar an ngá atá le cúram agus feasacht maidir leis an dainséar a bhaineann leis na bóithre i gCo. Mhaigh Eo**



Eagraíonn an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre tacar Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre atá dírithe ar phobal i scoileanna/coláistí, grúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt agus gnóthaí agus tionscail áitiúla i gCo. Mhaigh Eo.

Tá an Clár Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre dírithe ar úsáideoirí bóithre leochaileacha, iompar agus dearcadh tiománaithe, freagracht shóisialta, tiomáint mar ghairm bheatha, tiomáint lagaithe agus sábháilteacht rothaithe.

Oibríonn an oifig le Ranna eile i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus le Comhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre an Choiste, coiste a bhfuil oifigigh ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, FSS an Iarthair, An Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Bonneagar Iompair Éireann páirteach ann agus is é an aidhm atá ann an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur chun feidhme.

I rith thréimhse an gheimhridh, eisíonn an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre, leideanna laethúla maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus comhairle maidir le Clár Cothabhála an Gheimhridh.

a. Tá an seó se

tugann

breis is **1,500 dalta** ó **29+**

meánscoil,

lena n-áirítear scoileanna ó na contaetha máguaird, aghaidh ar an seó.

**Níorbh fhéidir seó beo a reáchtáil i rith 2021, ach ghlac 1,700 + duine óg páirt i Seó Sábháilteachta Bóthair Fhíorúil i mí Aibreáin 2021.**

**Mar chuid den seó tugtar deis do bhaill de An Garda Síochána, an tSeirbhís Otharcharranna agus an tSeirbhís Dóiteáin, Comhairleach Míochaine atá lonnaithe i Roinn Timpistí agus Éigeandála Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo, ball teaghlaigh de dhuine a maraíodh i dtimpiste bhóthair, duine a tháinig slán ó thuairt chairr agus adhlacóir a bheith i láthair agus déanann siad cur síos ar a dtaithí féin ar dhéileáil le timpiste bhóthair thromchúiseach, agus déanann siad cur i láthair. Tá an Seó Bóthair ionraic seo dírithe ar mhic léinn idirbhliana, agus spreagtar tiománaithe óga agus daoine óga atá ar tí tosú ag tiomáint, meon freagrach a bheith acu i ndáil lena n-iompar tiomána féin.**

Mar chuid den Chlár Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre tugann an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre cuairt ar scoileanna agus tarraingítear aird ar Scéimeanna Oiliúna do Mhaoir Shóisearacha agus ar Scéimeanna Rothaíochta laistigh de scoileanna. Trí bheith ag comhoibriú lena chéile, éiríonn le múinteoirí, An Garda Síochána agus tuismitheoirí, scéimeanna a reáchtáil a chuireann go mór le Sábháilteacht ar Bhóithre. Chomh maith leis sin, bíonn an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre ag obair le Comhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chontae, a bhfuil an Chomhairle Contae, FSS an Iarthair, An Garda Síochána agus ionadaithe pobail áitiúla páirteach ann, agus é mar aidhm Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo a chur chun feidhme.



## Tacú le Sábháilteacht ar Bhóithre i Scoileanna

Tacaíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an nGarda Síochána nuair a bhíonn cuairt á tabhairt acu ar scoileanna trí bhileoga, bandaí muinchille frithchaiteacha agus ábhar bolscaireachta eile maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil. Go ginearálta, bíonn ardmheas ag daoine ar na hiarrachtaí a dhéanann An Garda Síochána aird a tharraingt ar Shábháilteacht ar Bhóithre. **Sa phictiúr tá daltaí ó Scoil Náisiúnta Bhaile an Tobair a ghlac páirt in imeacht feasachta maidir le bheith ag tiomáint róthapa i mí Meithimh 2021.**




## Scéim na Maor Sóisearach

Táimid ag tacú le dhá Scéim do Mhaoir Shóisearacha sa chontae; scéim amháin i mBéal Átha na Muice agus scéim eile i Scoil Náisiúnta na Cé, Béal an Átha. Tá éidí agus comharthaí á gcur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Nuashonraítear marcanna bóthair go rialta. Tá an t-ádh ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo go bhfuil na príomhoidí scoile sa dá cheantar ag tacú leis an obair. Gan tacaíocht dá leithéid, níorbh fhéidir an scéim a reáchtáil.




## Aird Ghinearálta a Tharraingt ar Shábháilteacht ar Bhóithre trí na Meáin Áitiúla

Comhoibríonn Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus tarraingíonn an Chomhairle aird ar chúrsaí sábháilteachta sna meáin áitiúla. I rith an gheimhridh, eisíonn an Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre leideanna agus an t-eolas is déanaí maidir le Clár Cothabhála an Gheimhridh. **In 2021, i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla eile sa réigiún, reáchtáladh comórtas Tik Tok ar éirigh thar barr leis ar iRadio, comórtas a bhí dírithe ar theachtaireachtaí maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a roinnt le daoine fásta óga.**

| STAITISTICÍ MAIDIR LE HIMBHUAILTÍ AR BHÓITHRE - MAIGH EO | |
|---|---|
| **BLIAIN** | **BÁSANNA** |
| **2015** | **13** |
| **2016** | **4** |
| **2017** | **12** |
| **2018** | **9** |
| **2019** | **3** |
| **2020** | **5** |
| **2021** | **3** |

# AILTIRÍ

**Tá raon leathan de shaineolas teicniúil intí le fáil i Roinn na nAiltirí, lena n-áirítear ailtirí, innealtóirí, teicneoirí ailtireachta & sibhialta, gairneoirí, cléirigh oibreacha agus baill foirne cléireachais ar fud an Chontae.**





Dearann agus soláthraíonn Roinn na nAiltirí tithíocht shóisialta nua ar fud an chontae. In 2021 cuireadh scéimeanna i gcrích i Muine Chonalláin, Baile Chathail, Maigh Ghamhnach, an Bóithrín agus Cúirt na Daoile, Crois Mhaoilíona agus cuireadh tús leis an obair a bhain le scéimeanna in *Rehins Fort*, Béal an Átha, Maolla, Baile an Róba agus tá cead pleanála á lorg le haghaidh scéimeanna eile ar fud an chontae.

Chomh maith leis sin, bainistíonn Roinn na nAiltirí tailte Theach Pháirc Thurlaigh, agus cinntítear go bhfuil cuma úrnua ar an áit.

## BUAICPHOINTÍ 2021

- Chuir an Roinn comhairle ar an Rannóg Tithíochta maidir le gnéithe teicniúla de **Scéim na mBloc Coincréite Lochtach (Pirít)** ionas go bhféadfaí damáiste piríte a rinneadh do thithe príobháideacha i Maigh Eo a cheartú.

- Bhí an **Oifig Caomhaontais Ailtireachta** laistigh de Roinn na nAiltirí freagrach as bainistíocht tionscadail oibreacha caomhantais ar cuireadh maoiniú ar fáil lena n-aghaidh ar bhain tábhacht ailtireachta leo trí **'Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha'** lena n-áirítear *Derrydeveagh House*, Baile Uí Fhiacháin, Oibilisc na Ráithíní, Lóiste na Ráithíní & Thurlaigh, Turlach agus struchtúir eile trí scéim **'Tionscnamh na mBailte Stairiúla'.**

- Sna Ceantair Bhardasacha, tá forbairt á déanamh ag na foirne Ailtireachta ar **Thionscnamh Athghníomhachtú agus Athnuachana Chroílár Stairiúil Chaisleán an Bharraigh,** tionscadal **Fhís Phobail Bhéal Átha hAmhnais**, tionscadal **Athnuachana Bhaile Uí Fhiacháin** agus **Ceathrú Nuálaíochta Bhéal an Átha.**

- Táthar ag leanúint le tionscadail Oibreacha Caipitil ag **Ionad Mary Robinson** i mBéal an Átha, **Stáisiún Dóiteáin Chrois Mhaoilíona,** an **tIonad Oiliúna Réigiúnach Allamuigh** i gCaisleán an Bharraigh, **Oifigí Cathrach agus Leabharlann Chathair na Mart** (sa ghrianghraf thuas), agus tíleanna nua a chur i **Linn Snámha Chlár Chlainne Mhuiris.**

# FIGIÚIRÍ 2021

**3** áit súgartha nua suiteáilte i mBoth Faonáin, Cill Mheáin agus ar Inis Toirc. Cuireadh síneadh le hÁit Súgartha Áineasa Chathair na Mart.

Cuireadh oibreacha caomhantais i gcrích ag **5** shuíomh eile, Halla an Línéadaigh, Caisleán an Bharraigh, *Bowers Walk*, Baile an Róba (RRDF), Teach Geata Bhéal Leice, Leabharlann Bhaile an Róba agus Stiúideonna Theach an Chustaim i gCathair na Mart.

Chuir Oifig Páirceanna Chomhairle Contae Mhaigh Eo tús leis Tionscadal na mBumbóg Bhuí Mhór, atá rangaithe mar Thionscadal Nuálaíochta Eorpach, atá lonnaithe ar **30** feirm in Iorras agus ar an Muirthead.

**Lean Oifig na bPáirceanna i Roinn na nAiltirí le speicis ionracha a mhapáil agus a rianú, agus ag cabhrú le Roinn na nAiltirí speicis ionracha a bhaint ónár láithreáin tógála.**

**Chomh maith leis sin, d'fhorbair Oifig na bPáirceanna aip iniúchta saoráidí Áiteanna Súgartha do na Ceantair Bhardasacha agus tá Dréachtstraitéis Súgartha agus Áineasa don Chontae forbartha freisin.**



# LEABHARLANN CONTAE MHAIGH EO

**Meallann leabharlann Mhaigh Eo, an eagraíocht chultúrtha agus oidhreachta is mó sa chontae, thart ar 480,000 cuairteoir gach bliain. Trí thairbhe a bhaint as clár cultúrtha suntasach, reáchtálann leabharlanna Mhaigh Eo breis is 350 imeacht gach bliain, lena n-áirítear raon leathan imeachtaí do leanaí, agus Féile Leabhar na Leanaí a reáchtáiltear i rith mhí Dheireadh Fómhair.**



Ainneoin go raibh seirbhísí ar líne oscailte 24/7, ní raibh ach seirbhísí teoranta ar fáil sna brainsí mar gheall ar an bpaindéim le haghaidh cuid de 2021, agus athosclaíodh seirbhís theoranta i mí na Bealtaine agus osclaíodh na seirbhísí ar fad ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021.

Leanadh ar aghaidh le Clár Éire Ildánach a rolladh amach in 2021. Áirítear i measc na mbuaicphointí: cláir faisnéise maidir le bálseomraí agus ceol Mhaigh Eo agus Micheál Mac Daibhéid; foilseachán maidir le bia traidisiúnta Mhaigh Eo; taispeántas maidir le stíleanna gruaige an lucht siúil agus digitiú an bhailiúcháin grianghraf ó *The Western People* ó na 1950idí agus 60idi agus tionscadal athchóirithe a bhí bunaithe ar iarann traidisiúnta.

## BUAICPHOINTÍ 2021

- **Draíocht na Leabhar,** tionscnamh Leabharlainne a raibh sé mar aidhm leis léitheoireacht i measc na n-óg a spreagadh, trí leabhair phictiúr a úsáid a dhéileálann le tuiscintí, mothúcháin agus ceisteanna casta. Trí líonra d'oibrithe tacaíochta teaghlaigh, teiripeoir urlabhra agus teanga, ionaid acmhainní do theaghlaigh agus tuilleadh, tá leabhair curtha ar fáil do go leor leanaí i gCo. Mhaigh Eo.

- Reáchtáladh an tionscnamh ***Spring into Storytime***, a spreagann tuismitheoirí chun a leanaí a thabhairt chuig seisiúin am scéalaíochta arís, agus bhain go leor daoine tairbhe as seisiúin sheachtainiúla rialta am scéalaíochta ar chainéil meán sóisialta na leabharlainne.

- Tá an clár **Am Léitheoireachta** a chabhraíonn le leanaí spéis a chur sa léitheoireacht agus a bheith níos muiníní agus níos féinmhuiníní á reáchtáil ag oibrithe deonacha ar baill d'fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo iad, daoine a chaitheann am ag léamh do leanaí atá ag freastal ar scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste thar thréimhse 20 seachtain.

- Le haghaidh **Sheachtain na Gaeilge** i mí an Mhárta, eagraíodh imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge.

- Cuireadh neart ábhar nua le suíomh gréasáin na leabharlainne i rith 2021, lena n-áirítear leathanaigh maidir le **Tithe na mBocht Mhaigh Eo**, béaloideas agus nósanna, **Hallaí Rince Mhaigh Eo** agus earraí seandálaíocha.

- Reáchtáladh comhairliúchán poiblí maidir leis an b**Plean Forbartha Leabharlainne** i rith 2021.

- **Éire na Sláinte ag do Leabharlann,** straitéis rialtais a bhfuil sé mar aidhm léi a chinntiú go bhfuil ról lárnach ag leabharlanna sa phobal, a sholáthraíonn acmhainní agus imeachtaí a áireofar sa straitéis náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm léi sláinte a fheabhsú. Reáchtáladh clár imeachtaí, a chlúdaigh ábhair cosúil le meabhairshláinte, athléimneacht, etc ar líne agus bhí sé beo in 2021.

- Osclaíodh **Mol Céadfach Cubbie** i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh chun cabhrú le daoine le lagú céadfach, riachtanais speisialta oideachais agus deacrachtaí foghlama eile.

- Ghlac leabharlanna Mhaigh Eo páirt in **Éire ag Léamh** i mí Feabhra agus thug na húdair Kate Kerrigan agus Faith Hogan cuairt ar an leabharlann, mar aon le peileadóirí Mhaigh Eo, Padraig O'Hora agus David Clarke.

- Reáchtáladh imeachtaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar **Cruinniú na nÓg,** lá cruthaitheachta do dhaoine óga ar fud Mhaigh Eo ar an 12 Meitheamh.

- Ba é **Mikey Daly** ó Chaisleán an Bharraigh an t-aon iontrálaí ó Mhaigh Eo a raibh a scéal gearrliostaithe i gcomórtas Náisiúnta **Réaltaí an tSamhraidh.**

- Dáileadh **Málaí Beaga Leabhar Leabharlainne** ar gach naíonra agus ionad luathfhoghlama i Maigh Eo.

- Reáchtáladh Clár *Work Matters* i Leabharlann Bhéal an Átha, clár a thacaigh le heolas gairme agus gnó.

# FIGIÚIRÍ 2021

**Léigh an 1,159 leanbh** a ghlac páirt i dtionscnamh léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh 4,419 leabhar,

tionscnamh a reáchtáladh i ngach brainse de Leabharlann Contae Mhaigh Eo

**D'fhreastail 600+**

duine ar 16 chaint ar líne a d'eagraigh Éire na Sláinte a bhí dírithe ar ábhair cosúil le cabhrú le leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus buairt a bhainistiú i leanaí agus déagóirí.

**Reáchtáladh 48**

seisiún fíorúil ar líne am scéalaíochta.

**Bronnadh deontais Chomóradh an Chéid ar 22**

pobal le haghaidh imeachtaí agus tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo ceiliúradh a dhéanamh ar Chogadh na Saoirse lena n-áirítear in Ceathrú Chinnéide, Tuar Mhic Éadaigh, Béal an Átha, Iorras, Béal Átha hAmhnais agus Cathair na Mart. Ag deireadh na bliana foilsíodh stair Chomhairle Contae Mhaigh Eo, *Rebels in the Courthouse*, ag deireadh 2021.

**Dáileadh 500**

ceadúnas ilchéadfach TTRS (Tadhaill Clóscríobh Léigh agus Litrigh) ar thuismitheoirí agus múinteoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

**1,000**

Is í seirbhís leabharlainne Mhaigh Eo an t-aon seirbhís leabharlainne in Éirinn ná sa Ríocht Aontaithe atá ag soláthar **Scéim Iasachtaithe na nUirlisí Ceoil** agus bhí breis is 1,000 uirlis ar iasacht ar fud an chontae in 2021.

**50,000**

Tá **Bailiúchán Liam Lyons** ina bhfuil breis is 50,000 íomhá ar fáil ar shuíomh gréasáin na leabharlainne do phobal Mhaigh Eo sa bhaile agus thar lear.

**Dáileadhh 100**

paicéad síolta mar chuid den chlár *Grow it Forward* agus i gcomhar le *Grow it Yourself*. Chláraigh rannpháirtithe, trína leabharlann áitiúil, chun bia dá gcuid féin a fhás trí thairbhe a bhaint as pacáiste GIY saor in aisce do thosaitheoirí agus spreagadh iad chun síolta, síológa nó táirgí a roinnt le 9 nduine eile.

**Bhain 22**

grúpa pobail tairbhe as deontais Éire Ildánach, le haghaidh tionscadal éagsúil cosúil le tionscnaimh do dhaoine a bhfuil uathachas orthu i gCaisleán an Bharraigh agus tionscadal dearfach do dhaoine óga i mBaile an Átha agus taispeántas ealaíne amuigh faoi spéir i mBéal an Mhuirthead agus dealbha sailí in An tSráid.

**Reáchtáladh 9**

n-imeacht beo agus raon imeachtaí ar líne réamhthaifeadta a chiallaigh go bhféadfadh gach scoil páirt a ghlacadh sna himeachtaí ag am oiriúnach mar chuid d'Fhéile Leabhar na Leanaí i mí Dheireadh Fómhair




## Bailiúchán Jackie Clarke

### Deich mBliana na gCuimhneachán

Mar chuid de **Dheich mBliana Cuimhneachán** Chomhairle Contae Mhaigh Eo, suiteáladh múrphictiúr deas de Chogadh na Saoirse i nGairdín Bhailiúchán Jackie Clarke.

Ar an 6 Nollaig 2021 ceiliúradh 100 bliain ó síníodh an Conradh a bheadh mar bhonn leis an gCogadh Sibhialta tragóideach in Éirinn in 1922. Chun an ócáid seo a chomóradh, phléigh an tOllamh Colum Kenny, údar *Midnight in London, The Anglo- Irish Treaty Crisis 1921*, imeachtaí na hoíche cinniúnaí sin i stair na hÉireann mar chuid d'imeacht Zoom.



# OIFIG OIDHREACHTA MHAIGH EO

**Tacaíonn an Oifig Oidhreachta le feasacht, spéis, eolas, mórtas agus caomhnú oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae.**



## 2021 BUAICPHOINTÍ

- Bhí **Scréachóga Reilige** le feiceáil ar fud Mhaigh Eo arís. Le blianta fada anuas, bhí daonraí na scréachóg ag laghdú agus anois glactar leo mar Éan lena mBaineann Imní Caomhantais in Éirinn atá ainmnithe i Liosta Dearg na Speiceas faoi Bhagairt. Glacadh le cur chuige **Suirbhé Eolaíochta agus Straitéiseach Saoránach** chun measúnú a dhéanamh ar stádas dhaonra na Scréachóige Reilige i Maigh Eo agus chun bonn eolais a sholáthar dá riachtanais chaomhantais.
- Foilsíodh **Scrúdú Sláinte Bhaile Bhéal an Átha**.
- Rinneadh suirbhé ar **Speicis Choimhthíocha Ionracha** ar Ghlasbhealach Chaisleán an Bharraigh go dtí Turlach agus baineadh tairbhe as tacaíocht ó Chiste an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta. Tá Plean Bainistíochta ullmhaithe, agus tá cuir chuige molta chun speicis ionracha feadh an bhealaigh a rialú/a bhaint.
- Ba é an téama a roghnaíodh do **Fhéilire Oidhreachta Mhaigh Eo 2021** ***Bogaigh Mhaigh Eo***. Tá íomhánna agus faisnéis maidir le rogha bogach i Maigh Eo le fáil san fhéilire agus na speicis atá ag brath orthu chun iad a choinneáil beo

**In 2021 lean Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo ar aghaidh ag obair le pobail, agus tugadh cabhair dóibh le taighde a dhéanamh agus le faisnéis a bhailiú, agus chun a n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn. Seo a leanas cuid de na príomhthionscadail a cuireadh i gcrích:**

- 40 tionscadal a raibh sé mar aidhm leo oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha Mhaigh Eo a cheiliúradh, tionscadail a bhí eagraithe ag grúpaí agus oibrithe deonacha a taispeánadh ar líne nó ag ionad fisiciúil i rith **Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta 2021.**
- Tacaíodh le 17 nGrúpa Pobail chun tabhairt faoi Thionscadail Oidhreachta agus fuarthas maoiniú ó **Scéim Deontas Oidhreachta Pobail** Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
- Rinneadh Suirbhéanna Digiteacha agus Taifeadadh 3D de shéadchomharthaí roghnaithe mar chuid d'fhorbairt leanúnach **Chonair Oidhreachta Chill Mobhí.**
- Rinneadh obair athchóirithe agus deisiúcháin ar oibreacha iarainn stairiúla in **Reilig Eaglais Mhuire** i mBaile an Róba.
- **Tionscadal Cruthúnais Choincheapa Innilte Ghunnaire Ghabhar na hÉireann.** Mar chuid den tionscnamh ceannródaíoch seo baineadh úsáid sa Seanghabhair Éireannacha chun déileáil leis an bplanda ionrach ar a dtugtar an Gunnaire, agus ba é seo an chéad tionscnamh dá leithéid in Éirinn
- Lainseáladh físeán ina bhfuil Stair agus Oidhreacht shaibhir **Loch Ceara** á gceiliúradh ar an **Lá Náisiúnta Oidhreachta Uisce** i mí Lúnasa 2021.
- Comhairliúchán poiblí maidir le **dréacht-Phlean Bithéagsúlachta Bhaile an Átha.** Reáchtáladh feachtas faisnéise níos ginearálta maidir le bithéagsúlacht, pailneoirí agus Plean Uile-Éireann um Pailneoirí, i sraith fógraí a craoladh ar stáisiún raidió *Midwest*.
- Tacaíodh le **Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhaigh Eo.**
- Leanadh ar aghaidh le **Straitéis Chomórtha** Mhaigh Eo a chur chun feidhme i rith 2021.

## Tionscadal Bogach Mhaigh Eo

Tá tacar sonraí GIS de láithreáin bogach aitheanta agus phoitéinsiúla sa chontae cruthaithe. Tá teorainneacha breis is 1170 láithreán sainaitheanta agus mapáilte. Cruthaíodh an tacar sonraí seo trí thairbhe a bhaint as an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta, agus is áis luachmhar a bheidh ann chomh fada is a bhaineann le pleanáil chaomhantais amach anseo agus éascóidh sé suirbhéanna bogach agus cláir thaighde spriocdhírithe a dhearadh.

## Suirbhé ar Oidhreacht Thionsclaíoch

Rinneadh staidéar ar oidhreacht thionsclaíoch na mbailte seo a leanas - Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha agus Cathair na Mart, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta. Rinneadh moltaí maidir le hathúsáid agus bainistíocht na láithreán. Áiríodh oidhreacht thionsclaíoch níos déanaí ón 20ú haois sa staidéar, mar aon le tionscadal stairsheanchais maidir leis an Monarcha Asahi a bhí ag feidhmiú i gCill Ala tráth dá raibh.

## Suirbhé Gráinneog Mhaigh Eo

Tá a fhios againn ar fad go bhfuil neart gráinneog le fáil ar fud na hÉireann, ach níl mórán ar eolas againn maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an daonra ag méadú, ag laghdú nó ag fanacht mar an gcéanna. Is léir ó staidéir faireacháin a rinneadh le déanaí i dtíortha Eorpacha eile go bhfuil meath tapa ag teacht ar an daonra gráinneog. Is tionscnamh eolaíochta saoránach é Suirbhé Gráinneog Mhaigh Eo a rinneadh in 2021 agus tugtar deis do dhaoine, ar bhonn deonach, suirbhé a dhéanamh ar na gráinneoga atá le fáil ina ngairdíní nó ceantair áitiúla.

## Pobail ar son na Bithéagsúlachta

Soláthraíonn an tionscadal leanúnach seo tacaíocht agus comhairle do phobail maidir le cruthú agus feabhsú gnáthóg, plandú, mapáil agus rialú speiceas ionrach, bainistiú fásra agus taifeadadh speiceas. Cuirtear tacaíocht ar fáil do phobail chun gníomhartha a chur chun feidhme ina bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bliantúla. Áirítear i measc na bpríomhthionscadal a cuireadh i gcrích in 2021, tionscadail feabhsaithe bithéagsúlachta ag Na Ráithíní, Caisleán an Bharraigh, Tailte Leabharlann Bhaile an Róba agus Páirc Mílaoise Mhuraisce.

## Bainistíocht Caomhantais

Ullmhaíodh pleananna caomhaontais do Mhainistir agus Reilig Chill Ghaobhair, Séipéal Chluain Cearbán agus Chnoc an Teampaill, agus fuarthas tacaíocht ó Chiste Séadchomharthaí Náisiúnta Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tarraingítear aird sna pleananna seo ar shuntas na láithreán seo agus beidh siad mar bhonn le straitéisí caomhantais le haghaidh na láithreán seo. Bunaithe ar Phlean Bainistíochta Caomhantais a ullmhaíodh in 2021, tugadh faoi chlár d'oibreacha caomhantais, a bhí riachtanach chun an séadchomhartha a chaomhnú ag Mainistir na Cille, Sruthair, i gcomhpháirt le hoifig ceantair Bhaile an Róba.

## Conair Oidhreachta Chill Mobhí

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair forbartha ar an gConair Oidhreachta seo in oirthear Mhaigh Eo. Tá oibreacha seandálaíocha curtha i gcrích ag roinnt láithreán conair ar mhaithe le cuma na háite a fheabhsú agus rochtain a sholáthar.

## Seanreilig an Chillín

Cuireadh oibreacha caomhantais agus deisiúcháin i gcrích ag Seanreilig an Chillín, Áth Tí an Mheasaigh. Is séadchomhartha taifeadta é, agus is ag an láithreán seo atá uaigh teaghlaigh an Athar Patrick Peyton, CSS, 'Sagart an Phaidrín', nach maireann

40 tionscadal ag ceiliúradh oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha Mhaigh Eo, eagraithe ag grúpaí agus oibrithe deonacha, taispeánta ar líne nó eagraithe in ionad fisiciúil i rith **Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta 2021**.

# PLEANÁIL & FORBAIRT

**Próiseálann an Rannóg Bainistíochta Forbartha gach iarratas pleanála do Chontae Mhaigh Eo, lena n-áirítear iarratais ó iarcheantair Chomhairle an Bhaile, Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart. Tá an bhéim a bhí á leagan sa Rannóg Bainistíochta Forbartha athraithe ó fheidhm rialaithe pleanála (próiseáil iarratas pleanála) go dtí forbairt gheilleagrach agus táthar ag tacú le forbairt i ngach baile agus ceantar sa Chontae.**



Ainneoin gur chuir an coróinvíreas isteach go leanúnach ar an mbealach ar lean gach údarás áitiúil ar aghaidh le seirbhísí a sholáthar in 2021, lean seirbhís na Bainistíochta Forbartha Pleanála ar aghaidh ag déileáil le líon níos mó iarratas réamhphleanála agus Pleanála foirmiúla, trí mheascán de shocruithe cianoibre agus tús áite a thabhairt do chúraimí riachtanacha, a chabhraigh le freastal ar éilimh na seirbhíse pleanála trí chéile. Tá eolas maidir leis líon méadaithe iarratas le fáil thíos:

| CUR SÍOS AR AN NGNÍOMHAÍOCHT | 2020 | 2021 | +/- I GCOMPARÁID LEIS AN MBLIAIN ROIMHE SIN | % |
|---|---|---|---|---|
| Iarratais Chomhairliúcháin Réamhphleanála | 189 | 301 | (112+) | 37.2 |
| Iarratais Phleanála Bailí | 1,055 | 1,433 | (378+) | 26.3 |
| Cinntí Diúltú d'Iarratas | 55 | 84 | (29+) | 34.5 |
| Cinntí Cead a Thabhairt | 784 | 1,196 | (412+) | 34.4 |
| Cinntí achomharc chuig An Bord Pleanála | 31 | 55 | (24+) | 43.6 |
| Cinntí déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo atá deimhnithe ag An Bord Pleanála | 26 | 29 | (3+) | 10.3 |
| Cinntí déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo atá aisiompaithe ag An Bord Pleanála | 5 | 7 | (2+) | 28.5 |

# BUAICPHOINTÍ 2021

- **Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo:** Lean an rannóg Pleanála Chun Cinn ar aghaidh le Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo nua a fhorbairt agus cuireadh an chéim chomhairliúcháin phoiblí de Dhréachtphlean Forbartha Contae Mhaigh Eo i gcrích i Ráithe 1 de 2021, agus ina dhiaidh sin ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis an Dréacht-Aighneachtaí a fuarthas, tuarascáil a ullmhaíodh i mí Meithimh 2021 a bhí le breithniú ag na baill. Mar thoradh ar bhearta speisialta a bhunaigh an Rialtas do gach Údarás Pleanála, áfach, i ndáil le síneadh a chur leis an dáta chun glacadh le Pleananna Forbartha, iarchuireadh breithniú ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Mhaigh Eo go dtí 2022.

- **Pleananna Ceantair Áitiúil:** Chuir Rannóg Pleanála Chun Cinn Chomhairle Contae Mhaigh Eo tús leis an obair ullmhúcháin a bhain le Pleananna Ceantair Áitiúil (LAP) do na bailte seo a leanas - Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart. Ullmhaíodh páipéir eisiúna do gach baile, i gcomhpháirt le comhairliúcháin phoiblí réamhdhréachta i Ráithe 1 agus Ráithe 2 de 2021, agus ullmhaíodh Tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh bunaithe ar aighneachtaí a fuarthas i rith gach tréimhse taispeána..

# FIGIÚIRÍ 2021

## Bhain 55

achomharc chuig **An Bord Pleanála** le cinntí a rinneadh Comhairle Contae Mhaigh Eo. As an 55 cinneadh a achomharcadh, d'aisiompaigh an Bord 7 gcinneadh.

## 1,196

**cinneadh chun cead pleanála a thabhairt** eisithe i rith 2021, sin méadú **412** i gcomparáid le figiúirí 2020. Eisíodh **84** cinneadh cead pleanála a dhiúltú i rith na bliana, sin méadú de **29** i gcomparáid le 2020.

## 301

Tá níos mó béime leagtha ar an **bpróiseas réamhphleanála** foirmiúil. In 2021 rinneadh **301** iarratas réamhphleanála, sin méadú de **112** i gcomparáid le 2020.

## Fuarthas 1,433

**iarratas Pleanála** bailí i rith 2021, sin méadú de **378** i gcomparáid le 2020. B'ionann é seo agus méadú **26.3%**.

# FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

**Is í príomhfheidhm na Rannóige Forfheidhmithe Pleanála imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i scríbhinn a fuarthas i ndáil le forbairtí neamhúdaraithe líomhanta de réir Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).**

De bhrí gurb é Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Forfheidhmithe Pleanála do cheantar riaracháin Chontae Mhaigh Eo, is í an phríomhfheidhm atá againn imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i scríbhinn, a fuarthas i ndáil le forbairtí neamhúdaraithe líomhanta de réir Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Tá achoimre ar ghníomhaíochtaí na Rannóige Forfheidhmithe Pleanála le fáil thíos, ar fianaise é ar mhéadú ar ghníomhaíochtaí forbartha neamhúdaraithe i rith na paindéime, i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin agus freagairt Chomhairle Contae Mhaigh Eo don mhéid sin.

## Tábla 1: Gníomhaíocht Forfheidhmithe Pleanála idir 2016 agus 2020

| CUR SÍOS AR AN NGNÍOMHAÍOCHT | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| An líon gearán nua | 129 | 131 | 129 | 151 | 210 |
| An líon gearán a réitíodh | 115 | 83 | 52 | 89 | 72 |
| An líon gearán ar diúltaíodh dóibh | 41 | 22 | 23 | 29 | 29 |
| An líon Litreacha Rabhaidh a eisíodh | 89 | 89 | 77 | 99 | 134 |
| An líon Fógraí Forfheidhmithe eisithe | 16 | 20 | 5 | 18 | 16 |
| An líon comhad curtha ar aghaidh chuig Aturnae na Comhairle Contae | 42 | 40 | 47 | 1 | 0 |
| An líon ionchúiseamh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

# RIALÚ TÓGÁLA

## Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Rialaithe Tógála do cheantar riaracháin Chontae Mhaigh Eo.

Áirítear i measc na ndualgas maoirseacht rialála ar an gcóras Rialaithe Tógála agus faireachas margaidh faoi Rialacháin Feidhmíochta Fuinnimh Foirgnimh an Aontais Eorpaigh agus Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta an Aontais Eorpaigh.

Cuimsítear anseo measúnú a dhéanamh chun críche bhailíochtú na bhfógraí tionscnaimh agus teastais chomhlíonta nuair a bheidh an obair críochnaithe, measúnú na n-iarratas ar an Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus iarratais ar Dhispeansáid/Maolú na Rialachán Foirgníochta. Tá achoimre ar an ngníomhaíocht a bhaineann le hiarratais le fáil i dTábla 1.

### Tábla 1: Iarratais ar an Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas 2017 - 2021

| CUR SÍOS AR AN NGNÍOMHAÍOCHT | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais DAC | 82 | 81 | 81 | 56 | 73 |
| Iarratais DAC Bhailí | 76 | 71 | 78 | 52 | 68 |
| Iarratais DAC Neamhbhailí | 6 | 10 | 3 | 4 | 5 |
| An líon iarratas DAC inar tugadh cuireadh don iarrthóir breis faisnéise a sholáthar | 26 | 23 | 23 | 20 | - |
| An líon iarratas DAC inar cuireadh síneadh leis an tréimhse uasta ama forordaithe chun breithniú a dhéanamh ar iarratais | 6 | 6 | 9 | 12 | 0 |
| An líon Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a eisíodh | 77 | 74 | 76 | 50 | 75 |
| Laistigh de dhá mhí | 72 | 69 | 66 | 34 | 75 |
| Níos mó ná 2 mhí | 5 | 5 | 10 | 16 | 0 |
| Ceadaithe le coinníollacha | 62 | 51 | 53 | 33 | 42 |
| Ceadaithe gan coinníollacha | 15 | 23 | 23 | 17 | 33 |
| An líon iarratas DAC ar diúltaíodh dóibh | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iarratas ar Dhispeansáid/Maolú | 2 | 7 | 4 | 3 | 1 |
| Dispeansáidí/Maoluithe Ceadaithe | 2 | 6 | 5 | 2 | 1 |

Déantar Rialacháin Tógála le haghaidh cuspóirí sonracha, e.g. chun freastal ar, i ndáil le foirgnimh, sláinte, sábháilteacht agus leas daoine, breosla agus fuinneamh a chaomhnú agus rochtain do chách a chinntiú.

Cuirtear Cigireachtaí Rialaithe Tógála i gcrích ag líon teoranta foirgneamh a shainaithnítear bunaithe ar Fhógraí Tosaithe bailí eisithe, arb é an aidhm atá leis spotseiceálacha a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialachán Tógála. Déileáiltear le formhór na sáruithe a bhaineann leis na rialacháin trí chaibidlíocht fhadtréimhseach. Uaireanta bíonn sé riachtanach imeachtaí forfheidhmithe dlí a thionscnamh.

Tá achoimre ar an ngníomhaíocht a bhaineann le Fógraí Tosaithe próiseáilte agus Cigireachtaí Rialaithe Tógála le fáil i dTábla 2.

## Tábla 2: Fógraí Tosaithe Rialaithe Tógála agus Gníomhaíocht Chigireachta 2017 - 2021

| FÓGRAÍ TOSAITHE | AN LÍON FOIRGNEAMH | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
| Nua | 435 | 511 | 550 | 433 | 498 |
| Síntí | 90 | 107 | 104 | 101 | 121 |
| Athrú Úsáide | 21 | 13 | 18 | 9 | 18 |
| Athrú Ábhartha | | 22 | 28 | 14 | 22 |
| IOMLÁN | 546 | 653 | 700 | 557 | 659 |
| **CIGIREACHTAÍ/ FORFHEIDHMIÚ** | **AN LÍON FOIRGNEAMH** | | | | |
| | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** | **2021** |
| An líon foirgneamh nua a ndearnadh cigireacht orthu | 65 | 59 | 77 | 56 | 100 |
| An líon cigireachtaí déanta lena n-áirítear roinnt cigireachtaí éagsúla ar an bhfoirgneamh céanna | 212 | 248 | 315 | 395 | 511 |
| An líon foirgneamh clúdaithe ag CN bailí áit ar lorgaíodh faisnéis/doiciméid | | 75 | 78 | 22 | 69 |
| An líon Fógraí Forfheidhmithe seirbheáilte | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |


Cuimsítear i measc breithmheas eile a rinneadh measúnuithe ar BERanna, Tuarascálacha Tástála Fuaime, Tuarascálacha Aer-Obachta agus Deimhnithe um Chomhlíonadh. Tá achoimre ar an ngníomhaíocht seo le fáil i dTábla 3.

## Tábla 3: Breithmheasanna Eile

<table>
<tr><th rowspan="2">CUR SÍOS AR AN NGNÍOMHAÍOCHT</th><th colspan="5">AN LÍON DEIMHNITHE/TUARASCÁLACHA</th></tr>
<tr><th>2017</th><th>2018</th><th>2019</th><th>2020</th><th>2021</th></tr>
<tr><td>An Líon Deimhnithe um Chomhlíonadh tráth Críochnaithe measúnaithe</td><td>86</td><td>98</td><td>132</td><td>137</td><td>122</td></tr>
<tr><td>An líon Torthaí Tástála Fuaime measúnaithe</td><td colspan="2" rowspan="4">Níl na staitisticí ar fáil</td><td>15</td><td>39</td><td>59</td></tr>
<tr><td>An líon Torthaí Aer-Obachta measúnaithe</td><td>87</td><td>180</td><td>158</td></tr>
<tr><td>An líon BERanna a ndearnadh measúnú orthu</td><td>80</td><td>178</td><td>162</td></tr>
<tr><td>An Líon Deimhnithe um Chomhlíonadh tráth Críochnaithe measúnaithe</td><td>15</td><td>39</td><td>59</td></tr>
</table>

# CÓRAIS FAISNÉISE

**Soláthraíonn Roinn Córas Faisnéise Chomhairle Contae Mhaigh Eo Oibríochtaí TF, Néalseirbhísí, Forbairt Bogearraí, soláthar crua-earraí, Córais Faisnéise Geografaí (GIS), Slándáil Líonra TF agus seirbhísí bonneagair don Chomhairle**



Soláthraímid ardán digiteach dár mbaill foirne, comhairleoirí, saoránaigh, cuairteoirí agus gnóthaí chun tacú le soláthar seirbhíse feabhsaithe. Is é an aidhm atá againn níos mó seirbhísí de chuid na Comhairle a dhigitiú don phobal de réir straitéis Chónascadh Rialtais 2030:

**"Cónascadh Rialtais 2030: Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann ina sonraítear cur chuige a bhfuil sé mar aidhm leis rialtas digiteach a sholáthar do gach duine, a rachaidh chun tairbhe na sochaí agus an gheilleagair trí chéile. Ní mór don tSeirbhís Phoiblí in Éirinn tairbhe a bhaint as digitiú chun dlús a chur leis an mbealach a idirghníomhaíonn daoine, gnóthaí agus lucht déanta beartas le chéile a athrú, agus a chinntiú go bhfuil idir-inoibritheacht le tabhairt faoi deara ag gach leibhéal den rialtas agus ar fud na seirbhísí poiblí. Ní mór dúinn a chinntiú, nuair a bheidh ár seirbhísí poiblí á ndigitiú againn, go nglacaimid le cur chuige "tús áite don úsáideoir" agus "tús áite don ghnó"**

Tá Roinn na gCóras Faisnéise ag leanúint ar aghaidh ag cur lena cuid cumas chomh fada is a bhaineann leis an ardán teicneolaíochta agus le hinniúlacht foirne trí oiliúint theicniúil agus ghairmiúil a sholáthar go leanúnach agus trí chúrsaí oideachais a chuirtear i gcrích i rith na bliana. Is córas é Bainistíocht Feidhmíochta agus Córas Forbartha (CBFF) a úsáidtear chun cuspóirí a shonrú, feidhmíocht ball foirne a athbhreithniú agus a threisiú; cuireadh é seo chun feidhme sa Roinn Córas Faisnéise in 2021.

Bhí neart dúshlán le sárú ag baill foirne Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2021 mar gheall ar phaindéim leanúnach an Choróinvíris in Éirinn. Bhí ról lárnach ag acmhainn teicneolaíochta na heagraíochta ina cumas leanúint ar aghaidh le seirbhísí a sholáthar. Tá ceadúnais Office 365 ag formhór de bhaill foirne Chomhairle Contae Mhaigh Eo a d'éascaigh cianobair agus comhoibriú roinnte, trí úsáid a bhaint as MS Teams agus feidhmchláir eile.

Lean cibearbhagairtí le baol a chruthú d'oibríochtaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Cuireadh go leor maoluithe i bhfeidhm sa Roinn Córas Faisnéise in 2021 chun córais agus sonraí Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chosaint.

# FIGIÚIRÍ 2021

Ghlac an deasc freastail le breis is **4,200+ iarratas seirbhíse i rith** 2021

Coimeádadh creidiúnú **ISO 27001:2013** Caighdeán Slándála - Córais Bhainistíochta Córas Faisnéise (ISMS).



### In 2021, chuir an Roinn Córas Faisnéise obair a bhain leis na tionscadail seo a leanas i gcrích:

- Leathnaíodh an cumas cianoibre chun freastal ar chianobair shlán ball foirne a bhíodh lonnaithe san oifig, agus san áireamh anseo bhí imscaradh crua-earraí agus tacaíocht theicniúil a thabhairt do bhaill foirne.
- Imscaradh, forbairt agus faireachán ar thimpeallachtaí slána do chianobair lena n-áirítear VPNanna (Líonraí Príobháideacha Fíorúla) chun deis a thabhairt do bhaill foirne nascadh go slán le córais na Comhairle ón mbaile.
- Díchoimisiúnaíodh an seanfhreastalaí comhad, baineadh na sonraí seanchaite agus glanadh na sonraí bailí ar fad agus ascnaíodh iad chuig an bhfreastalaí comhad nua.
- Córas na Deisce Freastail TF - bainistíocht teagmhas agus fadhbanna agus soláthar gléasanna d'úsáideoirí agus bainistíocht saolré. Dhéileáil an Roinn Córas Faisnéise le breis is 4,200 iarratas a cuireadh chuig an deasc freastail in 2021.
- Coimeádadh creidiúnú ISO 27001:2013 Caighdeán Slándála - Córais Bhainistíochta Córas Faisnéise (ISMS).
- Forbraíodh an Bord um Fhaomhadh Athruithe (CAB) chun athrú córas a bhainistiú.
- Uasghrádú agus athsholáthar iomlán an WAN Gan Sreang ar naisc agus ar ardsuíomhanna éagsúla.
- Athsholáthar/uasghrádú Lasc an Líonra curtha i gcrích ag roinnt suíomhanna.
- Faireachán réamhghníomhach leanúnach ar shuíomhanna agus trealamh líonra achair fhairsing.
- Athsholáthar UPS i seomraí Freastalaí.
- Uasghrádú na gCóras Aerchóirithe sa Seomra Freastalaí.
- Ascnamh, uasghráduithe agus díchoimisiúnú leanúnach na gcóras agus na bhfreastalaithe oidhreachta.
- Bainistíocht saolré gléasanna móibíleacha, teileafón agus conarthaí sonraí le soláthraithe.
- Tacaíocht theicniúil agus comhoibriú leanúnach leis an Roinn Cumarsáide ar www.Mayo.ie.
- Forbraíodh roinnt aipeanna nua don fhoireann oifige lena n-áirítear Aipeanna Cúram do Chustaiméirí & Sláinte agus Sábháilteachta.
- Cuireadh an próiseas tairisceana agus soláthair a bhain le conarthaí crua-earraí agus seirbhíse i gcrích.
- Forbairt córas, sreafaí oibre uathoibrithe agus uasghráduithe d'fheidhmchláir aonaid ghnó.
- Díchoimisiúnaíodh Freastalaithe 2003 & 2008.
- Cuireadh tús leis an ascnamh ó Docuware go iDocs.
- Cuireadh an obair a bhain le Córas CRM do Bhloic Choincréite Lochtacha a fhorbairt i gcrích.
- Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil do Chomhairleoirí agus do chruinnithe de chuid na Comhairle.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do chórais GIS, cuireadh seirbhísí mapála ar fáil agus bainistíodh néal-ardáin GIS.
- Uasghrádú Fhreastalaí & Fheidhmchlár FME.
- Forbraíodh Aipeanna suirbhéireachta éagsúla do rannóga / Ceantair Bhardasacha lena n-áirítear Seirbhísí Uisce, Timpeallacht, Turasóireacht & Bóithre.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do bhainistíocht comhad agus taifead agus do rialachas sonraí agus bainistíocht comhlíonta.
- Cuireadh tacaíocht oideachais agus oiliúna ar fáil do Bhaill Foirne TF laistigh de chreat forbartha cumais.
- Cuireadh obair a bhain leis na Deontais Atosaithe Gnó i gcrích.
- Rannpháirtíocht i ngrúpaí slándála náisiúnta agus réigiúnacha lena n-áirítear *HIS Group*, *MyCoCo* agus *Build To Share Groups*.

# CLAOCHLÚ DIGITEACH

**Bhí an Roinn um Chlaochlú Digiteach bunaithe ar fhís ionad oibre níos digití, tríd an oiread teicneolaíochta agus is féidir a chumasú chun próisis inmheánacha agus sheachtracha a chlaochlú chun an saol a dhéanamh níos éasca do chustaiméirí agus do bhaill foirne.**



Tá an rannóg ag feidhmiú mar phríomhpháirtí i ndáil le dhá thionscadal atá á maoiniú ag Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach faoin Ais Chultúrtha agus Oidhreachta. Ceann de chuspóirí Thionscadal Stratus é cur le cumas na bpobal atá iargúlta agus a bhfuil an daonra scaipthe iontu ionas gur féidir bainistíocht timpeallachta inbhuanaithe a dhéanamh trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí bunathraitheacha cosúil le réaltacht fhíorúil.

Bhí ról lárnach ag Microsoft Teams i mbaill foirne a chumasú chun oibriú ó chian in 2021 agus comhoibriú digiteach ar fud na comhairle a fheabhsú.

## BUAICPHOINTÍ 2021

- Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) - An Chéim Fionnachtana.
- Tionscadal Orduithe an Phríomhfheidhmeannaigh - Céim I.
- Feabhsuithe ar an Tairseach Chomhairliúcháin chun tacú le Plean Forbartha Contae 2021-2027.
- Cruinnithe Fíorúla Comhairle.
- Aip Cigireachtaí Tithíochta.
- Catalóg Seirbhísí Náisiúnta (2018-2021).
- Digitiú Foirmeacha Iarratais (sna ranna inmheánacha).


For the Best
Local, Quality
Fresh Food
SuperValu
SuperValu
Kavanagh's
Claremorris
Visitor
Information
Clinic.ie

# FIONTAR, POBAL, FORBAIRT GHEILLEAGRACH & TURASÓIREACHT

**SA RANNÓG SEO**

Rannpháirtíocht sa Phobal

Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo

Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

Oifig Fiontair Áitiúil

Infheistíocht

Turasóireacht, Áineas & Conláistí

An tAonad Leathanbhanda & Forbartha Digití

Seirbhís Ealaín Mhaigh Eo

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council



# RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL

**Bunaíodh an Rannóg Rannpháirtíochta sa Phobal chun folláine pobail a neartú agus a fheabhsú trí Thacú le Rannpháirtíocht: Rannpháirtíocht chathartha a chumasú i dtionscnaimh agus i gceapadh beartais a bhfuil sé mar aidhm leis caighdeán na beatha a fheabhsú do gach duine, Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Fhorbairt: Ag obair le heagraíochtaí eile agus leis an earnáil dheonach chun torthaí níos fearr a chinntiú do phobail ar fud an Chontae sna réimse seo a leanas - forbairt pobail, spóirt agus cúram leanaí, agus Maoirseacht: Trédhearcacht agus dea-rialachas a chinntiú i riar clár atá ag tacú le forbairt pobail, spóirt agus cúraim leanaí.**

Forbairt Chomhtháite, Forbairt Pobail & Ionchuimsiú Sóisialta a Éascú & Tacú Léi

# BUAICPHOINTÍ 2021

**An Pobal Feasta: An tSráid,** trí mhodhanna ar líne a úsáid, athnuadh Plean an Phobail Feasta, agus chuir Baile an Róba agus Pobal an Lucht Siúil i Maigh Eo tús leis an bpróiseas i rith 2021. Tá 32 plean forbartha agus tá a gcuid pleananna athnuaite ag 18 bpobal.

Ghlac **Béal Átha hÉin, Béal an Átha, An Cillín** agus **Tionscadal Táin Bó** páirt i **nGradaim Náisiúnta Mórtas Ceantair 2021.**

Tá sé mar aidhm ag Grúpa **Maigh Eo In Aghaidh an Chiníochais** a chinntiú gur crios "Saor ó Chiníochas" a bheidh i Maigh Eo. Páirteach sa ghrúpa seo tá gníomhaithe pobail, baill den earnáil phobail agus dheonach agus comhlacht reachtúil. Bunaíodh an Grúpa ina 2020 agus tá fás tugtha faoi deara i rith 2021.

Chuir Fóram um Imeascadh Imirceach Mhaigh Eo críoch le **Straitéis um Imeascadh Imirceach Mhaigh Eo** i mí na Nollag 2021.

Seoladh **Straitéis Sláinte Mhaigh Eo 2020 - 2023,** i mí Aibreáin 2021 agus ba é an aidhm a bhí leis an straitéis tacú le gníomhaíochtaí suntasacha **Chlár Mhaigh Eo Sláintiúil** ar fud an chontae.

Sheol **Comhairle na nÓg Mhaigh Eo** tionscnamh meabhairshláinte agus aclaíochta le cabhair ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
Ghlac 748 rannpháirtí as ar fud Mhaigh Eo páirt san imeacht a reáchtáladh thar thréimhse 4 seachtaine. In 2021 is ag díriú ar **comhionannas** a bhí siad agus reáchtáladh a gCruinniú Cinn Bliana ar Zoom i mí Dheireadh Fómhair.

Lean Meitheal **Oideachais agus Oiliúna** LCDC ag tacú le mic léinn trí eolas maidir le gairmeacha a chur ar fáil do dhaoine a bhí ar tí an iar-bhunscoil a fhágáil, mar aon le heolas a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil ar spéis leo filleadh ar an oideachas ar mhaithe le hathrú gairme, uasoiliúint nó athoiliúint. Reáchtáil an grúpa dhá sheimineár gréasáin idirghníomhacha i rith 2021.

Reáchtáladh imeachtaí i mBéal Átha hAmhnais, Baile an Róba, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart chun comóradh a dhéanamh ar **Lá Náisiúnta Súgartha 2021**, agus ghlac breis is 100 leanbh ó phobal an Lucht Siúil agus ón bpobal Dídeanaithe, agus leanaí atá i Soláthar Díreach páirt iontu.

Seoladh **Feachtas Tacaíochta Beathaithe Cíche Mhaigh Eo** chun tacú le agus chun líon níos mó ban a spreagadh chun a leanaí a bheathú leis an gcíoch trí thimpeallacht a thacaíonn le beathú cíche a fhorbairt i ngnóthaí, eagraíochtaí agus pobail áitiúla.

D'éirigh le Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Mhaigh Eo athstruchtúrú a dhéanamh i mí Meithimh 2020 agus i rith 2021 cuireadh tús leis an obair a bhain le **Plean Phobal Feasta an Lucht Siúil**.

Ba é *nascadh* téama **Sheachtain Feasachta Ionchuimsiú Sóisialta Mhaigh Eo** a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus i rith na seachtaine reáchtáladh breis is 50 imeacht fíorúil agus fisiciúil ar fud Mhaigh Eo. Bhí an pobal LGBTI + freagrach as na Príomhimeachtaí maidir le hInscne agus Féiniúlacht Ghnéis a reáchtáil. Chomh maith leis sin, seoladh an grúpa **Maigh Eo In Aghaidh an Chiníochais** i rith na Seachtaine Ionchuimsithe Shóisialta. Físeán pobail dar teideal **'Ná Glac le Ciníochas'** an chéad rud a rinne an grúpa.

Reáchtáil an **Comhaontas Aoisbhá** cúig chruinniú in 2021 agus bhuail **Comhairle Daoine Breacaosta Mhaigh Eo** le chéile sé huaire in 2021. Reáchtáladh na cruinnithe ar fad ar líne. Áiríodh i measc na dtionscnamh a cuireadh i gcrích i rith na bliana: Tabhair Aire don tSláinte ag Gach Aois, tionscnamh a chiallaigh go raibh táibléid á gcur ar fáil do cheithre theach altranais, staidéar Insiúltachta ar Leabharlann Bhéal an Átha ar mhaithe le stádas Aoisbháúil a bhaint amach agus tionscadal idirghlúine le Comhairle na nÓg.

D'oibrigh Grúpa *Maigh Eo In Aghaidh an Chiníochais* le Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann chun **Clár Brataí Buí na Scoileanna** a bhunú in dhá scoil i Maigh Eo. Is ionann an Clár seo agus sampla de chur chuige scoile uile maidir le déileáil le ciníochas.

Bhain 13 eagraíocht pobail tairbhe as **Ciste Meabhairshláinte Pobail Scéim na nDeontas Beag** luach €30,000 agus d'éirigh leo gníomhaíochtaí a chur i gcrích de réir Meabhairshláinte Éire na Sláinte.

## TORTHAÍ MAOINITHE 2021

| FOINSE MAOINITHE | LEITHDHÁILEADH IOMLÁN € | AN LÍON TIONSCADAL MAOINITHE (más cuí) |
|---|---|---|
| Scéim na nDeontas Caipitil d'Fhiontair Shóisialta 2021 | 32,837.00 | 12 |
| Ciste Éigeandála Covid-19 | 54,878.00 | 60 |
| Clár Feabhsaithe Pobail | 145.2003.00 | 83 |
| LEADER | 4,658,477.15 | 67 |
| Ciste Athléimneachta Pobail Mhaigh Eo | 67,225 | - |
| Éire na Sláinte (Babhta a Trí) | 421,425.18 | - |

## COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL MHAIGH EO (LCDC):

Bhuail LCDC, Coiste ag a bhfuil Baill Reachtúla agus Neamhreachtúla le chéile 4 huaire in 2021 agus tá 4 mheitheal bunaithe ag an gCoiste:

- Oideachas & Oiliúint
- Sláinte & Folláine
- Ionchuimsiú Sóisialta
- Forbairt Pobail agus Cultúr

a oibríonn mar chuid de struchtúir LCDC.

Is é príomhchúram an choiste Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (LECP) 6 bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus tá an phríomhfhreagracht air as comhordú, pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú forbartha áitiúil agus pobail i gCo. Mhaigh Eo i.e. Cláir SICAP agus LEADER.

Tacaíonn an Coiste le cur chuige níos nasctha agus comhordú níos fearr i ndáil le cur chun feidhme, soláthar agus meastóireacht ar chláir forbartha áitiúla agus pobail.

## LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ MHAIGH EO (PPN)

Is é Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Mhaigh Eo (PPN Mhaigh Eo) an príomhnasc a úsáideann an tÚdarás Áitiúil chun nascadh leis an bpobal, earnálacha deonacha agus timpeallachta sa Phobal.

Tá breis is 1,000 grúpa pobail cláraithe le PPN Mhaigh Eo.

**Áiríodh i measc Ghníomhaíochtaí agus Bhuaicphointí 2021:**

- Físeán maidir leis an Athrú Aeráide & Bithéagsúlacht a Fhorbairt
- Lá Oscailte Pobail PPN Mhaigh Eo – Imeacht Feasacht Ionchuimsithe Shóisialta bunaithe ar an téarma "Pobail atá Scartha óna Chéile a Nascadh lena Chéile"
- Cruinnithe Ceantair Bhardasaigh PPN Mhaigh Eo
- Cúrsaí Oiliúna saor in aisce a chur ar fáil do Ghrúpaí Pobail PPN
- Gnéithe na hAoine PPN Mhaigh Eo: Spotsolas ar Ghrúpaí Pobail PPN
- Cruinnithe Iomlánacha agus Tráthnónta Eolais PPN Cho. Mhaigh Eo

# COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA (JPC)

Fóram a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le comhairliúchán agus comhoibriú maidir le saincheisteanna póilíneachta agus coireachta idir An Garda Síochána, oifigigh údaráis áitiúil, baill thofa agus na hearnálacha pobail agus deonacha. Reáchtáil an coiste 4 chruinniú i rith 2021 (ar líne) agus is iad seo a leanas na príomhréimsí oibre:

- **Rannpháirtíocht sa Phobal**
- **Coireacht agus Drugaí**
- **Bunaíodh Fóram Póilíneachta Áitiúil Bhéal Átha na Muice in 2021.**
- **Tráchta agus Sábháilteacht ar Bhóithre**
- **Ord Poiblí & Iompar Frithshóisialta**

# GNÉITHE POBAIL MHAIGH EO

Is próiseas pobail, ón mbun aníos, é Gnéithe Pobail Mhaigh Eo, a chabhraíonn le pobail Plean Gníomhaíochta Pobail 5 bliana a fhorbairt dá bpobal. Tugtar deis do gach duine cur leis an bPlean Gníomhaíochta agus na hábhair atá ag déanamh imní dóibh agus a gcuid smaointe maidir le forbairt a bpobal féin a chur in iúl. Go dtí seo, tá 32 plean forbartha agus tá a gcuid pleananna athnuaite ag 18 bpobal.

Mar gheall ar an bpaindéim, b'éigean do An tSráid roghanna agus modhanna malartacha cumarsáide agus bailithe eolais a úsáid, e.g. suirbhéanna ar líne, grúpaí WhatsApp etc. agus forbraíodh plean athnuachana nua i rith 2021. Chomh maith leis sin, chuir Baile an Róba tús le próiseas *An Pobal Feasta* in 2021. In 2021, cuireadh tús leis an bpróiseas a bhain le Plean an Phobail Feasta a fhorbairt le Pobal an Lucht Siúil i Maigh Eo, agus tá sé beartaithe an tionscadal seo a chur i gcrích in 2022.

## FÓRAM FREAGARTHA POBAIL COVID MHAIGH EO

Lean Fóram Freagartha Pobail Covid-19 ag bualadh le chéile go rialta i rith 2021 agus chomhordaigh sé soláthar freagairtí spriocdhírithe do na dúshláin a bhain le Covid-19. Áiríodh na nithe seo a leanas sna freagairtí sin:


- Líne Chabhrach Covid-19 ar fáil 7 Lá na Seachtaine
- Maoiniú Covid agus deontais atosaithe
- Léarscáil idirghníomhach ar a bhfuil sonraí maidir le Grúpaí Pobail
- Tacaíochtaí agus faisnéis trí mayo.ie agus PPN Mhaigh Eo
- Bileog Eolais Covid
- Cruinnithe rialta den fhóram chun aon bhearnaí i seirbhísí a shainaithint
- Tionscnaimh éagsúla faoin bhFeachtas *Bí Sláintiúil* a raibh an Ciste Athléimneachta Pobail ag tacú leo
- Leathanach speisialta maidir le Covid-19 ar Mayo.ie

**Cuireadh Maoiniú Éigeandála Covid ar fáil do 60 grúpa, cuid de Chiste Éigeandála 2021 luach €54,878 COVID-19 a chuir an Roinn Tuaithe agus Forbartha Pobail (DRCD) ar fáil in 2021. Tá an maoiniú seo á riar ag Coistí Áitiúla Pobail agus Forbartha (LCDCanna) i ngach limistéar Údaráis Áitiúil.**














# COISTE CÚRAIM LEANAÍ CHONTAE MHAIGH EO

**Tacaíonn Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo le soláthar clár cúraim agus oideachais luathóige i Maigh Eo agus oibríonn sé i gcomhar le agus i bpáirt leis an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, Pobal agus gach páirtí leasmhar san earnáil cúraim leanaí.**



Is é an aidhm atá ann tacú le agus cabhrú le teaghlaigh agus le soláthróirí fhoghlaim agus chúram na luath-óige le ceisteanna a bhaineann le cúram leanaí ag leibhéal áitiúil. Tá an Coiste freagrach as cláir agus beartais náisiúnta cúraim leanaí a sholáthar ag leibhéal áitiúil. Cuirimid obair i gcrích chun tacú le agus forbairt fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus seirbhísí cúraim leanaí ar aois scoile a éascú chun tairbhe fhoriomlán leanaí agus a gcuid tuismitheoirí trí chur chuige leanbhláraithe agus comhpháirtíochta. Oibrímid i gcomhar le agus go héifeachtach laistigh de Comhairle Contae Mhaigh Eo agus le gníomhaireachtaí cosúil le Pobal, Tusla, Boird Oideachais agus Oiliúna agus páirtithe leasmhara eile

Soláthraíonn Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo eolas, tacaíocht agus treoir maidir le Maoiniú Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir ghaolmhara do thuismitheoirí agus seirbhísí luathbhlianta agus comhordaíonn sé gníomhaireachtaí áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais agus oideachais do na grúpaí seo.

Áirítear i measc na gclár an **Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí,** an chéad teidlíocht reachtúil riamh do thacaíocht airgeadais do Chúram Leanaí in Éirinn agus **Scéim na Bliana Réamhscoile Saor in Aisce** (ECCE), Áirítear i measc na gclár eile ar tacaíodh leo **an Clár Fóirdheontais um Chúram Leanaí Pobail** (CCSP), **Cúram Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht** (TEC), **an Fóirdheontas Athlonnaíochta um Chúram Leanaí Pobail** (CSSR), an **Beart um Rochtain agus Cuimsiú** (AIM), clár a chinntíonn gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar Scéim réamhscoile saor in aisce ECCE agus **Aistear** agus **Síolta** – na creataí náisiúnta cáilíochta agus curaclaim do Luathbhlianta, Scéimeanna Deontais Tuismitheoirí & Lapadán,

Scéimeanna Deontais um Fheighlíocht Leanaí, Sparánachtaí Ciste Foghlaimeora agus scéimeanna Deontais Chaipitil Mionscála mar aon le maoiniú Covid agus tacaíochtaí inbhuanaitheachta a bheith á gcur ar fáil ag Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo.

**Príomhthosaíocht de chuid Choiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo ba ea dianobair a dhéanamh chun tacú le seirbhísí fanacht i mbun gnó agus oscailt arís i ndiaidh Covid- 19.**

# BUAICPHOINTÍ 2021

 **An Tionscadal Aistrithe:** Tá MCCC páirteach i dTionscadal Aistrithe an Iarthair, Lár na Tíre agus an Iarthuaiscirt, atá dírithe ar thionscadal píolótach an aistrithe ón réamhscoil chuig an mbunscoil, tionscadal a chruthaíonn nasc idir Oideoirí EY i réamhscoileanna agus Múinteoirí Bunscoile ina mbunscoileanna faoi seach. Is é an aidhm atá leis an tionscadal tacú le agus cabhrú le haistrithe dearfacha chuig an scoil le haghaidh na leanaí i gceist agus comhpháirtíocht agus comhoibriú idir na suíomhanna oideachais a spreagadh.

 Tacaíocht agus eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí, leanaí agus seirbhísí Luathbhlianta maidir leis an gclár **AIM (Beart um Rochtain agus Cuimsiú)** atá deartha chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu scéim réamhscoile ECCE saor in aisce a rochtain.

 Cuireadh **diantacaíochtaí inbhuanaitheachta** ar fáil do **108** seirbhís trí **866** gníomhaíocht cúnaimh.

 Cuireadh tacaíocht, eolas agus nuashonruithe ar fáil do 68 feighlí leanaí i Maigh Eo (67 fógra deonach, 1 cláraithe le Tusla). D'fhreastail an tAire O'Gorman ar sheoladh náisiúnta. Chomh maith leis sin, bunaíodh **líonra um fheighlíocht leanaí** agus bhí pleananna déanta chun cruinnithe ráithiúla a reáchtáil a bheadh ag díriú ar gach réimse den fheighlíocht leanaí agus cleachtas ar ardchaighdeán.

 Sholáthair 50 Oideoir Luathbhlianta, a bhí ag déanamh ionadaíocht ar 36 seirbhís, tacaíocht agus treoir maidir le hoiliúint **Teagmhálaí Ainmnithe** agus ceann maidir le róil agus freagrachtaí **Duine faoi Shainordú**. Gníomhaíocht chomhoibríoch a bhí anseo idir MCCC agus Tusla.

# FIGIÚIRÍ 2021

Tugadh tacaíodh do **74** seirbhís Luathbhlianta chun cigireachtaí Tusla a ullmhú, déileáil le hiarratais maidir le hathruithe ar imthosca, iarratais chlárúcháin a ullmhú, etc.

Thacaigh Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo le **134** Seirbhís Luathbhlianta, **10** Seirbhís Cúraim Leanaí ar Aois Scoile agus **68** feighlí leanaí ar fud an chontae.

Tacaíodh le **2,900** leanaí trí scéimeanna náisiúnta maoinithe, oiliúint, meantóireacht agus tionscnaimh cháilíochta.

Fuarthas maoiniú luach **€20,730** do thacaíochtaí maoinithe agus oiliúint sa tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú chun cabhrú le tacú le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu páirt a ghlacadh i scéim réamhscoile saor in aisce ECCE.

Rinneadh **31,762** gníomhaíocht tacaíochta in 2021 trí ghlaonna, ríomhphoist, seisiúin eolais, cruinnithe, cuairteanna ar an láthair, oiliúint, cuir i láthair, tacaíochtaí meantóireachta agus ceardlanna duine le duine.

Cuireadh **€13,890** ar fáil do chúrsaí oiliúna Freagartha Garchabhrach do Sheirbhísí Luathbhlianta.

Ghlac **125** leanbh in **8** réamhscoil páirt i gclár ceoil luathbhlianta Soundworlds.

# COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO

**Tá sé mar aidhm ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo cur le rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc gach earnáil den phobal trí eolas a roinnt, oideachais agus forbairt agus cur chun feidhme beartas.**




Tá an bunmhaoiniú á chur ar fáil ag Spórt Éireann agus go háitiúil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo agus tá trí phríomhfheidhm aige:

- Eolas, ionad ilfhreastail do chúrsaí spóirt i Maigh Eo.
- Oideachas, deiseanna ar ardchaighdeán do chúrsaí oiliúna d'oibrithe deonacha reáchtáilte go háitiúil.
- Cur chun feidhme agus forbairt beartas spóirt laistigh den chontae trí phlean straitéiseach do spórt i Maigh Eo agus cláir rannpháirtíochta a roghnú chun freastal ar riachtanais áitiúla.

Tá Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo ag feidhmiú mar chomhlacht lárnach i ndáil le soláthar na ngníomhaíochtaí atá le fáil sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisiciúla agus i bPlean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo "Taitneamh á Bhaint as Spóirt ag Níos Mó Daoine". Ó tharla deireadh a bheith ag teacht le paindéim Covid -19 tá an bhéim á leagan ar thacú le spórt lasmuigh agus acmhainn ár gclubanna spóirt a atógáil, go háirithe spóirt atá á n-imirt taobh istigh.

### BUAICPHOINTÍ 2021

- D'éirigh thar cionn le clár gníomhaíochta fisicúla lasmuigh Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a reáchtáladh idir Meitheamh agus Meán Fómhair. Áirítear i measc na gclár **Cairde Bugaí do Mháithreacha Nua** i mBéal an Átha & Cathair na Mart, Cláir **Siúl le Maidí** d'Aosaigh Níos Sine i mBéal Átha hAmhnais, Cnoc Mhuire, Cathair na Mart agus Baile an Róba, **Snámh san Uisce Oscailte** in Acaill, Béal an Mhuirthead, Cill Ala agus Pontún, **Mná ag Canúáil ar an Uisce** i Loch Chaisleán an Barraigh agus An Mhuaidh Béal an Átha, **Trí-atlan na mBan** in Acaill agus Campa **Thrí-atlan na Sóisear** in Bertra, Cathair na Mart.

- Reáchtáladh chéad **Champa Cúil Ionchuimsitheach CLG** sa tír i Maigh Eo in Ionad Bairr Feabhais CLG Chonnacht ar an 26 & 27 Deireadh Fómhair. Tionscadal comhpháirtíochta ba ea é seo idir Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo agus CLG Mhaigh Eo.

- Idir Eanáir agus Bealtaine, cuireadh cláir cosúil le **Fir ag Gluaiseacht, Bosca Tosaigh Teaghlaigh don Bhaile, Tolg go 5K, Cailíní Gníomhacha sna Déaga, Aclaíocht Leanaí ar Zoom, Siúl Gníomhachtóra le Maidí** agus **Ionchuimsiú Daoine faoi Mhíchumas** go fíorúil agus ghlac breis is **300** rannpháirtí páirt iontu.

- Thacaigh Spórt Éireann le **Clár Píolótach 8 seachtain an Scuaid Scátála,** clár ar ghlac thart ar 30 déagóir neamhghníomhach i gCaisleán an Bharraigh páirt ann.

# FIGIÚIRÍ 2021

## Bhailigh rannpháirtithe i

**mionmharatón Iarthar na hÉireann na mBan *Western People* Mayo.ie** thart ar €40,000 do charthanas Reáchtáladh an t-imeacht seo go fíorúil agus ghlac 3,500 rannpháirtí ar fad, lena n-áirítear 900 leanbh páirt i Spraoi-Rith 2K Bunscoileanna agus 400 cailín meánscoile páirt san fheachtas dar teideal "Do Chailíní".

## Ghlac 40

cailín sna déaga páirt i gclár píolótach 6 seachtaine Spórt Éireann dar teideal *Mná Náisiúnta atá páirteach i Spórt*, **an Scuad Scátála.**

## Ghlac 1,550

rannpháirtí páirt in 105 imeacht a reáchtáil chun comóradh a dhéanamh ar an **Sheachtain na Rothar (20 imeacht, 300 rannpháirtí), an tSeachtain Eorpach Spóirt** (40 imeacht, 800 rannpháirtí, **Seachtain Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas** (27 imeacht, 200 rannpháirtí) agus **HER Seachtain Lasmuigh HER** (18 n-imeacht, 250 rannpháirtí).

## Leithdháileadh luach €187,000

de **Mhaoiniú Cuntais Díomhaoin** ar **Thionscadail Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo** lena n-áirítear Moil Spóirt Phobail, Tionscnaimh Eachtraíochta Uirbí, an Tionscadal Nuálaíochta Siúl le Maidí, Trealamh Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Oideachais & Oiliúint Dheonach.

## Ghlac 600+

duine páirt sa Chlár fíorúil ***Operation Transformation*** i mí Eanáir 2021

## Tacaíodh le 70

club/eagraíocht trí Bhabhta 2 de scéimeanna deontais beaga Tacaíochta Covid-19 **chun filleadh ar Spóirt**

## 600

Reáchtáil na **Moil Spóirt Phobail** i **mBaile an Róba** agus **Béal Átha hAmhnais** agus na **Moil Lasmuigh** i **gCaisleán an Bharraigh** agus **Baile an Átha** 40 imeacht a bhí dírithe ar thart ar 600 duine ó ghrúpaí a raibh sé deacair teagmháil a dhéanamh leo.



# OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

## Ó bunaíodh iad in 2014, tá Oifigí Fiontair Áitiúil bunaithe mar phointe fócais d'fhorbairt fiontair agus tá ról lárnach acu i gcultúr fiontar a chothabháil go háitiúil.




**I Maigh Eo, tá an LEO ag feidhmiú mar Ionad Ilfhreastail chun tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar chun micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga a thosú, a fhás agus a fhorbairt. Lena chois sin, tacaíonn an LEO le feasacht agus oibríonn sé ar mhaith le cultúr fiontar a fhorbairt agus cur le forbairt gheilleagrach ghinearálta an Chontae.**

Bhí dúshláin fós le sárú ag LEO Mhaigh Eo in 2021 mar gheall ar an bpaindéim agus Brexit, rud ba chúis le héileamh méadaithe leanúnach ar an líon gnóthaí a bhí ag lorg comhairle agus tacaíochta ón LEO. D'fhreagair foireann LEO go réamhghníomhach don teagmháil mhéadaithe le cliaint agus cuireadh tacaíocht gnó nua agus feabhsaithe ar fáil lena n-áirítear:

- Cláir oiliúna, agus leagadh béim ar shreabhadh airgid/trádáil ar líne/trádáil i rith COVID-19 a thairiscint ar líne
- Scéim Fáilte Ireland: Suíochánra agus Oiriúintí Lasmuigh do Sheirbhísí Turasóireachta agus Fáilteachais.
- Lorgaíodh cúnaimh deontais bhreise do ghnóthaí agus cuireadh an cúnamh sin ar fáil.
- Cuireadh Scéim Cúnaimh In-Aisíoctha Spreagtha Cliaint LEO i gcrích.
- Seoladh an clár Green4Micro.

# BUAICPHOINTÍ 2021

- Cuireadh ionchur agus tacaíocht ar fáil do **Phlean Fiontar Réigiún an Iarthair** go dtí 2024. Ainmníodh dlús a chur leis an ngné fiontair den Chrios Forbartha Straitéisí ag Aerfort Chnoc Mhuire mar thosaíocht réigiúnach shuntasach.

- D'fhreastail cliant LEO Mhaigh Eo, ***Hawthorn Handmade Skincare***, ar ***Showcase 2021*** a reáchtáladh go fíorúil idir an 25 - 29 Eanáir. Is é *Showcase* ceann de na haontaí trádála idirnáisiúnta is mó, deis do dhearthóirí agus do cheardaithe rogha de bhailiúcháin chomhaimseartha agus oidhreachta a chur i láthair, nuálaíocht, caighdeán agus inbhuanaitheacht mar aon le pointe difríochta a thairiscint do cheannaitheoirí miondíola as ar fud an domhain.

- Ghlac breis is 1,200 mac léinn as iar-bhunscoileanna ar fud Mhaigh Eo páirt i gCraobhchomórtais Chontae **Chlár Fiontraíochta na Mac Léinn** go fíorúil i mí an Mhárta. I gCatagóir na Sinsear den chraobhchomórtas náisiúnta, rinne Diarmuid Duffy agus Ryan Corcoran ó *Bootfresh* i Scoil Pobail Bhaile an Róba ionadaíocht ar Mhaigh Eo agus bronnadh an Gradam do Mhaoin Intleachtúil orthu agus bhuaigh Emily Foy, Kellyann Walsh agus Aoife Heaney ó *Reflecto Tags* i Meánscoil Naomh Mícheál, Clár Chlainne Mhuiris an gradam ag an Leibhéal Sóisearach.

- Páirteach san fheachtas **Cuardaigh Táirgí Áitiúla** bhí fógraíocht agus poiblíocht náisiúnta agus áitiúil a spreag tomhaltóirí chun táirgí áitiúla a chuardach nuair a bhíonn earraí, seirbhísí nó eispéiris á gceannach acu.

- Ghlac banfhiontraithe agus mná gnó páirt in imeacht fíorúil a raibh sé mar aidhm leis comóradh a dhéanamh ar **Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan** a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair. "Tógáil na Todhchaí" teideal an imeachta agus páirteach ann bhí roinnt de na banfhiontraithe is fearr aithne in Éirinn, leithéidí Aimee Connolly ar léi an comhlacht *Sculpted by Aimee*, Rachel Doyle ó *The Arboretum* agus Sharon Keegan ó *Peachy Lean*, a fuair tacaíocht ó lucht *Dragon's Den* sa Ríocht Aontaithe.

- Bhuaigh **8 dtáirgeoir** ó Chontae Mhaigh Eo gradaim **Blas na hÉireann, gradaim** bhia uile-oileáin a thugann aitheantas do na táirgí bia agus dí is fearr in Éirinn, agus na daoine díograiseacha atá freagrach as na táirgí seo a chur ar fáil.

- Seoladh an clár **REBOOT** i mí Mheán Fómhair, comhthionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le téarnamh gnóthaí tuaithe agus fiontar sóisialta i ndiaidh phaindéim Covid-19 agus an cur isteach geilleagrach a d'eascair as Brexit. Mar chuid den tionscnamh seo soláthraítear clár oiliúna saincheaptha saor in aisce, forbairt scileanna, saineolaithe chun labhairt le daoine aonair agus deiseanna líonraithe i Maigh Eo, Ros Comáin agus Sligeach.

- Reáchtáladh an tSeachtain Fiontair Áitiúil i mí an Mhárta agus i rith na seachtaine sin reáchtáladh breis is 200 imeacht lena n-áirítear ceardlanna oiliúna, seimineáir ghréasáin faisnéise agus máistir-ranganna le fiontraithe agus saineolaithe, a bhí deartha chun cabhrú le gnóthaí beaga na hÉireann agus le daoine a raibh sé beartaithe acu gnó nua a thosú in 2021. Ag leibhéal áitiúil, áiríodh i measc bhuaicphointí na seachtaine cláir oiliúna cosúil le Margaíocht Éifeachtach do Ghnóthaí Beaga, Forbairt Gnó Ar Líne i Saol Athraithe Covid, Eolas Bunúsach maidir le Do Ghnó Féin a Thosú, ceardlann maidir le Praghsáil, Costáil & Bailiú Fiach agus seisiún faisnéise dar teideal 'An chéad chéim eile i ndáil le láithreacht dhigiteach do ghnó?' a bhí dírithe ar an tslí a bhféadfadh clónteicneolaíocht cabhrú le héifeachtúlachtaí gnó a fheabhsú.

# FIGIÚIRÍ 2021

## Luach €580,551.05

d'íocaíochtaí riartha chuig **199** cliant faoi Scéim Fáilte Éireann: Suíochánra agus Oiriúintí Lasmuigh do Sheirbhísí Turasóireachta agus Fáilteachais.

## Bhain 317

cliant tairbhe as **seirbhísí meantóireachta saor in aisce**.

## Ghlac 907

cliant páirt i gclár oiliúna agus in imeachtaí líonraithe fóirdheontais.

## Reáchtáladh 200+

imeacht d'fhiontraithe nua agus reatha i rith Sheachtain Fiontair Áitiúil 2021.

## Luach €754,939

de Dheontais Chaipitil (lena n-áirítear ***Agile Innovation*** faofa le haghaidh cliantghnólachtaí.

## Fuair 52

gnó maoiniú faoin **Scéim Spreagtha Cliaint.**

## Faomhadh 161

dearbhán Trádála Ar Líne a raibh luach **€336,318 luaite leo.**

## Ghlac 15

scoil as ar fud Chontae Mhaigh Eo páirt i **gClár Fiontraíochta na Mac Léinn,** clár ar ghlac 1,200+ mac léinn páirt ann.

# INFHEISTÍOCHT

**Tacaíonn infheistíocht le forbairt gheilleagrach fhoriomlán Chontae Mhaigh Eo agus soláthraíonn sé tionscnaimh nuálacha a thugann léargas straitéiseach ar Mhaigh Eo mar rogha cinn scríbe do ghnóthaí agus d'infheisteoirí.**



**Áiríodh i measc na bpríomhthionscadal a cuireadh i gcrích in 2021:**

- Scéim deontais Fháilte Éireann do Shuíochánra & Oiriúintí Lasmuigh agus do Ghnóthaí Turasóireachta & Fáilteachais a bhí á riar ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i rith 2021, obair a chiallaigh gur faomhadh deontais luach thart ar €600,000 do ghnóthaí i Maigh Eo.

- D'oibrigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt le Comhlachais Mhaigh Eo ar thionscnaimh éagsúla i rith na bliana a raibh sé mar aidhm leo tacú le siopadóireacht sa cheantar áitiúil, lena n-áirítear feachtas poiblíochta ar leith díreach roimh an Nollaig.

- Lean Líonra Bia & Dí Mhaigh Eo le hoiliúint shonrach earnála agus imeachtaí líonraithe a reáchtáil i rith 2021.

- Lean Líonra Bia & Dí Mhaigh Eo le hoiliúint shonrach earnála agus imeachtaí líonraithe a reáchtáil i rith 2021. Reáchtáladh an feachtas poiblíochta dar teideal "Tabhair Aghaidh ar Mhaigh Eo" idir Lúnasa 2021 agus Deireadh Fómhair 2021. Ba é an aidhm a bhí leis an bhfeachtas fiontraithe ionchasacha a spreagadh chun gnó nua a bhunú i Maigh Eo. Bhí duaischiste luach €10,000 ar fáil agus reáchtáladh an feachtas i gcomhpháirt le Coimisiún Forbartha an Iarthair, Líonra Aingeal Gnó Halo agus Réigiún Fiontraíochta na hEorpa.

- Ghlac na gnóthaí seo a leanas atá lonnaithe i Maigh Eo - *Fort Wayne Metals*, *Foxford Woollen Mills*, *DeCare Dental*, *Skillko*, *NORG Design* agus John Mullen ó *Version1* páirt in dhá díospóireacht phainéil a bhí dírithe ar ghnó a dhéanamh i Maigh Eo. Comhthionscnamh idir Comhairle Contae Mhaigh Eo agus *The Irish Times* a bhí san imeacht, a reáchtáladh mar chuid de cheiliúradh Lá Mhaigh Eo 2021.

.

# TURASÓIREACHT, ÁINEAS & CONLÁISTÍ

**Is é an aidhm atá ag an Aonad Turasóireachta, Áineasa agus Conláistí, Co. Mhaigh Eo a bhunú mar cheann scríbe turasóireachta agus áineasa ar ardchaighdeán do chuairteoirí agus do dhaoine áitiúla trí Straitéis Turasóireachta agus Cláir Oibre Chontae Mhaigh Eo a chur chun feidhme.**




Bhí ról lárnach ag forbairt na gcolún seo a leanas san obair seo:

- Margaíocht Cinn Scríbe
- Bonneagar & Saoráidí ar Ardchaighdeán
- Comhoibriú idir an Tionscal agus an Pobal
- Eispéiris den Chéad Scoth

I rith 2021 b'éigean déileáil le dúshláin a bhain le Covid -19, go háirithe dúshláin a bhain le hoibríochtaí turasóireachta agus fáilteachais, agus srian a chur ar ghluaiseachtaí taistil isteach agus amach as Éirinn. Chiallaigh sé sin gur chinn níos mó daoine a gcuid laethanta saoire a chaitheamh sa bhaile, agus bhain Maigh Eo neart tairbhe as, agus bhí níos mó úsáide á baint ag daoine áitiúla as saoráidí áineasa lasmuigh lena n-áirítear páirceanna foraoise, glasbhealaí, siúlóidí agus tránna.

Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhar leis an earnáil thionsclaíoch, gníomhaireachtaí agus an pobal trí Thascfhórsa Téarnaimh Cinn Scríbe Mhaigh Eo, faoi na tionscnaimh forbartha seo a leanas in 2021:

- Feachtais phoiblíochta náisiúnta agus áitiúla maidir le saoire sa bhaile (teilifís, raidió, digiteach) a tharraing aird ar phríomhbhailte a bhféadfadh cuairteoirí cóiríocht a fháil iontu agus tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí agus nithe is díol spéise lasmuigh lena n-áirítear Bealach an Atlantaigh Fhiáin, Cruach Phádraig, Glasbhealach Mór an Iarthair, na Oileáin agus siúlóidí
- Tacaíodh le léiriú dhá chlár de chuid RTÉ "*No Place Like Home*" (Iorras) agus "*Neven Maguire's Irish Seafood Trails*" (Conga).
- Feachtas margaíochta cinn scríbe lena n-áirítear taispeáint dhá scannán san fhoilseachán idirnáisiúnta dar teideal "*Ireland of the Welcomes*".
- Eagraíodh eispéireas nua chamchuairt na n-oileán – Conair Rothar Chuan Mó – a bhí mar bhonn le seirbhís sceidealaithe nua, trí bheith ag obair le cuideachtaí farantóireachta, a chruthaigh nasc idir Acaill, Cliara agus Ruanaid in 2021.
- Leanadh ar aghaidh le Plean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéireas Cuairteora Chuan Mó a fhorbairt.

## Pleanáil agus Forbairt Tionscadail:

Leanadh ar aghaidh i rith 2021 ag obair ar phleanáil agus ar sholáthar 37 tionscadal caipitil, agus cuireadh deontais luach €13.2 milliún ar fáil lena n-áirítear na príomhthionscadail seo a leanas:

- ***Moorehall***: Cuireadh críoch leis an obair athchóirithe ar an nGarraí Daingean agus ar na hAscaillí. I mí Iúil 2021 shínigh Comhairle Contae Mhaigh Eo, Coillte agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra Meabhrán Tuisceana a sholáthraíonn Máistirphlean chun forbairt agus bainistíocht *Moorehall* agus na dtailte in aice láimhe atá faoi úinéireacht an stáit a threorú.
- **Bonneagar agus Saoráidí:** Oibreacha feabhais ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, conairí siúil agus líonra glasbhealaigh ar fud an chontae curtha i gcrích in 2021. Bhí glasbhealaí á dtógáil ag Acaill, Béal Leice, Turlach agus Loch Lios Mhic Fheorais in 2021







# BUAICPHOINTÍ 2021

□ Reáchtáladh **Sraith Dhomhanda Tumadóireachta Aille *Red Bull*** ag Ceann Dhún Pádraig ar an 11 & 12 Mheán Fómhair 2021. Cinneadh an t-imeacht Turasóireachta Spóirt mór le rá seo a reáchtáil ag Ceann Dhún Pádraig i ndiaidh measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar shuíomhanna agus dlúth-idirchaidreamh idir baill foirne Chomhairle Contae Mhaigh Eo, tionscnóirí imeachta agus raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear úinéirí talún, pobail áitiúla, An Garda Síochána, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, FSS agus na seirbhísí éigeandála.

□ Ainneoin gur chuir srianta Covid isteach ar chúrsaí ag tús 2021, cuireadh tús leis na seirbhísí iomlána i **Lárionad Fóillíochta Loch Chaisleán an Bharraigh** i rith na coda eile den bhliain agus bhí an oiread céanna tóra ag a chustaiméirí ar an áit agus a bhí riamh agus bhí neart ballraíochtaí bunaithe faoi dheireadh na bliana. In 2021 bronnadh an Caighdeán Náisiúnta Cáilíochta (Gradam Éachta) agus an Gradam Nuathagtha ó *Active Ireland* ar an Lárionad.

# FIGIÚIRÍ 2021

## 12 milliún +

D'fhreastail 75 cuideachta meán ar Shraith Dhomhanda Tumadóireachta *Red Bull* ag Ceann Dhún Pádraig i mí Mheán Fómhair, agus beochraoladh an t-imeacht do bhreis is 12 milliún breathnóir.

## Maoiniú luach €32,000

faoi Chiste Rannpháirtíochta na bhFéilte Réigiúnacha dáilte ar 13 thionscnóir i rith 2021.

## 25,555

cuairt tugtha ar an Lárionad Fóillíochta ag Loch Chaisleán an Bharraigh.

## Maoiniú luach €3.82 milliún

faofa do **6** Thionscadal Chaipitil.

## 7.5km

de Ghlasbhealaí feabhsaithe, agus **5km** breise de Ghlasbhealach nua á thógáil.

# AN tAONAD LEATHANBHANDA & FORBARTHA DIGITÍ

**Lean Aonad Leathanbhanda Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag obair ar mhaithe le nascacht dhigiteacha a chontae a fheabhsú agus cabhrú le rolladh amach Plean Náisiúnta Leathanbhanda i Maigh Eo.**



**Áiríodh i measc na bpríomhthionscadal a cuireadh i gcrích in 2021:**

- D'oscail an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, Teach Cúirte Bhéal Átha na Muice a athchóiríodh le déanaí, i mí na Bealtaine 2021 (sa ghrianghraf thuas)
- Rinneadh suirbhéanna *National Broadband Ireland* i gCaisleán an Bharraigh agus i mBéal an Átha agus ar oileáin Mhaigh Eo i mí Mheán Fómhair.
- I láthair na huaire, tá 16 Nascphointe Leathanbhanda (BCPanna) i Maigh Eo atá ag céimeanna éagsúla den phróiseas forbartha. D'éirigh le Comhairle Contae Mhaigh Eo €195,475 a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi Ghairm na Mol Nasctha le haghaidh 11 de na BCPanna. Cabhraíonn an maoiniú seo leis na BCPanna na saoráidí atá acu faoi láthair a uasghrádú.
- Cuireadh an tseirbhís Wi-Fi poiblí lasmuigh saor in aisce ar fáil i mBalla, Baile an Róba, Caisleán an Bharraigh agus Clár Chlainne Mhuiris in 2021 rud a chiallaigh go raibh an tseirbhís seo á cur ar fáil do 9 mbaile anois.

## CONAIR GHEILLEAGRACH AN ATLANTAIGH




**Tá sé mar aidhm ag Conair Gheilleagrach an Atlantaigh an réigiún idir Dún na nGall agus Ciarraí a fhorbairt agus comhar le AEC a fheabhsú chun a sócmhainní a bharrfheabhsú, infheistíocht a mhealladh agus poist agus rathúnas a chruthú sa réigiún.**

**Príomhfhorbairtí in 2021**

- Ag obair i ndlúthchomhar le Coimisiún Forbartha an Iarthair ar fhorbairt **Líonra Mol Fiontar AEC**, agus líonra pobail idirnasctha de mhoil a chruthú sa réigiún, a bhfuil bonneagar TFC cúil ag tacú leis, cianobair a chur chun cinn, brandáil agus margaíocht chomhordaithe.
- Sheol an tAire Heather Humphreys, T.D., an t-ardán **Connectedhubs.ie**, príomhghníomhaíocht de chuid Ardán Mol Fiontar AEC, go hoifigiúil ag oscailt an mhoil dhigitigh ar a dtugtar
- "An Teach Cúirte" i mBéal Átha na Muice. Soláthraíonn an t-ardán Connectedhubs.ie an bonneagar do gach mol i réigiún AEC chun spásanna deasc shealaíochta agus saoráidí seomra cruinnithe a chur in áirithe go héasca in aon cheann de na moil atá cláraithe ar an ardán. Tá 17 mol i Maigh Eo cláraithe ar an ardán faoi láthair.
- Leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain le forbairt **an tionscadail phíolótaigh ríomhsheirbhísí sláinte** i gcomhpháirt le Cuideachta Forbartha Chliara.

# SEIRBHÍS EALAÍON MHAIGH EO

**Tá Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo freagrach as forbairt agus cur chun feidhme seirbhísí a thacaíonn leis na hEalaíona i Maigh Eo. Cinntíonn an tseirbhís go bhfuil na hEalaíona agus na limistéir ghaolmhara oscailte, taitneamhach agus go soláthraítear imeachtaí dúshlánacha ar féidir le gach duine tairbhe a bhaint astu, beag beann ar a gcúlra nó taithí ar na hEalaíona roimhe seo.**



## BUAICPHOINTÍ 2021

- Reáchtáladh **clár ar líne de dheiseanna forbartha gairmiúla** d'ealaíontóirí, gairmithe ealaíon, ionaid agus féilte sa chontae.

- **Ba í Elizabeth Reapy Scríbhneoir Cónaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2021**. Áirítear i measc na mbuaicphointí deis meantóireachta do scríbhneoir áitiúil, ceardlanna/seisiúin ar líne agus phearsanta le grúpaí scríbhneoireachta Mhaigh Eo, ceardlanna *Artist's Way* agus sraith podchraoltaí ar ghlac 16 scríbhneoir a raibh nasc acu le Maigh Eo páirt inti. Thacaigh Éire Ildánach agus Teachín Heinrich Boll, Acaill leis na himeachtaí seo.

- **I rith Lá Éigse Éireann 2021** tugadh deis do na filí Geraldine Mitchell, Terry Mc Donagh agus Anne Walsh Donnelly saothar dá gcuid a léamh ar Chlár Tommy Marren ar Stáisiún Raidió an Iarthair Láir.

- Thacaigh Seisiún Eolais ***Come Together* agus Kickstart** le deiseanna rannpháirtíochta tríd an **gClár Ealaíon & Míchumais.**

- Thacaigh clár **Cruthaitheachta & Seanaois Éire Ildánach** le Ceol in Aonaid Altranais Pobail, *Hearth* (ceardlanna duine le duine amharc-ealaíne 10 seachtaine le daoine níos sine a bhí leithlisithe go sóisialta ar Acaill), Tionscadal na gCuimhní le Elaine Mears agus Cónaitheacht *Na Cailleacha* i bhFondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna.

- Roghnaíodh Béal an Mhuirthead mar **Chéad Bhaile Éigse Mhaigh Eo**. Coimisiúnaíodh Anne Walsh Donnelly, Poet Laureate Bhéal an Mhuirthead, chun dán faoin mbaile a scríobh. Reáchtáladh clár imeachtaí mórthimpeall an bhaile idir an 10-18 Meán Fómhair. Thacaigh Éigse Éireann leis na himeachtaí.

- Mar chuid de Chlár **Chomóradh Céad Bliain** Chomhairle Contae Mhaigh Eo le haghaidh 2021, sholáthair Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt le **Bailiúchán Jackie Clarke** cónaitheacht 6 mhí don amharc-ealaíontóir Margo McNulty agus reáchtáladh taispeántas ag Bailiúchán Jackie Clarke ar deireadh mar aon le taispeántas clár fógraí i gCaisleán an Bharraigh, Béal an Átha & Cathair na Mart.

- ***I Am What I Am*** - gradam Coimeádaíochta um Ilchineálacht Chultúrtha ar reáchtáladh taispeántas agus sraith imeachtaí tionlacain in **Ionad Ealaíon Béal an Átha** i mí Iúil 2021 chun críoch a chur leis. Ba í Sinead Keogh a bhí freagrach as coimeád an tionscadail.

- Tairgeadh dhá chéim den **Scéim Clársceidealaithe Beo-Léirithe Áitiúil** in 2021. Chabhraigh an scéim seo le táirgeoirí, tionscnóirí agus ionaid i Maigh Eo tacú le beo-léiriú i Maigh Eo.

- **Cuireadh chun Comhoibrithe:** Is comhpháirtíocht le Comhairle Contae Uíbh Fhailí agus Amharc-Ealaíontóirí Éireann é *Ealaín sa Tírdhreach*. Chuir Tuarascáil Taighde a chuir Terre Duffy agus comhpháirtithe tionscadail i gcrích iarratas ar Mhaoiniú don Chéim Leantach faoi Scéim Iarratas Comhoibrithe na Comhairle Ealaíon 2021 le haghaidh seimineár ar líne a reáchtálfar in 2022.

- Reáchtáladh *Armchair Azure Tours* (do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu), an tionscadal dar teideal *Perspectives on Online Photography*, *The Willow Project*, Pacaí Ealaíne do Ghrúpaí Daoine faoi Mhíchumas i Maigh Eo, *The Poetry Line and Music at the Garden Gates* (comhpháirtíocht le hIonad Ealaíon Halla an Línéadaigh) le tacaíocht ón **gCiste Athléimneachta Pobail.**

# FIGIÚIRÍ 2021

D'eagraigh an tSeirbhís Ealaíon **90** imeacht (ar líne & pearsanta) in 2021 agus baineadh tairbhe as seirbhísí **112** ealaíontóir.

Soláthraíodh **11** Ghradam d'Ábhair Amharc-Ealaín & Cúnamh Taispeántais; **2** Sparánacht Drámaíochta Shraith na hÉireann, **1** Sparánacht d'Ealaíontóir Amharclainne, **13** Dheontas d'Oíche Chultúir agus **9** ndeontas d'Fhéilte & Imeachtaí Ealaín trí Dheontais an Achta Ealaíon.

Thacaigh an Scéim Clársceidealaithe Beo-Léirithe Áitiúil le **35** imeacht (pearsanta agus ar líne) a sholáthar deiseanna fostaíochta do **333** taibheoir agus **185** gairmí atá ag obair i dtionscal na n-imeachtaí beo sa chontae agus d'fhéach beagnach **41,000** duine ar na himeachtaí, beo agus ar líne.

Ghlac **600** duine níos sine páirt inár gClár Ealaíon & Daoine Breacaosta – lena n-áirítear clár bliantúil *Bealtaine*.

Bhain **271** duine aonair (ar líne & go pearsanta) tairbhe as an gClár Forbartha Gairmiúla.

Thacaigh *Film Mayo* le beagnach **100** ceist a bhain le scannáin in 2021.

Mar chuid den chlár *I Am What I Am*, d'fhreastail **185** ealaíontóir agus ball den phobal ar shraith cainteanna agus imeachtaí a bhí dírithe ar ilchineálacht chultúrtha agus aitheantas sóisialta.

Cuireadh maoiniú comhpháirtíochta ionaid luach **€141,000** ar fáil do **6** ionad ealaíon. D'fhéach beagnach thart ar **100,000** duine, ar líne agus pearsanta, ar chláir agus imeachtaí na n-ionad seo.

Ghlac **22** ionad páirt in Oíche Chultúir 2021, agus reáchtáladh breis is **10,000** imeacht ar líne agus beo mar chuid de chlár ilchineálach cultúrtha an tráthnóna.

D'éist breis is **30,000** duine le léamha filíochta le filí de bhunadh Mhaigh Eo ar Lá Éigse Éireann i gcomhpháirtíocht le Stáisiún Raidió an Iarthair Láir.





# TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSE

**SA RANNÓG SEO**

**Tithíocht**

**Bóithre, Iompar & Sábháilteacht**

**Athbhreithniú Soláthair & Éifeachtúlachta**

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

# TITHÍOCHT

**Bliain ghnóthach eile do Sheirbhís Tithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo ba ea 2021. Baineann dúshlán le cóiríocht ar ardchaighdeán, inacmhainne a sholáthar, ach chomh maith leis sin tá deiseanna do Mhaigh Eo agus maoiniú suntasach curtha ar fáil chun réitigh thithíochta a chur ar fáil do dhaoine a dteastaíonn a leithéid uathu. Tá an caighdeán tithíochta atá á chur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar ardchaighdeán agus de réir na gcaighdeán náisiúnta.**



Tá Atógáil Éireann 2016-2021 curtha i gcrích anois, agus sháraigh Comhairle Contae Mhaigh Eo an sprioc de 708 agus cuireadh 737 réiteach tithíochta ar fad ar fáil faoin gclár.

Fógraíodh an Clár Tithíochta nua 'Tithíocht do Chách' 2022-2026 in 2021 agus is í an sprioc atá ag Comhairle Contae Mhaigh Eo go bhfuil 730 aonad nua Tithíochta Sóisialta á gcur ar fáil. Tabharfar tús áite do Dheisiú & Léasú, Ceannach & Athnuaigh, Láithreáin Thréigthe agus Aonaid Fholmha a úsáid a bhainfidh an méid tairbhe agus is féidir as cóiríocht a sholáthar, a chabhróidh le hathbheochan bailte agus sráidbhailte sa Chontae.

Tá Plean Feidhmithe curtha faoi bhráid na Roinne ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ina sonraítear conas a chomhlíonfar na spriocanna seo. Is é 90 teach an sprioc atá luaite le haghaidh 2022, agus tá tionscadail bunaithe cheana féin a bhfuil sé mar aidhm leo é sin a chinntiú.

**Seo a leanas na Príomhréimsí oibre a raibh an tSeirbhís Tithíochta ag díriú orthu in 2021:**

- Clár Caipitil Tithíochta 2016-2021 a sholáthar
- Achoimre ar Mheasúnaithe Tithíochta Sóisialta 2021
- Bainistiú an Chláir Cúnaimh Tithíochta (HAP), na Scéime Cóiríochta Cíosa (RAS) agus na Scéime Léasaithe Shóisialta (SLS)
- Oibriú agus Bainistiú na dtrí Scéim Deontais Tithíochta
- Morgáiste go Cíos
- Riar Scéim na mBloc Coincréite Lochtach
- Athbhreithniú agus forbairt Beartas Tithíochta
- Riar na Scéimeanna Ceannaigh & Athnuaigh agus Deisiúcháin & Léasaithe
- Forbairt agus cur chun feidhme an Tionscnaimh *Housing First*.
- Cur chun feidhme Chlár Cóiríochta an Lucht Siúil 2019-2024
- Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann
- Bainistiú agus athchóiriú an stoic tithíochta
- Easpa Dídine/Cothabháil Tionóntachtaí

# FIGIÚIRÍ 2021

**737 réiteach tithíochta curtha ar fáil faoi Chlár Atógáil Éireann 2016 - 2021**

**Tacaíocht tugtha do 2,116 teaghlach trí RAS agus HAP faoi dheireadh 2021**

**Tacaíocht tugtha do 314 teaghlach faoin gClár Léasaithe i Maigh Eo faoi dheireadh 2021**

**In 2021 tugadh 95 cás a bhain le heaspa dídine faoi deara**

**Fuarthas agus faomhadh 8 n-iarratas Morgáiste go Cíos in 2021. Dúnadh 17 gcás Morgáiste go Cíos i rith na bliana, agus bhí 30 cás Morgáiste go Cíos faofa faoi dheireadh 2021**

**Síníodh comhaontuithe léasa le haghaidh 5 aonad faoi Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe i rith 2021**

**Tosaíodh ag bainte úsáide as 54 aonad folamh an athuair i rith 2021**

**Bhí 199 Iarratas a bhain le Céim 1 Deimhniú maidir le hIncháilitheacht Deontas faighte ag deireadh 2021. Bhí 94 Faomhadh a bhain le Céim 1 Deimhniú maidir le hIncháilitheacht Deontas eisithe faoi Scéim na mBloc Coincréite Lochtach. Fuarthas 16 hiarratas a bhain le Céim 2 in 2021, agus faomhadh 11 hiarratas a bhain le Céim 2.**




## PLEAN CÓIRÍOCHTA AN LUCHT SIÚIL 2019 - 2024

I bPlean Cóiríochta an Lucht Siúil 2019 – 2024 samhlaítear go bhfuil an ceanglas cóiríochta atá measta cothrom le **100** aonad:

- **29** aonad i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha
- **30** aonad i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh
- **36** aonad i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris

**4** aonad i gCeantar Bardasach Chathair na Mart / Bhéal an Mhuirthead Suas go dtí mhí na Nollag 2021, bhí 60% de spriocanna Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 comhlíonta. Cinntíodh é sin trí úsáid a bhaint as na roghanna cóiríochta ar fad a bhí ar fáil do Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Corrfholúntais, éadálacha nua, cóiríocht phríobháideach ar cíos (úsáid a bhaint as scéimeanna HAP agus RAS, Comhlachtaí tithíochta deonacha, STL etc). Rinneadh comhaireamh ag deireadh mhí na Samhna 2021 chun eolas a bhailiú faoin líon teaghlach den Lucht Siúil a bhí ina gcónaí i Maigh Eo agus measadh go raibh 437 teaghlach ar fad i gceist.

Chruthaigh Covid-19 dúshláin ar leith do theaghlaigh den Lucht Siúil, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí i gcóiríocht cois bóthair agus tá obair curtha i gcrích ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i dteannta le Foireann Sláinte Phoiblí FSS d'fhonn a chinntiú go raibh aonaid leithlisithe ar fáil áit ar gá.

# IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**Soláthraíonn córais iompair bóthair éifeachtúil an bonneagar atá riachtanach chun tacú le forbairt gheilleagrach agus shóisialta réigiúin. Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ag tacú le geilleagar an chontae in 2021 trí ghréasán bóithre an chontae a chothabháil agus a fheabhsú.**



## FIGIÚIRÍ 2021

Bhain 52 ball foirne tairbhe as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre in 2021, rud a chiallaigh go raibh 603 duine ar fad páirteach sa Scéim

Acomhal N17/R320 ag An Lios Dubh Conradh luach €5,187,168 sínithe, gan CBL

€113,141,139 caite ar chothabháil agus feabhsú 6,615 km, agus €79,615,223 caite ar Phríomhbhóithre Náisiúnta & ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád, €33,525,916 caite ar Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla

Bhí láimhdeachas luach €4.989 milliún luaite leis an gClár Forleagain/Inleagain Cosáin

# BUAICPHOINTÍ 2021

- Shainaithin TII suíomhanna timpiste ardbhraisle ar ár mBóithre Náisiúnta agus fiafraíodh den Chomhairle bearta sábháilteacht a dhearadh agus a chur chun feidhme. Chuir an Oifig Deartha Bóithre **Bearta Feabhais Sábháilteachta Ísealchostais** i gcrích ar shé bhóthar náisiúnta ag costas €206,993.

- Dearadh, aimsíodh conraitheoirí le haghaidh rinneadh maoirseacht arsheacht chonradh **Forleagain Cosáin** luach €4,989,375.

- Cuireadh dhá Scéim Bóithre Náisiúnta Cothabhála Caipitil i gcrích ar an **N84/An Sáilín** agus ar an **N26/ Béal Easa** ag costas €200, 000 le haghaidh na Scéime.

- Athailíniú Bóthair Nua agus Droichead Ghleann Aoláin don R312/Bóthar Chaisleán an Bharraigh go dtí Béal Átha Chomhraic **ag Gleann Aoláin** críochnaithe agus oscailte don phobal i mí Iúil, agus maoiniú luach €1,200,00 curtha ar fáil ag DTTAS.

- Rinneadh obair athshlánaithe/feabhsaithe ar 11 **dhroichead**, cóireáladh 16 le haghaidh dífhásra agus glantacháin ag costas iomlán luach €595,000.

- Soláthraíodh dhá **Scéim Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Straitéiseach** ar an R332/Cill Mheáin go Sonnach agus Bóthar Faoisimh Lasmuigh Chonga, a chosain €100,000 agus €40,000 faoi seach.

| FORBAIRT DÉANTA AR THIONSCADAIL PRÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA IN 2021 | |
|---|---|
| N5/Cathair na Mart go Turlach | Chuir Comhfhiontar Wills Bam dlús leis an obair thógála mar seo a leanas: bunaíodh oifig láithreáin 100%, glanadh láithreáin 100%, lomadh barrithreach 100%, oibreacha créafóige 80%, draenáil 25%, fóntais 75%, struchtúir 80%, oibreacha cóiríochta 10%, cosán 5%. Tá formhór na caibidlíochta leis na húinéirí talún curtha i gcrích. Is é an plean atá ann go mbeadh formhór na hoibre curtha i gcrích i Ráithe 2 2023. |
| Acomhal N17 & R320 ag An Lios Dubh | Síníodh conradh tógála luach €5,187,168 (gan CBL) idir Comhairle Contae Mhaigh Eo agus *BAM Civil Limited* i mí na Samhna. Cuireadh tús leis an obair ar an láithreán i mí na Nollag. Táthar ag súil go mbeidh formhór na hoibre curtha i gcrích i mí Feabhra 2023.<br><br>Fógra Gnóthaíochta seirbheáilte ar an 18 n-úinéir talún i mí Feabhra, seirbhísí dlí agus luachála curtha ar fáil. Fógra Chun Dul Isteach seirbheáilte i mí na Samhna agus leanadh leis an idirchaidreamh maidir le hoibreacha cóiríochta agus cúiteamh. |
| Athailíniú an N26 ag Droichead Chluain Gallán | Lean *BAM Civil Limited* leis na hoibreacha seo a leanas: bunaíodh oifig láithreáin 100%, glanadh láithreáin 95%, lomadh barrithreach 95%, oibreacha créafóige 90%, draenáil 60%, fóntais 80%, struchtúir 70%, oibreacha cóiríochta 80%, cosán 40%.<br>Tá an éadáil talún beagnach críochnaithe agus táthar ag súil go mbeidh formhór na hoibre curtha i gcrích ar an 12 Iúil 2022. |
| Seachbhóthar an N26/Béal an Átha Céim I | Dul chun cinn déanta maidir le Céim 0, Raon & Réamh-bhreithmheas agus Céim 1, Coincheap & Féidearthacht. Speisialtóirí teicniúla agus timpeallachta liostáilte chun eolas a sholáthar do Chéim 2 Roghnú Roghanna. |

| | |
|---|---|
| Tionscadal an N17/Cnoc Mhuire go Cúil Mhuine | Measúnuithe timpeallachta, geilleagracha agus innealtóireachta curtha i bhfeidhm le haghaidh an Roghanna Bealaigh Féideartha. Táthar ag súil go roghnófar an rogha bealaigh i Ráithe 2 2022.<br><br>Shínigh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Shligigh Comhaontú Alt 85. Tá ról údaráis ag Comhairle Contae Shligigh agus tá ról tacaíochta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. |

| FORBAIRT DÉANTA AR THIONSCADAIL BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD IN 2021 | |
|---|---|
| Tionscadal an N59/Cathair na Mart go dtí An Mhala Raithní | Tá stráice 3km ag Cill Bhríde curtha i gcrích; cuireadh stráice 2km i gcrích ag cora Ros Abha in 2018 agus cuireadh an stráice 3km ag Cill Mhíona i gcrích in 2020.<br><br>Rinneadh forbairt i ndáil le dearadh mionsonraithe na chéad chéime eile den N59/Baile Uí Fhiacháin agus Doire Fhada; ullmhaíodh na doiciméid chonartha freisin. Cuspóir: a bheith réidh chun tús a chur le conradh tógála i Ráithe 3 2022, faoi réir chead a fháil ó TII.<br><br>Ní dhearnadh ach méid beag dul chun cinn ar dhearadh mionsonraithe an N59 idir Ros Caoin agus Doire Fhada. |
| N60/Log na Muc | Cuireadh clabhsúr le gach cás éadála talún. Chuir *P&D Lydon Limited* críoch le tógáil stráice 1.5 den N60 i mí na Nollag 2019. Leanadh ar aghaidh ag déileáil le saincheisteanna iniúchta um shábháilteacht ar bhóithre a bhí fós le tabhairt i gcrích. |
| N60/Cnoc na mBuachalán Theas | Tá formhór na caibidlíochta leis na húinéirí talún curtha i gcrích. Leanadh ar aghaidh le dearadh mionsonraithe agus ullmhú na ndoiciméad conartha ar feitheamh cead a fháil ó TII chun conradh tógála a éascú in 2022. |
| N60/Cros Mhaigh Nulla | I rith 2021, cinneadh srian a chur le réimsí na scéime agus leanúint ar aghaidh le céimeanna éagsúla an tionscadail. Díríodh an athuair ar an bPróiseas Roghnaithe Roghanna agus ullmhaíodh tuarascáil maidir le srianta bunaithe ar staidéir a cuireadh i gcrích roimhe seo. Díríodh ar fhorbairt agus ar thaispeáint dhá roghanna bóthair ag comhairliúchán poiblí i Maigh Nulla i mí na Samhna agus táthar ag súil go roghnófar an rogha bealaigh in 2022. |

| FORBAIRT DÉANTA AR THIONSCADAIL TAISTIL GHNÍOMHAIGH IN 2021 | |
|---|---|
| Beartas Taistil Ghníomhaigh agus Sábháilteachta an N60/Bhréachmhaí | Ceapadh na hInnealtóirí Comhairleacha Roughan & O'Donovan chun tacaíocht theicniúil agus timpeallachta a sholáthar chun cabhrú le dlús a chur faoi na céimeanna seo a leanas den tionscadal - breithmheas, réamhdhearadh, próisis reachtúla, dearadh mionsonraithe agus riaradh na tógála. Cuireadh moill ar an suirbhé topagrafach mionsonraithe, rud a chuir moill ar an dul chun cinn. Reáchtáladh imeachtaí poiblíochta áitiúla i mí Mheán Fómhair. Tá sé beartaithe tús a chur le Cuid 8 Pleanáil i Ráithe 2 2022. |
| Taisteal Gníomhach an N60/Clár Chlainne Mhuiris go Brize | Measúnú tionchair curtha i gcrích ar mhaoin chónaithe ag eascairt as soláthar saoráidí saorthaistil feadh an N60. Sainaithníodh tionchar suntasach sa mheasúnú seo, rud a bhí mar bhonn le comhaontú díriú ar nasc Taistil Ghníomhaigh 1km a sholáthar ó Scéim an N60/Cnoc n60/Cnoc na mBuachalán Theas go dtí Balla i rith 2022. |
| Taisteal Gníomhach an N59/Baile Uí Fhiacháin | Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo measúnú ar an limistéar staidéir ag díriú ar na dúshláin innealtóireachta, timpeallachta agus mhaoine a d'fhéadfadh a bheith le cur san áireamh in éascú dhul chun cinn roghnú bealaigh 2022. |

| | |
|---|---|
| Taisteal Gníomhach NTA 2021 | Ba é €3,349,500 an chéad leithdháileadh a bhí luaite le Taisteal Gníomhach 2021. Bronnadh maoiniú breise NTA luach €2,827,625 le haghaidh iarratas ar bhain le Tionscadail Taistil Ghníomhaigh.<br>Tá an maoiniú á chur ar fáil le haghaidh 54 tionscadal taistil ghníomhaigh sa chontae a bhaineann go príomha leis an méid seo a leanas:<br>• Trasrianta Coisithe<br>• Cosáin Nua, Feabhsuithe & Síntí Cosáin<br>• Siúlbhealaí & Rotharbhealaí<br>• Forbairt ar an bPlean Taistil Ghníomhaigh agus Soghluaisteachta do Bhéal an Átha agus Caisleán an Bharraigh |

# ATHBHREITHNIÚ SOLÁTHAIR & ÉIFEACHTÚLACHTA



**Éiríonn leis an bhFoireann Athbhreithnithe Soláthair & Éifeachtúlachta athchóiriú suntasach a dhéanamh ar sholáthar poiblí laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Is é an aidhm atá againn torthaí níos fearr a bhaint amach don phobal soláthair phoiblí níos ginearálta agus seirbhísí inbhuanaithe, ar ardchaighdeán a sholáthar amach anseo.**

**Sonraítear i gClár an Rialtais raon uaillmhianach gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar poiblí le haghaidh na mblianta amach romhainn, go háirithe i réimse an tsoláthair ghlais agus shóisialta agus digitithe.**




In 2021, ba léir go éiligh géarchéim sláinte Covid-19 iarracht shuntasach soláthair chun déileáil le riachtanais ár mball foirne féin agus ball den phobal freisin. In 2021 leagadh béim mhór ar thacú le gairmiúlú chleachtas an tsoláthair phoiblí i ngach réimse de Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá cur síos déanta ar ról na hOifige Soláthair sa Phlean Soláthair Chorparáidigh agus tá an ról seo forbartha ag an bhfoireann agus tá luach breise ar airgead cinntithe mar aon le héifeachtúlachtaí breise trí chreataí soláthair coiteanna, gairmiúlacht mhéadaithe agus úsáid nuálach a bhaint as teicneolaíocht.

Tá soláthar laistigh den eagraíocht díláraithe, agus tá ceannaitheoirí i ngach réimse den chomhairle, agus tá formhór an tsoláthair á reáchtáil trí úsáid a bhaint as dhá thairseach soláthair leictreonacha; www.ETenders.gov.ie agus www.SupplyGov.ie.

Tionscnamh suntasach in 2021 ba ea gur sheolamar ár dtairseach féinfhoghlama féin. Ar an tairseach seo, soláthraítear ranganna teagaisc físeáin do bhaill foirne maidir le gnéithe éagsúla den phróiseas soláthair.

Réimse eile a raibh béim á leagan air ba ea gur leanadh ar aghaidh ag tacú le níos mó úsáide a bhaint as breithniúcháin timpeallachta agus shóisialta i ndáil le soláthar ag féachaint go sonrach do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019.

## BUAICPHOINTÍ 2021

- Ceannaíodh Paisteálaí Treoluais.
- RFT chun Seirbhísí Garáiste a Sholáthar.

## FIGIÚIRÍ 2021

**Luach €6 mhilliún**

caite ar fhruiliú Innealra & Gléasra seiceáilte agus faireachán déanta chun críche comhlíonta.

**45**

comórtas tairisceana fógartha, measúnaithe agus bronnta le haghaidh oibreacha, earraí agus seirbhísí éagsúla.

- Oibreacha Athchóirithe ar Ionad Cumarsáide Sheirbhísí Dóiteáin Réigiún an Iarthair.

- Conradh náisiúnta do leictreachas neamh-mhéadraithe bronnta ar Energia le haghaidh tréimhse trí bliana.

**338**

comórtas foilsithe trí chreataí reatha le haghaidh earraí, seirbhísí agus aisfheistiú tithíochta ar **SupplyGov**.ie.

## CAISLEÁN AN BHARRAIGH



# SEIRBHÍSÍ UISCE, TIMPEALLACHT, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

**SA RANNÓG SEO**

**Uisce Tuaithe**

**Timpeallacht, Athrú Aeráide agus Talmhaíocht**

**Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo**

**Seirbhís Dóiteáin Réigiún an Iarthair**

**Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo**

**Sábháilteacht Uisce**

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council




# UISCE TUAITHE

**Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo, faoi Rialacháin na hEorpa maidir le hUisce Óil 2014, an tÚdarás Maoirseachta do gach Soláthraí Uisce Príobháideach i gCo. Mhaigh Eo. Tá an Chomhairle freagrach as an gClár Uisce Tuaithe i gCo. Mhaigh Eo a riar, atá á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus tá an Chomhairle tiomanta do bheith ag obair le pobail agus is é an aidhm atá ann a chinntiú go mbeidh scéimeanna inmharthana ó thaobh an gheilleagair de agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de.**

**Tá 178 scéim bunaithe i gCo. Mhaigh Eo atá ag freastal ar bhreis is 18,700 teaghlach agus gnó.**

**Ba é 2021 an tríú bliain ina raibh an Creat Maoinithe Ilbhliantúil nua 2019 – 2021 á reáchtáil, arb é an cuspóir atá luaite leis cinnteacht a sholáthar i ndáil le hinfheistíocht tosaíochta:**

- **Tacú le cur chun feidhme forbairt inbhuanaithe i gceantair thuaithe**
- **Ceanglais na Rialachán maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh**
- **Tacú le cuspóirí atá sonraithe i bPleananna Bainistíochta Abhantraí**

**I mí Dheireadh Fómhair 2019, fuaireamar ár gcuid leithdháiltí ó DHLGH (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) faoi MARWP 2019 – 2021 nua. Leithdháileadh €50 milliún ar an gClár ag leibhéal náisiúnta agus as an tsuim seo leithdháileadh €15.513 milliún ar Mhaigh Eo. Caithfear an leithdháileadh seo ar bhreis is 50 tionscadal a rachaidh chun tairbhe breis is 70 Grúpscéim Uisce i Maigh Eo. I mí Lúnasa 2021, leithdháil DHLGH €5.069 milliún eile chun Nasc Uisce Phobail nua a mhaoiniú chun freastal ar thart ar 600 teaghlach i gceantar Mhuraisce/Leic Ainimhe/Choill Salach de Mhaigh Eo.**

# BUAICPHOINTÍ 2021

- **Dear, Tóg & Oibrigh:** Leanadh ar aghaidh leis an gcéim dearaidh a bhain le huasghráduithe ionaid chóireála Ghrúpscéimeanna Uisce Bhaisc 2 DBO Mhaigh Eo agus é mar aidhm déileáil leis na sáruithe THM a tugadh faoi deara ar roinnt scéimeanna. Chuir an t-oibritheoir DBO réamhthuarascáil dearaidh ar fáil don 10 scéim. I ndiaidh DBO Bhaisc 1A a chur i gcrích in 2020, ciallóidh conradh uasghrádaithe DBO Bhaisc 2, nuair a bheidh sé curtha i gcrích, go mbeidh soláthar uisce a bhfuil na Rialacháin maidir le hUisce Óil á gcomhlíonadh aige ag an 23 Scéim.

- Táthar ag leanúint ar aghaidh le béim shuntasach a leagan ar **sceitheadh agus diomailt uisce a laghdú**. Cuireann an tInnealtóir um Chaomhnú Uisce Tuaithe comhairle ar fáil maidir le conas sceitheadh a laghdú agus cabhraíonn sé le mionoibreacha a chabhraíonn leis an Rannóg tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitiúla amach anseo. Sa chás go bhfuil bille uisce ard faighte ag GWS poiblí mar gheall ar sceitheadh, cuireann an Rannóg tuarascáil i dtoll a chéile a chuirtear faoi bhráid IW chun creidmheas sceite a lorg. Déantar cur síos sa tuarascáil ar na hoibreacha atá curtha i gcrích ag an Scéim chun a leibhéil uisce gan tásc (UFW) a laghdú. Tarraingítear aird ar an laghdú ar UFW rud a léiríonn go bhfuil an Scéim á bainistiú agus á cothabháil go cuí. D'éirigh thar cionn leis an Rannóg Uisce Tuaithe creidmheasanna sceite a fháil trí úsáid a bhaint as an bpróiseas seo.

- **Uasghráduithe Líonra agus Scéimeanna Nua: Beart 1: Cosaint na Foinse (Earnáil na Grúpscéime Uisce).** Ceapadh Innealtóirí Comhairleacha chun déileáil le GWS Bhaile Chruaich agus GWS Ghleann Hoiste agus síntí ar Phríomhlíonra Iontógála Amhuisce na scéime a Dhearadh agus a Sholáthar a bheidh mar bhonn le riosca éillithe ón aon oibreacha foraoiseachta a dhéanfar amach anseo a laghdú. Chomh maith leis sin, tá tús curtha le hoibreacha dearaidh a bhaineann le hoibreacha cosanta foinse do GWS an Tuairín/Achadh Mór & GWS Choill an Turlaigh.

- **Beart 2: Comhlíontacht Sláinte Poiblí (Earnáil na Grúpscéime Uisce).** Innealtóirí Comhairleacha ceaptha agus tús curtha leis an gcéim dearaidh do GWS Choill an Turlaigh, GWS an Tuairín/ Achadh Mór agus GWS an Treana Láir chun uasghrádú a dhéanamh ar a gcórais chóireála reatha chun bacainn chuí chripteaspóiridiam a shuiteáil. Ceapadh Innealtóirí Comhairleacha chun uasghráduithe líonra agus cónascadh GWS an Chalaidh le GWS Áth Tí an Mheasaigh, GWS PBKS le GWS Dhoire Bhoithe agus GWS Róibín le GWS Loch Ceara.

- **Beart 3: Feabhsú na Scéimeanna Reatha lena n-áirítear Caomhnú Uisce.** Oibreacha curtha i gcrích ar uasghráduithe ar líonraí GWS an Droma/an Gheata Mhóir agus ar GWS Choill an Turlaigh. Cheap GWS Chill Lasrach, GWS Ghleann Coirib, GWS an Tuairín/ Achadh Mór agus GWS an Treana Láir Innealtóirí Comhairleacha chun conarthaí uasghrádaithe a ullmhú agus a bhainistiú chun an príomhlíonra uisce a athsholáthar.

- **Beart 5: Aistriú na nGrúpscéimeanna Uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais Reatha.** Cuireadh tús leis an obair a bhain leis na céimeanna dearaidh agus tógála de na conarthaí uasghrádaithe do GWS an Bhaile Ghaelaigh, GWS Dhroim Síon/an Bhaile Nua, GWS Bhearna Chearúill, GWS Loch na Móna, GWS Ros Dumhach, GWS *Cornboy*, GWS Chill Ghallagáin, GWS Bhaile Eoin/an Leathbhaile Rua agus GWS Chluain Mór/*Cloonlavish* chun cur ar chumas na scéimeanna seo nascadh leis an líonra uisce phoiblí agus cead a thabhairt d'Uisce Éireann iad a Thógáil i gCúram.

- **Beart 6 – Naisc Phobail Uisce/Fuíolluisce.** Tá comhairleoirí ceaptha chun díriú ar CWC Mhuraisce, CWC Chliara, CWC an Aonaigh Bhig agus CWC Eachinse. Cuireadh tús leis an gcéim dearaidh a bhfuil sé mar aidhm léi soláthairtí uisce óil nua a chur ar fáil do na pobail seo. Cuireadh tús leis an obair thógála ar CWC nua Dhún Pádraig.

# FIGIÚIRÍ 2021

## Infheistíodh €15,513,000

sa **Chlár Uisce Tuaithe** i Maigh Eo in 2020 ó bhuiséad náisiúnta luach €50 milliún.

## 3

Ghlac Uisce Éireann freagracht as Grúpscéimeanna Uisce in 2021. Tá **17** Scéim eile ainmnithe a bhfuil seilbh le glacadh orthu agus táthar ag súil le dul chun cinn a dhéanamh orthu in 2022.

## D'fhreastail 178 scéim atá páirteach i gClár Uisce Tuaithe Mhaigh Eo ar 18,700+

teaghlach agus gnó i Maigh Eo

## Bhailigh ELS 550

sampla uisce thar ceann Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

## Tá 10

n-oibreacha á gcur i gcrích ar **10** Grúpscéim Uisce sula mbeidh siad réidh le Tógáil i gCúram ag Uisce Éireann.

## 600

I mí Lúnasa leithdháil DHLGH €5.069 milliún eile chun Nasc Uisce Phobail nua a mhaoiniú chun freastal ar thart ar 600 teaghlach i gceantar Mhuraisce/Leic Ainimhe/Choill Salach.

## Luach €4.94 milliún

i bhfóirdheontais curtha ar fáil do chostais oibriúcháin na scéimeanna íoctha le scéimeanna a rinne iarratas.

## 15

iarratas ar Fhóirdheontas Deontais Tobair faighte in 2021, agus próiseáladh 11 iarratas a raibh luach iomlán €31,124.47 luaite leo.

# TIMPEALLACHT, AN tATHRÚ AERÁIDE & TALMHAÍOCHT

**Fianaise ar an athrú a bhí ag teacht ar thosaíochtaí náisiúnta ba ea an dá phríomhghné a raibh an roinn ag díriú orthu in 2021 - béim a bheith á leagan ar dhlús a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide agus aitheantas a thabhairt do ról na talmhaíochta.**

**Tugadh cúnamh do agus tacaíodh leis an gCoiste Beartais Straitéisigh um Phleanáil, Timpeallacht agus Talmhaíocht agus leis an Meitheal Talmhaíochta, agus lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le comhtháthú eolais agus peirspictíochtaí ó raon leathan páirtithe leasmhara.**



Tá gá le timpeallacht ar ardchaighdeán chun caighdeán beatha maith a chinntiú agus chomh maith leis sin is gné lárnach d'fhorbairt inbhuanaithe atá ann. Leagann Comhairle Contae Mhaigh Eo béim ar leith ar fheasacht ar an timpeallacht a fheabhsú agus tacú le hathruithe iompraíochta chun an caighdeán sin a chothabháil.

Ar aon dul leis an obair maidir leis an athrú aeráide atá á déanamh ag an Roinn, tá de chúram ar an bhFoireann Chomhshaoil, Athraithe Aeráide & Talmhaíochta reachtaíocht timpeallachta a fhorfheidhmiú, treoracha agus rialacháin an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, beartais náisiúnta agus réigiúnacha agus cur le tuiscint an phobail ar cheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht.

**Lean an Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) - Bord Farraige Thuaidh an Atlantaigh, atá á hóstáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, ag tacú leis an earnáil údaráis áitiúil chun an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin agus athléimneach a stiúradh. Áirítear i measc ghnéithe suntasacha na hoibre a cuireadh i gcrích in 2021:**

- rolladh amach na hAipe *Weather Impact Register* (WIRE) san earnáil iomlán.
- forbairt Mhodheolaíocht Riosca & Leochaileachta Aeráide i gcomhpháirt le Aeráid Éireann.
- an Biúró Fuinnimh Réigiúnach a fhorbairt chomh fada leis an gcéim ta
- feachtas náisiúnta a fhorbairt agus a stiúradh chun feasacht maidir le ról Dumhcha Gainimh in athléimneacht don athrú aeráide a fhorbairt, tionscnamh a thuill ainmniúchán ar ghearrliosta ghradaim LAMA 2021 dúinn.
- Comharthaíocht Athraithe Aeráide a fhorbairt i gcomhpháirt le Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide Mhaigh Eo agus cur chun feidhme leanúnach cúrsaí oiliúna agus ceardlann chun acmhainn a fhorbairt san earnáil iomlán.
- Chomh maith leis sin, tá na CAROnna, i gcomhpháirt le EPA, ag forbairt treoirdhoiciméad don Údarás Áitiúil. Táthar ag súil go gcuirfear tús le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide in 2022.



# BUAICPHOINTÍ 2021

- **Reáchtáladh Tionól Ghníomhaithe ar son na hAeráide Mhaigh Eo,** a eagraíodh i gcomhpháirt le Baile Glas Bhéal an Átha i mí na Samhna, tráth a raibh deireadh ag teacht le **COP 26**. Ag an imeacht céanna, sheol an Cathaoirleach tionscnamh **Chomharthaíocht Ghníomhú ar son na hAeráide**, tionscnamh a tharraingíonn aird ar ghníomhú ar son na haeráide agus bearta bithéagsúlachta atá á gcur i bhfeidhm ag suíomhanna ar fud an chontae.

- Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo maoiniú ar fáil don chomharthaíocht a bhain le **Sábháil ár nDumhcha** a crochadh ag Trá na Beartraí mar chuid d'imeacht Oíche Chultúir **na Beartraí Nasctha**.

- Chuir **20** pobal, lena n-áirítear Gníomhú ar son na hAeráide Chluain Cearbán, Thuar Mhic Éadaigh agus Chathair na Mart 2030 Léirithe Spéise ar fáil i ndáil le bheith ag feidhmiú mar an chéad **Chrios Dícharbónaithe** i Maigh Eo, agus d'eascair iarratais as 10 gcinn acu, arb ionann é agus 30% de dhaonra na tíre a bheith ag déanamh iarratas agus i mí na Bealtaine 2021 fógraíodh gurb é **An Mhala Raithní** an chéad Chrios Dícharbónaithe. Dáileadh an maoiniú deontais de réir mar a bhí comhaontaithe sa tuarascáil maidir leis an gCrios Dícharbónaithe.

- Ainneoin gur cuireadh srian ar **Imeachtaí Athchúrsála Leictreachais** i rith 2021, tugadh tacaíocht d'athchúrsáil trína nIonaid Fóntas Poiblí.

- Tugadh le fios i **Ráiteas Fuinnimh Bhliantúil na hEarnála Poiblí SEAI** 2020, a foilsíodh ag deireadh 2021, go raibh astaíochtaí fuinnimh laghdaithe **36.3%** ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomparáid le bonnlíne 1996-99 rud a chiallaigh go raibh an laghdú riachtanach 33% á shárú. Bhí 41%, 14% agus 45% den úsáid fuinnimh iomlán luaite le soilsiú poiblí, flít agus foirgnimh faoi seach.

- Thacaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an gclár faireacháin aibhneacha agus lochanna contae is mó in **Éirinn**, agus rinneadh faireachán ar 49 abhainn, 21 loch agus 29 láthair shnámha sa chontae, a raibh sé mar aidhm leo ár n-acmhainní uisce a bhainistiú agus a chosaint.

- Rinneadh iarratas iomlán LIFE le haghaidh **Loch Ceara** agus faomhadh an t-iarratas agus bhí sé beartaithe tús a chur leis in 2022. Áirítear i measc na dtairbhithe Comhairle Contae Mhaigh Eo, Cumann Dhobharcheantar Loch Ceara agus páirtithe leasmhara eile agus tá sé beartaithe go mbeidh gnáthóga agus speicis neamhchoitianta Loch Ceara á gcaomhnú agus go mbeidh a gcaomhnú amach anseo á chinntiú.

- Cuireadh **Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn um Oiriúnú don Athrú Aeráide** Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

- Reáchtáladh go leor feachtas feasachta maidir leis an timpeallacht i rith 2021 a raibh sé mar aidhm leo cur le feasacht ar an timpeallacht agus naisc láidre a bhunú le pobail ar fud Mhaigh Eo, lena n-áirítear **Clár na Scoileanna**, na feachtais a bhí dírithe ar **Gual Toiteach** agus **Salú ag Madraí**, agus **Úsáid shábháilte a bhaint as Lotnaidicídí, an Mhí Athúsáide,** dramhbhia a laghdú, gníomhaíochtaí pailneora, comhairle maidir le campáil **Ná Fág Aon Lorg** agus **scéim múirínithe** ag Ráth Ruain.

- Mar fhreagairt do ghearáin ón bpobal, dhírigh an Fhoireann Dobharcheantair ar fheachtas a raibh sé mar aidhm leis tacú le húsáid shábháilte **Lotnaidicídí** sa phobal in 2021. Trí bheith ag obair leis an Oifigeach Oideachais Timpeallachta díríodh ar úsáid a bheith á baint ag teaghlaigh as lotnaidicídí.

- Chomhordaigh an Rannóg Timpeallachta rannpháirtíocht ball foirne i dtionscnaimh cosúil le Taisteal Níos Cliste chuig an tIonad Oibre lena n-áirítear ***Marchathon*** agus ***Walktober***, agus oiliúint Ghníomhú ar son na hAeráide do gach ball foirne.

- Leanadh ar aghaidh leis an obair ullmhúcháin a bhain le **Plean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027** in 2021, i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear Oifig Réigiúnach Chlár Uisce na nÚdarás Áitiúil agus Iascach Intíre Éireann, agus soláthraíodh an creat chun dlús a chur le tosaíochtaí don Phlean nua. I ndiaidh aighneachtaí, plé agus caibidlíocht fhada, dhaingnigh Coiste Oibriúcháin Réigiún an Iarthair tograí maidir le Ceantair Athchóirithe, Ceantair Chosanta agus Tionscadail Dobharcheantair don Phlean nua.

- Ceadaíodh stáisiún breise um **Fhaireachán an Aeir Chomhthimpeallaigh** a shuiteáil in **Acaill** in 2021. Tá láithreán roghnaithe agus tá sé beartaithe oibreacha ullmhúcháin a chur i gcrích in 2022. Beidh sé seo mar bhonn leis an gClár Náisiúnta um Fhaireachán Aeir sa chontae a fheabhsú agus ciallóidh sé go mbeidh ceithre láithreán ar fad ann, agus is i gClár Chlainne Mhuiris, Béal an Átha agus Caisleán an Bharraigh atá na láithreáin eile lonnaithe. Tá na tomhais ar fad ar fáil ar líne ar bhonn fíor-ama.

- Rinneadh aighneacht maidir leis an doiciméad comhairliúcháin phoiblí **Saincheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce in Éirinn.** Deis ba ea é seo do Chomhairle Contae Mhaigh Eo aird a tharraingt ar na saincheisteanna a raibh ar ár bpobail déileáil leo fad is a bhí an Plean Bainistíochta Abhantraí á chur chun feidhme, agus tograí a chur chun cinn chun cabhrú le spriocanna na Creat-treorach Uisce a chomhlíonadh.

- Ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo páirt i Meabhrán Tuisceana le SEAI a sholáthraíonn maoiniú idirlinne do Phobail Fuinnimh Inmharthana chun tabhairt faoi Mháistirphleananna Fuinnimh. Ba é **SEC Acla** an chéad SEC in Éirinn a bhain tairbhe as tacaíocht tríd an bpróiseas seo.

# FIGIÚIRÍ 2021

## Thug 66,000+

custaiméir cuairt ar Ionaid Fóntas Poiblí ag Doire an Iomaire agus Ráth Ruain, ionaid a bhí oscailte i rith na srianta sláinte poiblí. 642 tona de ghlanadh sráide cóireáilte ag Ráth Ruain, rud ba chúis leis na táillí dramhaíola gaolmhara a laghdú thart ar €92,000.

## Iniúchadh déanta ar 108

córas Cóireála Fuíolluisce Teaghlaigh (DWWTS).

## 10

dTrá Brataí Goirme sa chontae i agus 6 Ghradam Cósta Glas. Rinneadh faireachán ar **29** láthair shnámha i rith an tséasúir shnámha.

## 54

láithreán bainte ó Chlár na Láithreán Tréigthe in 2021.

## Bailíodh 500+

tona de dhramh-earraí leictreacha agus cadhnraí ó ionaid athchúrsála ag Doire an Iomaire agus Ráth Ruain i rith 2021.

## Rinneadh 1,221

cigireacht dramhaíola neamhghnáthaimh i ndiaidh gearán a fháil, agus rinneadh **497** cigireacht ghnáthaimh agus rinneadh iniúchadh ar **25** cás dramhaíola C&D (Tógáil).

## Chláraigh agus ghlac 179

grúpa páirt i **nGlantachán Náisiúnta an Earraigh.**

## Bailíodh 1300+

sampla cáilíochta uisce ónár gcuid aibhneacha, lochanna agus láithreacha snámha.

## Cuireadh 7

dtionscadal i gcrích trí úsáid a bhaint as deontas luach €103,155.86 faoi **Tionscnamh Frithdhumpála** a bhí á reáchtáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, lena n-áirítear láithreáin dumpála stairiúla mhóra a ghlanadh agus a fheabhsú, tionscadal a raibh sé mar aidhm leis dramhaíl tine cnámh a sheachaint agus dhá imeacht athchúrsála do dhramhaíl théagartha.

# AN ROINN TRÉIDLIACHTA

## Tá an Roinn dírithe ar dhá réimse ar leith, Sábháilteacht Bia agus Seirbhís Maorachta Madraí



**Oibríonn an Roinn Tréidliachta le hOibreoirí Gnóthaí Bia áitiúla chun na caighdeáin is airde de shábháilteacht bia a bhaint amach agus a chothabháil, agus tá baint ghníomhach ag an Roinn le galair zónóiseacha a chomhrac i.e. galair atá tarchurtha idir ainmhithe agus daoine. Tá baint dhíreach ag an Roinn le díbeart Galar Infhógartha. Cuirtear an obair seo i gcrích faoi Chonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), agus leagtar béim ar leith ar shláinteachas agus inrianaitheacht.**

Laistigh den chontae, tá 7 nÁitreabh Bheaga Déantúsaíochta Feola ceadaithe agus 6 háitreabh cláraithe. Táirgeann/dáileann an t-áitreabh ceadaithe raon táirgí lena n-áirítear táirgí bagúin, ispíní, putóg dhubh agus bhán, feoil lóin agus liamhás cócaráilte, mionfheoil agus gearrthacha sicín, agus cuirtear táirgí ar fáil do shiopaí agus d'ollmhargaí áitiúla, agus chomh maith leis sin, cuirtear táirgí ar fáil d'Oibríochtaí Gnóthaí Bia eile ar fud an chontae. Tá gnóthaí áirithe ag smaoineamh ar tháirgí a chur ar fáil do mhargaí idirnáisiúnta. Déantar cigireacht agus faireachán ar gach áitreabh próiseála feola beag go rialta.

Déanann baill foirne tréidliachta cigireachtaí ante-mortem agus post-mortem ar gach ainmhí mairt sa 13 sheamlas i gCo. Mhaigh Eo, mar aon le maoirseacht a dhéanamh ar choinníollacha ginearálta an tsláinteachais oibríochtúil agus struchtúrtha. In 2021, maraíodh 1,048 bó, 8,857 caora agus 22 gabhar i seamlais i Maigh Eo.

I Maigh Eo tá an tSeirbhís Rialaithe Madraí á cur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo go díreach. Is í príomhfhreagracht na Seirbhíse a chinntiú go bhfuil ceadúnas eisithe le haghaidh madraí i Maigh Eo agus go bhfuil siad faoi rialú éifeachtúil ionas go mbeidh sábháilteacht an phobail á cinntiú agus ionas go mbeidh maoin daoine á cosaint (e.g. beostoc). Ceapadh an dara Maor Madraí in 2021 chun oibriú taobh leis an Maor Madraí a bhí ceaptha cheana féin.

In 2021 tugadh 120 madra chomh fada leis an bPóna Madraí. Aimsíodh úinéir nua do 78 madra. Tógadh 35 madra ó úinéirí. Eisíodh 6,032 ceadúnas madraí agus eisíodh 23 fíneáil madraí i rith na bliana. Cláraíodh 19 n-áitreabh faoi Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010. Ceanglaíonn an tAcht ar úinéirí madraí a bhfuil sé mhadra baineanna nó níos mó acu atá níos sine ná sé mhí agus a bhfuil ar a gcumas pórúchán a dhéanamh, clárú leis an Roinn Tréidliachta.

In 2021 cuireadh leithdháileadh luach €35,000 ar fáil do leas ainmhithe do 7 ngrúpa leasa ainmhithe.

I measc na bhfeachtas a reáchtáladh i rith 2021, trí úsáid a bhaint as na meáin chlóite agus shóisialta agus stáisiúin raidió áitiúla, bhí feasacht a mhúscailt maidir leis na ceanglais dlí a bhaineann le bheith i d'úinéir madra, iarmhairtí madraí ag crá caorach a mheabhrú d'úinéirí madraí agus feachtas comhpháirteach leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra a raibh sé mar aidhm leis a mheabhrú do chuairteoirí gur cheart dóibh a gcuid madraí a choinneáil faoi rialú éifeachtach nuair a bhíonn cuairt á tabhairt acu ar Pháirceanna Náisiúnta.

# SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO

**Tá Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo freagrach as beatha agus maoin thart ar 130,507 duine atá ina gcónaí sa chontae a chosaint, raon seirbhísí a sholáthar a bhfuil sé mar aidhm leo sábháilteacht dóiteáin sa phobal a fheabhsú trí thinte a chosc, agus a chinntiú go bhfuil bearta cosanta dóiteáin oiriúnacha bunaithe i bhfoirgnimh agus go bhfuil freagairt oibríochtúil do theagmhais á soláthar má tharlaíonn a leithéid. Is é an aidhm atá againn na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu a chosaint.**



I láthair na huaire, tá 122 comhraiceoir dóiteáin fostaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo in 12 bhriogáid dóiteáin mórthimpeall an chontae.

Sholáthair na comhraiceoirí dóiteáin oilte agus díograiseacha seo freagairt thapa, éifeachtúil agus éifeachtach i ndáil le 687 teagmhas, ar bhonn 24/7, in 2021.

Bhí an 687 teagmhas a tharla in 2021 mar bhonn le 779 freagairt briogáide dóiteáin.

Lean Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo ar aghaidh le clár oiliúna cuimsitheach a sholáthar a raibh sé mar aidhm leis scileanna comhraiceoirí dóiteáin a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil an pearsanra ar fad oilte go cuí agus sách inniúil chun a gcuid dualgas agus cúraimí a chur i gcrích go sábháilte, go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Le cois cúrsaí oiliúna a reáchtáil dár gcomhraiceoirí dóiteáin féin, tugadh teagascóirí cumasacha agus le taithí ó Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo ar iasacht don Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála chun cúrsaí oiliúna náisiúnta a sholáthar.

Tugadh aitheantas do thiomantas Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo trí shláinte agus sábháilteacht a fheabhsú go leanúnach trí Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Seirbhíse Dóiteáin i ndiaidh don Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh faireachais eile ISO 45001 a dhéanamh i mí Lúnasa 2021.



# BUAICPHOINTÍ 2021

 I mí Iúil, síníodh conarthaí chun stáisiún dóiteáin nua a thógáil i **gCrois Mhaoilíona**, le cuideachta dar teideal *LPB Building Services* atá lonnaithe i Maigh Eo. Cosnóidh sé thart ar **€2 mhilliún** an foirgneamh nua a thógáil agus beidh cúnamh deontais 100% ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Soláthróidh an stáisiún dóiteáin nua saintógtha a bheidh lonnaithe i bPáirc Ghnó Chrois Mhaoilíona, rochtain agus saoráidí feabhsaithe d'aonad bhriogáid dóiteáin Chrois Mhaoilíona. Tá tús curtha leis an obair thógála agus táthar ag súil go dtógfaidh sé thart ar 18 mí na hoibreacha ar fad a chur i gcrích.

 Tá ról réamhghníomhach ag Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo chomh fada is a bhaineann le haird a tharraingt ar shábháilteacht dóiteáin, go háirithe i rith na **Seachtaine Sábháilteachta Dóiteáin** a reáchtáladh idir an 4 - 11 Deireadh Fómhair. Áiríodh i measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i rith na seachtaine úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus stásiúin raidió áitiúla chun teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht dóiteáin a scaipeadh agus chun aird a tharraingt ar shábháilteacht dóiteáin. Chomh maith leis sin, reáchtáladh tráthnóna taispeántas taobh amuigh de Cheanncheathrú na Briogáide Dóiteáin i gCaisleán an Bharraigh agus tugadh cuireadh do bhaill den phobal foghlaim faoi shábháilteacht dóiteáin agus na rioscaí atá le tabhairt faoi deara sa bhaile.



 Reáchtáladh clár oideachais luachmhar maidir le dóiteán do 5 Rang **Idirbhliana**. I measc na n-ábhar ar díríodh orthu bhí ról agus feidhmeanna na seirbhíse dóiteáin, an cineál oibre a chuirtear i gcrích agus earcú comhraiceoirí dóiteáin. Lena chois sin, reáchtáladh taispeántas maidir le trealamh speisialta comhraicthe dóiteáin agus gaireas anála, mar aon le taispeántas a thug léargas ar phanna sceallóg a bhí trí thine agus tugadh deis do na mic léinn ar fad múchtóirí dóiteáin a úsáid.

 Ar mhaithe le leanúint ar aghaidh le haird leanaí a tharraingt ar shábháilteacht dóiteáin reáchtáladh comórtas dar teideal **'Dear Inneall Dóiteáin'** i scoileanna. Tharraing na leanaí a ghlac páirt sa chomórtas Inneall Dóiteáin agus mhínigh siad a ndearadh féin. Bronnadh na duaiseanna go fíorúil trí ghlao Zoom ar sheomra ranga na mbuaiteoirí.

 Freagraíonn agus tacaíonn ár gcomhraiceoirí dóiteáin leis an bpobal áitiúil go réamhghníomhach agus go díograiseach. Chabhraigh criúnna ar fud an chontae le '**Feachtas Bailithe Boscaí Bróg Fhoireann Hope'** trí bhreis is 1,000 bosca bróg a bhí líonta le bronntanais Nollaig do leanaí bochta a bhailiú.

 Cuireadh athbhreithniú iomlán ar **Plean Móréigeandála** Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcrích i mí Eanáir. Sonraítear sa Phlean, a ullmhaíodh de réir Chreat Bainistíochta Móréigeandála an Rialtais bunaithe ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha, na socruithe a ghníomhachtóidh oifigeach údaraithe chun freagairt Chomhairle Contae Mhaigh Eo do mhóréigeandáil a éascú. Tá an Plean deartha ar shlí gur féidir é a chomhtháthú le agus gur féidir leis tacú le pleananna comhfhreagracha ó na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha eile - An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Reáchtáladh cleachtadh chun nósanna imeachta gníomhachtaithe an Phlean Móréigeandála a thástáil trí Ionad Cumarsáide Réigiún an Iarthair i mí an Mhárta. Mar chuid de chlár leanúnach Seveso a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go bhfuil daoine agus an timpeallacht á gcosaint trí nósanna imeachta comhaontaithe agus comhordaithe má tharlaíonn timpiste shuntasach ag Láithreáin Seveso Uas-Sraithe, rinneadh athbhreithniú agus leasú ar an bPlean Práinnfhreagartha le haghaidh *European Refreshments*, Béal an Átha, agus eisíodh an Plean chun críche comhairliúcháin phoiblí. Mar chuid den chlár seo, cuireadh cleachtadh boird beo agus fíorúil i gcrích le príomhphearsanra ó An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus *European Refreshments* (ar chlé sa ghrianghraf).

 Reáchtáil Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo cleachtadh oiliúna beo idirghníomhaireachta ag **Feirm Ghaoithe *Oweninny*** chun na nósanna imeachta freagartha a thástáil, comhordú a fhorbairt agus deis a thabhairt don tseirbhís dóiteáin níos mó a fhoghlaim faoi thuirbíní gaoithe.

# FIGIÚIRÍ 2021

Eisíodh Ceadúnais um Shubstaintí Contúirteacha le haghaidh **10** láithreán i Maigh Eo i ndiaidh **26** cigireacht a dhéanamh

Rinneadh **99** cigireacht ar Iarratais Cheadúnaithe, agus **20** cigireacht eile

Glacadh le agus próiseáladh **91** iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán

Rinneadh measúnú ar **164** Deimhniú Rátála Fuinnimh Foirgnimh, **158** toradh aerdhíonachta agus **59** tástáil fuaime

Rinneadh **511** Cigireacht Rialaithe Tógála

Bailíochtaíodh **471** fógra tosaithe bailí a bhain le **672** foirgneamh/oibreacha. **114** Deimhniú Comhlíonta nuair a cuireadh Bailíochtú a bhain le **176** foirgneamh/oibreacha i gcrích.

# RIALÚ DÓITEÁIN RÉIGIÚN AN IARTHAIR

**Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-údarás conarthachta atá ainmnithe d'Ionad Cumarsáide Réigiún an Iarthair agus tá seirbhís freagartha glaonna agus soghluaisteachta 24 uair an chloig á sholáthar aige do ghlaonna éigeandála dóiteáin 999/112 thar ceann na n-údarás áitiúil seo a leanas - Maigh Eo, Gaillimh, Ros Comáin, Sligeach, Liatroim agus Dún na nGall.**




Chuir na baill foirne cúrsa oiliúna intí i gcrích i mí na Samhna maidir le Córas Náisiúnta Soghluaisteachta agus Cumarsáide CAD nua atá á rolladh amach ag Foireann Thionscadal Ctrí faoi láthair.

Éascóidh an córas nua forbairt córas teicneolaíoch agus próiseas oibríochtúil náisiúnta caighdeánaithe. Tá sé beartaithe go mbeidh WRCC beo agus go mbeidh an córas nua in úsáid sa ráithe deiridh de 2022.

## FIGIÚIRÍ 2021

**Fuarthas 15,287**
glao isteach

**Fuarthas 12,357**
glao amach

**Tuairiscíodh 3,797**
teagmhas éigeandála briogáide dóiteáin sa réigiún

**ISO 9001**
Ón 1 Eanáir 2018, tá creidiúnú Chaighdeán Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001 ag Ionad Rialaithe Dóiteáin Réigiún an Iarthair.

# COSAINT SHIBHIALTA MHAIGH EO

**Is eagraíocht dheonach í Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo a bhfuil thart ar 60 oibrí deonach ardoilte ag soláthar tacaíochta do Ghníomhaireachtaí Bunfhreagartha agus pobail áitiúla. Tá ardmheas ag seirbhísí éigeandála túslíne agus ag na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu ar an obair a chuireann ár mbaill ardoilte i gcrích.**



Braitheann láidreacht na heagraíochta ar a héiteas deonach agus tiomantas oibriú lena baill go toilteanach agus a gcuid ama agus saineolas agus oiliúint a chur ar fáil saor in aisce ar bhonn seachtainiúil.

## BUAICPHOINTÍ 2021

- Ceannach Foirgneamh na Cosanta Sibhialta: Cheannaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt le Brainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta foirgneamh a bheidh in úsáid ag Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo in Eastát Tionsclaíochta *Golden Mile* i gCaisleán an Bharraigh.
- Ceannaíodh trealamh nua lena n-áirítear Aerfheithicil Gan Foireann, feithicil fhomhuirí cianoibrithe agus feithicil paisinéirí ilfheidhmeach *Peugeot Expert* trí úsáid a bhaint as maoiniú a chuir Brainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta ar fáil.
- Ghlac oibrithe deonacha páirt in imeachtaí oiliúna i rith 2021, sna réimsí seo a leanas - Freagairt Leighis, Cuardach agus Tarrtháil, Freagairt Éigeandála agus Cúnamh Pobail.





# FIGIÚIRÍ 2021

## Thug 60

oibrí deonach toilteanach a gcuid ama, saineolais agus oiliúna saor in aisce ar bhonn seachtainiúil.

## Ceannaíodh 1

fheithicil Paisinéirí Ilfheidhmeach *Peugeot Expert*, maoinithe ag Brainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta.

## Soláthraíodh cúnamh 11

uair do chuardaigh daoine atá ar iarraidh i rith 2021.

## Thacaigh 49

iarracht leis an bhfreagairt do Phaindéim Covid-19 ar iarratas an Údaráis Áitiúil agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tacaíodh le 23 imeacht Pobail/Spóirt agus 1 Éigeandáil Aeráide.

# SÁBHÁILTEACHT UISCE

## Tá 10 Láthair Shnámha Ainmnithe i gCo. Mhaigh Eo ina bhfuil 9 dtrá agus Linn Thaoidmhear Bhéal an Mhuirthead.

In 2021, bhí 21 Garda Tarrthála Trá Lánaimseartha fostaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo mar aon le 8 nGarda Tarrthála Trá Cúltaca agus 2 Gharda Tarrthála Linne Lánaimseartha idir an 5 Meitheamh agus an 5 Mheán Fómhair 2021 agus tá na staitisticí seo a leanas tuairiscithe ag na Gardaí Tarrthála maidir le gach Láthair Shnámha Ainmnithe.

| SUÍOMH | TARRTHÁIL GAN ÁRTHACH | TARRTHÁIL LE HÁRTHACH | GARCHABHAIR | LEANBH AR IARRAIDH | COMHAIRLE TUGTHA | COSC CURTHA AR THIMPISTE | EILE | BÁ NEAMH-MHARFACH |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Béal an Mhuirthead | 1 | 0 | 8 | 1 | 3134 | 82 | 0 | 0 |
| Trá na Beartraí | 0 | 0 | 8 | 0 | 711 | 0 | 0 | 0 |
| An Cheathrú Mhór | 0 | 0 | 35 | 1 | 726 | 1 | 1 | 0 |
| Ceathrú an Uisce | 0 | 0 | 49 | 0 | 837 | 0 | 0 | 0 |
| An Caol | 0 | 13 | 110 | 3 | 3663 | 95 | 6 | 0 |
| An Choim | 0 | 1 | 26 | 1 | 1081 | 2 | 6 | 0 |
| An Mhala Raithní | 0 | 0 | 36 | 1 | 630 | 4 | 0 | 0 |
| An Seancheann | 0 | 2 | 23 | 2 | 841 | 3 | 0 | 0 |
| Ross | 0 | 0 | 4 | 1 | 375 | 0 | 1 | 0 |
| Trá an Talaimh Bháin | 2 | 3 | 17 | 0 | 616 | 2 | 2 | 0 |
| **IOMLÁN** | **3** | **19** | **316** | **10** | **12614** | **189** | **16** | **0** |

Rinneadh cigireacht ar an 537 baoi tarrthála atá le fáil in áiteanna poiblí i gCo. Mhaigh Eo agus rinneadh obair chothabhála orthu go rialta in 2021.

**LÁ DOMHANDA UM CHOSC BÁ**

Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe le réiteach stairiúil maidir le cosc bá ag leibhéal domhanda agus fógraíodh gurb é an 25 Iúil, 2021 a Chéad Lá Domhanda um Chosc Bá.

Mórthimpeall na hÉireann, lasadh soilse gorma i bhfoirgnimh, sainchomharthaí tíre agus aghaidheanna fuinneoige chun aitheantas a thabhairt don lá agus d'iarr Sábháilteacht Uisce Éireann ar gach duine aird a tharraingt ar an lá trí shábháilteacht uisce a chur san áireamh i ndáil le gach rud a dhéanann siad sa bhaile, san ionad oibre agus san áit súgartha. I Maigh Eo, lasadh soilse gorma in Ionad Fóillíochta Loch Chaisleán an Bharraigh i gCaisleán an Bharraigh agus bhí an uisce a bhí ag sní i Abhainn na Ceathrún Bige i gCathair na Mart gorm agus tharraing na Gardaí Tarrthála Trá aird ar an lá trí úsáid a bhaint as péint aghaidhe gorm.





# BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN

**SA RANNÓG SEO**

**Airgeadas**

**Mótarcháin**

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

# CÚRSAÍ AIRGEADAIS

**Tá an Roinn Airgeadais freagrach as oibríochtaí airgeadais i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus tá béim ar leith á leagan ar a chinntiú go bhfuil socruithe oiriúnacha bunaithe chun gníomhaíocht ioncaim agus chaipitil a mhaoiniú.**



**Déantar ioncam nó caiteachas laethúil, a íoc as foinsí cosúil le:**

- **Deontais Rialtais**
- **Rátaí Tráchtála**
- **Cíosanna Tithíochta**
- **Táillí Iarratais Phleanála**
- Earraí agus seirbhísí eile cosúil le: **Táillí Líonta Talún/Conláiste Cathrach, Táillí Íoc & Taispeáin**

**Tá raon leathan seirbhísí á chur ar fáil ag an Rannóg Airgeadais lena n-áirítear:**

- Rialú Airgeadais agus Buiséid, Sreabhadh Airgid agus Bainistiú Cisteáin
- Ullmhú an Bhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú na Ráiteas Airgeadais Bhliantúil
- Riar na gCóras Bainistíochta Airgeadais
- Riar Párolla
- Billeáil agus Bailiú Rátaí Tráchtála
- Billeáil agus Bailiú Cíosanna agus Iasachtaí Tithíochta
- Cuntais Soláthróra a Íoc
- Fáltais Airgid
- Riar agus bailiú an Mhuirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha.

Chomh maith leis sin, cinntíonn an Roinn Airgeadais go bhfuil prionsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais, a bhaineann leis an airgead ar fad a íocann nó a íoctar leis an gComhairle á gcomhlíonadh.

Bhí neart dúshlán le sárú in 2021. D'ainneoin na ndúshlán suntasach airgeadais a bhí le sárú ag an gComhairle le blianta beaga anuas agus go háirithe mar gheall ar phaindéim Covid-19, bhí staid airgeadais na Comhairle cobhsaí ag deireadh 2021.

# FIGIÚIRÍ 2021

Is fianaise é an Caiteachas Ioncaim luach **€184,359,829** agus an Caiteachas Caipitil luach **€126,545,945** ar an bhforbairt atá tagtha ar an tseirbhís laethúil agus ar an mbonneagar mar aon le fianaise ar shuntas oibríochtaí na Comhairle i gcomhthéacs an gheilleagair áitiúil.

Mhéadaigh na leibhéil chaiteachais sna príomhréimsí lena n-áirítear Deontais Bóithre agus Taisteal Gníomhach, Grúpscéimeanna Uisce, Turasóireacht, Glasbhealaí agus Taitneamhachtaí agus an Earnáil Forbartha Geilleagraí.

Bailíodh **€9,401,049** den **Cháin Mhaoine Áitiúil** a fuarthas laistigh den chontae agus fuarthas **€11,455,856 breise ó**n gCiste Comhionannaithe

Seo a leanas leibhéil Bhailithe **2021** sna trí phríomhréimse bailithe:

| | |
|---|---|
| ► **Rátaí*** | **83.2%**► |
| **Cíos agus Blianachtaí** | **85.9%**► |
| **Iasachtaí Tithíochta** | **81.4%** |

** Fuarthas Deontas Tarscaoilte Rátaí Tráchtála luach €10.1 milliún ó Mhaoiniú Rialtais Áitiúil, méid a bhí cothrom leis an méid a tarscaoileadh mar gheall ar thionchar Covid- 19. Dá mbeadh sé sin le cur san áireamh, bheadh an ráta bailithe cothrom le 88%*

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS)

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

Tugtar le chéile i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus caiteachas ar fad a bhaineann leis an gcuntas ioncaim. Taispeántar an barrachas/(easnamh) don bhliain. Taispeántar aistrithe chuig/ó chúlchistí ar leithligh agus níl siad á leithdháileadh de réir an rannáin seirbhíse. Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir an rannáin seirbhíse san fhormáid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

| Caiteachas de réir an Rannáin | Nótaí | Ollioncam | Ioncam | Glanchaiteachas | Glanchaiteachas |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2021 | 2021 | 2021 | 2020 |
| | | € | € | € | € |
| **Tithíocht & Foirgneamh** | | 22,346,394 | 20,238,645 | 2,107,749 | 832,543 |
| **Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | | 52,828,451 | 40,278,598 | 12,549,853 | 11,223,887 |
| **Seirbhísí Uisce** | | 19,462,474 | 19,396,650 | 65,824 | 46,930 |
| **Forbairt Bainistíochta** | | 16,213,556 | 7,614,097 | 8,599,459 | 7,659,821 |
| **Seirbhísí Timpeallachta** | | 17,789,560 | 6,076,823 | 11,712,737 | 11,599,272 |
| **Áineas & Conláistí** | | 11,107,263 | 3,492,669 | 7,614,594 | 8,070,102 |
| **Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas** | | 1,551,444 | 717,184 | 834,260 | 767,082 |
| **Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | 26,179,370 | 25,767,032 | 412,338 | 2,270,299 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **15** | **167,478,511** | **123,581,698** | | |
| **Glanchostas Rannán le maoiniú ó Rátaí & ó Cháin Mhaoine Áitiúil** | | | | **43,896,813** | **42,469,936** |
| **Rátaí** | | | | 34,518,132 | 34,542,787 |
| **Cáin Mhaoine Áitiúil** | | | | 20,856,905 | 19,812,342 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe** | 16 | | | **11,478,224** | **11,885,193** |
| **Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí** | 14 | | | (11,293,870) | (11,691,311) |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | | | | **184,353** | **193,882** |
| **Cúlchiste Ginearálta @ an 1 Eanáir 2021** | | | | (3,871,794) | (4,065,676) |
| **Cúlchiste Ginearálta @ an 31 Nollaig 2021** | | | | **(3,687,441)** | **(3,871,794)** |

# RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AG AN 31 NOLLAIG 2021

| | Nótaí | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | 1 | | |
| Oibríochtúil | | 484,884,040 | 473,241,217 |
| Bonneagar | , | 2,990,650,459 | 2,988,377,438 |
| Pobal | | 10,370,064 | 10,580,724 |
| Neamhoibríochtúil | | 57,567,004 | 58,243,748 |
| | | **3,543,471,567** | **3,530,443,127** |
| | | | |
| **Obair ar Siúl agus Réamhchostais** | 2 | 186,874,133 | 112,396,825 |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 3 | 55,522,872 | 58,251,674 |
| | | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Stoic | 4 | 344,184 | 350,943 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 5 | 23,368,284 | 25,869,337 |
| Infheistíochtaí Bainc | | 49,141,160 | 27,227,485 |
| Airgead sa Bhanc | | 4,520,422 | 14,215,815 |
| Airgead faoi Bhealach | | 105,057 | 127,522 |
| | | **77,479,107** | **67,791,101** |
| | | | |
| **DLITEANAIS REATHA (MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)** | | | |
| Rótharraingt Bainc | | - | - |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 6 | 68,393,241 | 63,555,267 |
| Léasanna Airgeadais | | 398,685 | 486,439 |
| | | **68,791,927** | **64,041,705** |
| | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ / (DLITEANAIS) REATHA** | | **8,687,181** | **3,749,396** |
| | | | |
| **CREIDIÚNAITHE (MÉIDEANNA DLITE I NDIAIDH NÍOS MÓ NÁ BLIAIN AMHÁIN)** | | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 7 | 114,009,096 | 120,704,558 |
| Léasanna Airgeadais | | 701,623 | 1,100,309 |
| Taiscí In-aisíoctha | 8 | 7,372,975 | 6,606,615 |
| Eile | | 1,722,435 | 1,373,639 |
| | | **123,806,130** | **129,785,121** |
| | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | **3,670,749,623** | **3,575,055,902** |
| **IONADAITHE AG** | | | |
| Cuntas Caipitlithe | 9 | 3,543,471,567 | 3,530,443,127 |
| Ioncam WIP | 2 | 183,141,925 | 108,280,855 |
| Cúlchistí Ioncaim Ghinearálta | | (3,687,441) | (3,871,794) |
| Cúlchistí Sonracha Eile | | - | - |
| Iarmhéideanna Eile | 10 | (52,176,429) | (59,796,286) |
| **CÚLCHISTÍ IOMLÁNA** | | **3,670,749,623** | **3,575,055,902** |

# MÓTARCHÁIN

**Déileálann Mótarcháin Mhaigh Eo le riar na Reachtaíochta Ceadúnaithe Feithiclí i gCo. Mhaigh Eo, soláthraítear seirbhísí ardchaighdeáin agus tráthúla mar aon le seirbhísí atá dírithe ar agus oiriúnach do chustaiméirí dá húsáideoirí.**

Anseo thíos tá miondealú le fáil ar róil agus ar fhreagrachtaí a bhaineann le bailiú Mótarchánach, agus sainaithnítear an príomhról atá ag Mótarcháin Mhaigh Eo i mbailiú agus i soláthar na seirbhíse seo.

**TIOMÁNAITHE / ÚINÉIRÍ FEITHICLE**

**AR LÍNE**

**GO PEARSANTA NÓ TRÍD AN BPOST**

**AN ROINN IOMPAIR**

- **An Comhad Náisiúnta Feithiclí & Tiománaithe a Bhainistiú**
- **Seirbhísí Mótarchánach Ar Líne**
- **Beartas & Reachtaíocht**



**ÚDARÁIS ÁITIÚLA**

- **Fadhbanna teicniúla atá ag custaiméirí a réiteach**
- **Cigireacht ar fheithiclí nuair is gá**
- **Oifigí mótarchánach a reáchtáil**

Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil trínár dtrí oifig atá lonnaithe go straitéiseach laistigh de Mhaigh Eo.

**01** Caisleán an Bharraigh — *Glenpark, The Mall,*

**02** **Béal an Átha** — Oifigí na Cathrach,

**03** Ionad Cathrach Bhéal an Mhuirthead, Béal an Mhuirthead

Soláthraíonn Mótarcháin Mhaigh Eo seirbhísí teileafóin agus seoladh teagmhála r-phoist - motortax@mayococo.ie.

## BUAICPHOINTÍ 2021

- Bhailigh Mótarcháin Mhaigh Eo €27,339,494 i rith 2021, €22,446,91 ar líne agus €4,892,523 sna trí hoifig.
- Déileáladh le 85.04% de na hidirbhearta mótarchánach ar líne in 2021.

## FIGIÚIRÍ 2021

Chuir an Oifig Mótarchánach **28,318** idirbheart i gcrích in 2021










# 2021

## LÉIRITHE I NGRIANGHRAIF











Comhairle Contae Mhaigh Eo


Tuath Housing


Red Bull
CLIFF DIVING
MAYO
IRELAND


Safeguarding Our Environment



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

**2021**